Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Arna ullmhú ag
an Roinn Iompair
**gov.ie/transport**

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

# Clár ábhar


| | |
|---|---|
| Brollach | 4 |
| Achoimre | 5 |
| Caibidil 1 – Réamhrá | 7 |
| Cuspóir an Bheartais | 8 |
| Tionchar phaindéim Covid-19 | 10 |
| Dúshláin an athraithe aeráide | 10 |
| Treochtaí daonra | 12 |
| Treochtaí iompair | 13 |
| Na ceachtanna a foghlaimíodh | 15 |
| Conas a forbraíodh an Beartas | 16 |
| Caibidil 2 – Ailíniú le beartais atá ann cheana | 17 |
| Réamhrá | 18 |
| Idirnáisiúnta | 18 |
| Eorpach | 19 |
| Náisiúnta | 20 |
| Caibidil 3 – Ár bhFís | 24 |
| Réamhrá | 25 |
| Fís | 25 |
| Prionsabail agus Spriocanna | 25 |
| Spriocanna | 26 |
| Cur chun feidhme, faireachán agus athbhreithniú | 26 |
| Cistiú | 27 |

| | |
|---|---|
| Caibidil 4 – Prionsabal 1: Soghluaisteacht Shábháilte agus Ghlas | 28 |
| Réamhrá | 29 |
| Sábháilteacht | 30 |
| Dícharbónú | 33 |
| An fháil ar shoghluaisteacht inbhuanaithe a mhéadú | 34 |
| Athrú iompraíochta agus bainistíocht éilimh | 40 |
| Caibidil 5 – Prionsabal 2: Soghluaisteacht atá Dírithe ar an Duine | 42 |
| Réamhrá | 43 |
| Cur chuige uilethurais | 45 |
| Dearadh bonneagair | 48 |
| Taighde agus idirchaidreamh le saoránaigh | 52 |
| Grúpa Ceannaireachta | 52 |
| Clár Fionnachtaí | 52 |
| Idirchaidreamh le geallsealbhóirí | 53 |
| An Chomhairle Chomhairleach Údaráis Náisiúnta Iompair | 53 |
| Taighdekll | 55 |
| Caibidil 6 – Prionsabal 3: Soghluaisteacht atá Comhtháite ar Shlí Níos Fearr | 56 |
| Réamhrá | 57 |
| Pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú lena chéile | 58 |
| Soghluaisteacht chliste | 62 |

# Brollach

Leis an mBeartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe, tugtar deis dúinn ár roghanna laethúla taistil a athrú trí é a dhéanamh níos fusa do dhaoine taisteal de mhodhanna níos inbhuanaithe – bíodh siúl rothaíocht nó iompar poiblí i gceist leo. Tá sé mar aidhm leis an mBeartas tacú leis an aistriú modha iompair sin idir seo agus an bhliain 2030 trí fheabhas a chur ar bhonneagar agus ar sheirbhísí agus trí thabhairt faoi bhearta bainistíochta éilimh agus faoi bhearta um athrú iompraíochta. Tá sé sin á dhéanamh d'fhonn roghanna soghluaisteachta níos sláintiúla a spreagadh, plódú tráchta a mhaolú, feabhas a chur ar thimpeallachtaí uirbeacha agus cabhrú le dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide.

Thugamar gealltanas go laghdófaí ár n-astaíochtaí carbóin faoi 51% faoin mbliain 2030 agus go mbainfí aeráidneodracht amach faoin mbliain 2050. Chun laghduithe buana a bhaint amach inár n-astaíochtaí, is gá dúinn athruithe a dhéanamh inár ngnáthshaol laethúil i dtreo iompraíochtaí inbhuanaithe. Forbraíodh an Beartas seo chun cabhrú linn na hathruithe sin a dhéanamh agus, i dteannta an Phlean Gnímh don Aeráid, cuirfear bearta i bhfeidhm leis chun daoine a chumasú agus a spreagadh tuilleadh úsáide a bhaint as soghluaisteacht inbhuanaithe agus turais chairr phríobháidigh a laghdú.

Ghlac an Roinn cur chuige comhoibríoch i leith an Beartas a fhorbairt trí chomhairliúchán poiblí agus trí theagmháil fhairsing le geallsealbhóirí agus le ranna eile rialtais. Tá sé ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus tacaíonn sé le torthaí straitéiseacha an Chreata Náisiúnta Pleanála, go háirithe maidir le dícharbónú, le fás dlúth agus le forbairt réigiúnach níos cothromaithe.

Lenár dtrí phrionsabal um shoghluaisteacht shábháilte agus ghlas; um shoghluaisteacht atá dírithe ar an duine; agus um shoghluaisteacht atá comhtháite ar shlí níos fearr, treorófar soláthar an bheartais maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe thar na deich mbliana romhainn. Is gá dúinn tacú le haistriú amach ó thurais chairr phríobháidigh agus beocht a thabhairt ar ais inár lár bailte agus cathracha. I limistéir uirbeacha go háirithe, leagfar an díriú ar ghluaiseacht inbhuanaithe daoine in ionad ghluaiseacht an chairr phríobháidigh. Aithnímid freisin an gá le feabhas a chur ar roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe i limistéir thuaithe agus nach n-éireoidh le cur chuige 'a oireann do chách'.

Mar thoradh ar chistiú méadaithe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, beimid in ann roghanna siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí a fheabhsú agus a leathnú ar fud na tíre chun rochtain a chumasú ar an oideachas, ar an gcúram sláinte, ar an obair agus ar an saol cultúrtha agus poiblí trí mhodhanna inbhuanaithe taistil. Áireofar leis sin tús a chur le cláir BusConnects inár gcúig chathair, an clár DART+ agus MetroLink a sholáthar i mBaile Átha Cliath, mar aon le hinfheistíocht mhéadaithe sa ghréasán iarnróid idiruirbigh agus réigiúnaigh. Comhlánófar é sin le seirbhísí leathnaithe iompair phoiblí, lena n-áirítear i limistéir réigiúnacha agus thuaithe faoin gclár 'Éire a Nascadh'.

Tacaíonn an Beartas seo freisin le pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú lena chéile ar shlí níos fearr trí chur chuige um fhorbairt tithíochta atá dírithe ar an iompar a ghlacadh. Ní féidir linn a thuilleadh pobail a thógáil atá bunaithe ar úinéireacht carranna. Trí phleanáil chomhtháite níos fearr a dhéanamh, beifear in ann córas iompair phoiblí níos éifeachtaí a sholáthar, rud lena gcuirfear ar chumas daoine aistriú amach ó spleáchas ar charranna.

Ní leor feabhas a chur ar roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe. Tá gá ann freisin le bearta bainistíochta éilimh agus le bearta um athrú iompraíochta a chur chun feidhme chun an t-éileamh laethúil ar thaisteal a bhainistiú ar shlí níos éifeachtúla agus chun an líon turas a thógfar de charr príobháideach a laghdú.

Is é an toradh a bheidh ar Ghrúpa Ceannaireachta a bhunú, ar Grúpa é a ndéanfaidh an Roinn Iompair cathaoirleacht air agus a ndéanfaidh an Coiste Comh-Aireachta um Chomhshaol agus Athrú Aeráide formhaoirseacht air, ná a chinntiú go mbeidh struchtúr láidir cur chun feidhme ann chun soláthar an Bheartais agus an phlean gníomhaíochta a ghabhann leis a bhrú chun cinn. Déanfaimid an plean gníomhaíochta a athbhreithniú agus a athrú chun dáta sa bhliain 2025 chun a chinntiú go leanfaimid ar aghaidh ag díriú ar na bearta cearta chun an rogha roghnaithe don oiread daoine agus is féidir a dhéanamh den siúl, den rothaíocht agus den iompar poiblí.



**Eamon Ryan TD,**
An tAire Iompair





**Hildegarde Naughton TD,**
Aire Stáit ag an Roinn Iompair ar a bhfuil freagracht speisialta maidir le hIompar Idirnáisiúnta agus de Bhóthar agus Lóistíocht



# Achoimre

## Cuspóir an Bheartais

- Chun creat straitéiseach go dtí an bhliain 2030 a leagan amach le haghaidh an taistil ghníomhaigh agus an iompair phoiblí chun tacú le comhlíonadh an cheanglais fhoriomláin atá ar Éirinn laghdú 51% in astaíochtaí carbóin a bhaint amach faoi dheireadh na bhfichidí.

## Spriocanna

- 500,000 turas taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí sa bhreis ar a laghad in aghaidh an lae a sholáthar agus laghdú 10% a sholáthar sa líon ciliméadar a bhítear ag tiomáint i gcarranna faoi thiomáint breoslaí iontaise faoin mbliain 2030, ar aon dul leis na méadrachtaí don iompar atá leagtha amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021[1].

## Tacóimid le Soghluaisteacht Shábháilte agus Ghlas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Leanúint le sábháilteacht na ngréasán siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí atá ann cheana a chosaint agus a chothabháil agus a chinntiú go mbeidh an bonneagar nua soghluaisteachta inbhuanaithe ag comhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta is airde.
- Leanúint le bearta a bhfuil mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sábháilteachta le linn taisteal ar iompar poiblí.
- Forbairt a dhéanamh ar phleananna um shaoráidí do choisithe a bhreisiú agus ar phleananna gréasáin rothaíochta chun an infheistíocht i mbonneagar nua taistil ghníomhaigh a threorú agus bonneagar atá ann cheana a iarfheistiú.
- Na roghanna siúil agus rothaíochta ar fud na tíre a leathnú, lena n-áirítear glasbhealaí.
- An Clár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil a chur i bhfeidhm.
- Na flíteanna iompair phoiblí a aistriú ina bhfeithiclí astaíochtaí ísle agus nialasacha.
- Acmhainn bus agus seirbhísí bus a mhéadú trí na Cláir BusConnects sna cúig chathair, mar atá Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Port Láirge agus Luimneach; trí sheirbhísí feabhsaithe bus baile; agus tríd an gclár 'Éire a Nascadh' i limistéir thuaithe.
- Clár breisithe stadanna bus a fhorbairt le haghaidh seirbhísí réigiúnacha agus tuaithe.
- Feabhas a chur ar an mbonneagar iarnróid sna cúig chathair.
- Agaí turais a laghdú agus iontaofacht a mhéadú ar an ngréasán iarnróid idiruirbigh agus réigiúnaigh.
- Leictriú an ghréasáin iarnróid i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath a leathnú faoin gclár DART+.
- Tús a chur le MetroLink a thógáil i mBaile Átha Cliath.
- Leanúint le tionscadail eile iarnróid éadroim a dhearadh agus a fhorbairt i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, agus breithniú a dhéanamh ar an indéantacht a bhaineann le hiarnród éadrom a sholáthar i nGaillimh.
- An ghluaiseacht iompair i limistéir cheannchathartha agus i lárionaid uirbeacha eile a aistriú amach ón gcarr príobháideach agus i dtreo modhanna taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí.
- Conair a shainaithint le haghaidh bearta oiriúnacha bainistíochta éilimh a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil chun an spleáchas ar an gcarr príobháideach a laghdú.
- Bearta um athrú iompraíochta a leathnú, lena n-áirítear Clár na nÁiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus na gCampas Taistil Níos Cliste agus an clár oiliúna Cycle Right.

[1] Socraíodh na méadrachtaí sin le haghaidh bearta soghluaisteachta inbhuanaithe agus bearta bainistíochta éilimh sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021 agus is féidir go leasófar iad i leaganacha amach anseo den phlean a luaithe a shocrófar uasteorainneacha astaíochtaí earnála.

## Tacóimid le Soghluaisteacht atá Dírithe ar an Duine trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Leanúint le gréasáin siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí atá nua nó atá ann cheana a dhéanamh níos so-rochtana do gach úsáideoir.
- Cur chuige deartha uilíoch a chur chun feidhme le linn bonneagar siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí a dhearadh agus le linn seanbhonneagar a iarfheistiú.
- Struchtúr táillí níos cothromasaí a thabhairt isteach.
- Treoirlínte, caighdeáin agus reachtaíocht tacaíochta atá ann cheana a athbhreithniú, a athrú chun dáta agus a fhorbairt, nuair is gá, chun go mbeifear in ann raon réiteach éagsúil a fhorbairt le haghaidh an spás bóthair a ath-leithdháileadh chun tús áite a thabhairt don siúl, don rothaíocht agus don iompar poiblí.

## Tacóimid le Soghluaisteacht atá Comhtháite ar Shlí Níos Fearr trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cur chuige um fhorbairt tithíochta atá dírithe ar an iompar a ghlacadh.
- Sainaithint a dhéanamh ar limistéir sholáthair tithíochta laistigh d'achar 1 km ó stadanna iompair phoiblí a bhfuil an acmhainneacht fáis is fearr acu.
- Straitéisí iompair limistéir cheannchathartha a sholáthar sna cúig chathair agus pleananna áitiúla iompair a ullmhú le haghaidh na lárionad fáis réigiúnaigh agus na bpríomhbhailte.
- Sainchúram pleanála iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair a leathnú chuig gach ceann de na cúig chathair.
- Creat rialachais a fhorbairt le haghaidh Soghluaisteacht ar Éileamh.

## Tá sé mar aidhm leis an mBeartas feabhas a chur ar an dóigh a Soláthraítear Soghluaisteacht Inbhuanaithe trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta tionlacain go dtí an bhliain 2025 agus ar phlean gníomhaíochta athbhreithnithe agus athraithe chun dáta don tréimhse ón mbliain 2026 go dtí an bhliain 2030.
- Grúpa Ceannaireachta a bhunú chun cur chun feidhme an Bheartais agus soláthar an phlean gníomhaíochta a fhormhaoirsiú agus a bhrú chun cinn, agus clár tionscadal "fionnachtaí" a chomhaontú ar an leibhéal áitiúil.
- Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh bliantúil nua a thabhairt isteach chun an dul chun cinn a thomhas i gcomparáid le spriocanna an Bheartais.
- Fóram Náisiúnta Soghluaisteachta Inbhuanaithe nua a thionól chun ardán a sholáthar le haghaidh idirchaidreamh comhoibríoch le geallsealbhóirí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.
- Dlús a chur leis an idirchaidreamh leis an bpobal maidir leis na tairbhí a bhaineann le soghluaisteacht inbhuanaithe, agus feasacht a mhúscailt ar an bhfáil ar roghanna malartacha ar an gcarr príobháideach.
- Comhairle Chomhairleach nua Údaráis Náisiúnta Iompair a bhunú chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le comhall a fheidhmeanna.
- Líonra taighde iompair a fhorbairt chun tacú le cláir thaighde atá ann cheana agus chun leas a bhaint as an saineolas soghluaisteachta inbhuanaithe atá ar fáil i measc an lucht léinn agus an lucht tionscail in Éirinn agus i dtíortha eile araon.



CAIBIDIL 1

# Réamhrá

# Réamhrá

## Cuspóir an Bheartais

***Leagtar amach sa Bheartas Náisiúnta seo maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe creat go dtí an bhliain 2030 le haghaidh an taistil ghníomhaigh agus an iompair phoiblí chun tacú le comhlíonadh an cheanglais fhoriomláin atá ar Éirinn laghdú 51% in astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoin mbliain 2030. Tá an t-iompar freagrach as thart ar 18% dár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus tá sé ríthábhachtach go gcuirfimid i bhfeidhm faoin mbliain 2030 an bonneagar, na seirbhísí agus na bearta lena ndéanfar níos mó daoine a chumasú agus a spreagadh aistriú chuig modhanna níos inbhuanaithe taistil.***

### Cad is Soghluaisteacht Inbhuanaithe ann?

Is é is soghluaisteacht inbhuanaithe ann ná daoine agus áiteanna a nascadh ar shlí inbhuanaithe trí thacú leis na nithe seo a leanas:

- Turais atá sábháilte, inrochtana, compordach agus ar phraghas réasúnta chuig an mbaile, chuig áiteanna oibre, chuig ionaid oideachais, chuig siopaí agus chuig saoráidí fóillíochta agus amach astu sin.
- Taisteal d'iompar poiblí atá níos glaine agus níos glaise.
- Aistriú amach ón gcarr príobháideach chuig úsáid níos mó a bhaint as modhanna taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí.

### Cad is Taisteal Gníomhach ann?

Is é is taisteal gníomhach ann ná taisteal de shiúl na gcos, de roth nó de rothar mar mhodh iompair chun ceann scríbe ar leith a bhaint amach, lena n-áirítear dul chuig an áit oibre nó chuig na siopaí nó turas a thabhairt ar bhaill teaghlaigh nó ar chairde. Is féidir le taisteal gníomhach an turas ar fad nó codanna den turas a chuimsiú.

Leis an mBeartas seo, cuirtear leis an mbeartas taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí reatha atá leagtha amach sna doiciméid bheartais a foilsíodh sa bhliain 2009 agus tagann sé ina n-ionad. Is iad sin, Taisteal Níos Cliste: Todhchaí Iompair Inbhuanaithe; agus an Creatbheartas Náisiúnta Rothaíochta. Tá a lán athruithe tagtha chun cinn ó foilsíodh na beartais sin i leith agus meastar go dtiocfaidh tuilleadh athruithe fós chun cinn sna fichidí. Tá daonra a bhíonn ag fás agus líon saothair a bhíonn ag méadú ag Éirinn, agus ní mór dúinn freastal ar an bhfás sin ar shlí inbhuanaithe.

Tá an Beartas seo mar chuid de chlár oibre na hÉireann um ghníomhú ar son na haeráide. Cuimsítear ann roinnt gníomhartha comhlántacha atá le fáil sa Phlean Gníomh don Aeráid 2021, lena n-áirítear gníomhartha a bhfuil mar aidhm leo an flít iompair phoiblí a dhícharbónú agus feabhas a chur ar an taisteal gníomhach agus ar an iompar poiblí. Dírítear go príomha sa Bheartas seo ar bhearta a bhfuil mar aidhm leo an taisteal gníomhach agus an t-iompar poiblí a chur chun cinn agus a éascú do chách agus, ar an tslí sin, daoine a spreagadh le níos lú úsáide a bhaint as an gcarr príobháideach sa tír, go háirithe chuig ár gcuid bailte agus cathracha, amach as ár gcuid bailte agus cathracha agus laistigh dár gcuid bailte agus cathracha. Leagtar amach sa Phlean Gníomh don Aeráid 2021 bearta breise a bhfuil mar aidhm leo bearta comhlántacha eile maolaithe iompair a chur chun cinn. Áirítear leo sin an t-aistriú chuig úsáid a bhaint as carranna leictreacha agus úsáid mhéadaithe a bhaint as breoslaí iontaise le haghaidh an iompair. Is é an tionchar carnach a bheidh ag na bearta uile sin ná go soláthrófar córas iompair phoiblí in Éirinn a bheidh níos glaise agus níos glaine.


Mar sin féin, ní hé amháin go mbaineann ríthábhacht le soghluaisteacht shábháilte, ghlas agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn maidir lenár gceangaltais athraithe aeráide a chomhlíonadh, ach is deis í sin freisin le pobail ar fud na tíre a athdhíriú chun go mbeidh siad ina n-áiteanna a bheidh níos dírithe ar an duine agus níos fearr le cónaí iontu. Má chuirtear feabhas ar an mbonneagar siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí agus ar sheirbhísí ina leith, is féidir feabhas a chur ar shláinte agus folláine na saoránach, cáilíocht na beatha a bhreisiú agus fás geilleagrach

a chumasú. Dá bhrí sin, tá an Beartas ag teacht go dlúth freisin le mórcheangaltais maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus leis an Dualgas Earnála Poiblí[2].

Ina theannta sin, beifear in ann tacú le huaillmhianta an Rialtais i réimse an tsoláthair tithíochta má dhéantar an t-iompar agus an fhorbairt tithíochta a chomhtháthú lena chéile ar shlí níos fearr. Is féidir le forbairt atá dírithe ar an iompar an deis a chruthú le hacmhainneacht tailte a úsáid le haghaidh soláthar mórscála tithíochta agus an leas is mó a bhaint as luach na mol iompair atá ann cheana. De bhreis air sin, tá fianaise ann gur rud tábhachtach a bhrúnn aistriú modha iompair chun cinn ar fud an domhain, rud a thacaíonn le comhlíonadh ár gceangaltas athraithe aeráide, é bonneagar iompair phoiblí a thógáil sula dtógtar mórfhorbairtí nua tithíochta nó le linn na forbairtí sin a thógáil.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach riachtanas uirbeach amháin atá i soghluaisteacht inbhuanaithe níos fearr. Is gá dúinn feabhas a chur ar an taisteal gníomhach agus ar an iompar poiblí i limistéir thuaithe freisin, agus an difríocht idir limistéir uirbeacha agus limistéir thuaithe á n-aithint agus aird á tabhairt ar an bhfíric go dteastaíonn réitigh shaincheaptha chun go soláthrófar an t-athrú ó bhonn a theastaíonn i gcineál an iompair in Éirinn.

**Fíor 1:** *Na Tairbhí a bhaineann le Soghluaisteacht Inbhuanaithe*




2 www.ihrec.ie/our-work/public-sector-duty/

## Tionchar phaindéim Covid-19

Bhí tionchar ollmhór ag paindéim COVID-19 ar ár bpatrúin taistil, áit ar tháinig bunathrú láithreach ar ár stíleanna maireachtála agus ar ár gcleachtais oibre. Mar thoradh ar na diansrianta taistil a tugadh isteach agus ar an méadú sa líon daoine a bhí i mbun cianoibre sa bhliain 2020, bhí laghduithe suntasacha ann sa líon carranna príobháideacha a bhí ar na bóithre, go háirithe le haghaidh comaitéireachta. Tháinig meath géar ar an líon paisinéirí ar iompar poiblí freisin de bharr na srianta toillte a cuireadh i bhfeidhm agus de bharr an lín mhéadaithe daoine a bhí i mbun cianoibre. Ag an am céanna, tháinig méadú ar an líon daoine a bhí ag siúl agus ag rothaíocht toisc gur fhág an méid laghdaithe tráchta ar na bóithre agus na srianta ar thurais fad-achair gur spreagadh daoine le gluaiseacht timpeall a limistéir áitiúil ar shlí dhifriúil. Meastar nár laghdaíodh astaíochtaí iompair sa bhliain 2020 ach faoi 16%[3] i gcomparáid le leibhéil na bliana 2019 de bharr na n-athruithe sin ar phatrúin taistil.  Is léiriú é sin ar scála an dúshláin atá romhainn maidir le laghdú 51% in astaíochtaí iompair a bhaint amach faoin mbliain 2030.

Ní eol na tionchair fhadtéarmacha a bheidh ag an bpaindéim ar an éileamh taistil. Mar sin féin, is dócha go bhfanfaidh leibhéil mhéadaithe chianoibre i bhfeidhm, rud a dhéanfaidh difear do na patrúin thraidisiúnta chomaitéireachta agus a d'fhéadfadh cineál an éilimh taistil amach anseo go ginearálta a athrú. Tá sé mar aidhm le 'Cianobair a Chumasú: An Straitéis Náisiúnta maidir le Cianobair' cianobair a dhéanamh ina rogha bhuan don saol tar éis na paindéime. Tugtar gealltanas sa straitéis sin go mbeidh an obair ón mbaile agus an chianobair ar an ngnáthrud do 20% d'fhostaithe earnála poiblí.  Is féidir go mbeidh cleachtais leantacha chianoibre mar chúis le laghdú i ndaonra ár gcathracha agus ár mbailte móra le linn an lae toisc go mbeidh líon níos ísle oibrithe ag comaitéireacht chuig na príomh-lárionaid fostaíochta. D'fhéadfadh go ndéanfadh cianobair difear do phatrúin lonnaíochta freisin toisc gur féidir léi cur ar chumas oibrithe ar fud tionscail agus earnálacha áirithe leas a bhaint as raon méadaithe láithreacha le cónaí iontu.  Tugtar gealltanas in 'Cianobair a Chumasú' go ndéanfar tuilleadh infheistíochta i moil chianoibre chun a chinntiú go mbeidh siad lonnaithe in áiteanna a bheidh oiriúnach d'oibrithe agus gar do shaoráidí cúraim leanaí. Má dhéantar na moil chianoibre sin a ailíniú leis an mbonneagar siúil agus rothaíochta, d'fhéadfadh go dtacófaí le hathghiniúint bailte agus leis an gcur chuige um Thús Áite do Lár Bailte.

Tá sé tábhachtach, áfach, go dtacaíonn cleachtais chianoibre le dlúthfhás ar aon dul le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála agus nach mbeidh siad ina gcúis le sraoilleáil mhéadaithe chuig limistéir a mbeadh sé doiligh freastal orthu le naisc éifeachtacha soghluaisteachta inbhuanaithe. Aimsíodh i dtaighde idirnáisiúnta gur féidir nach dtiocfaidh laghduithe sa taisteal foriomlán as an gcianobair toisc gur féidir leis an gcianobair an líon turas nach turais chomaitéireachta iad a mhéadú[4] agus go bhféadfadh sí an gá le cónaí a bheith ar dhuine gar don áit oibre a laghdú san fhadtéarma. Leag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta béim ar a thábhachtaí atá pleanáil úsáide talún le linn an beartas cianoibre a bhreithniú[5]. Measann sí gur féidir leas a bhaint as anailís chúramach ar rialacháin le haghaidh forbairtí nua chun a chinntiú nach leathnófar limistéir ísealdlúis, rud a fhágann go bhfuil sé doiligh líonraí dlútha ilmhódacha iompair a fhorbairt agus go méadaítear achair thaistil agus an spleáchas ar charranna.

Is féidir freisin go mbeidh tionchar ar ghnéithe den éileamh taistil amach anseo ag an bhfás sa mhiondíoltóireacht ar líne agus ag cineál éigin teagaisc ar líne a bheith á leanúint ag scoileanna agus ag coláistí. Ar ndóigh, is ann do lear riachtanas eile taistil laethúil, anuas ar an gcomaitéireacht, ar an oideachas agus ar an miondíoltóireacht, a dhéanann difear don éileamh taistil agus nach mór freastal orthu. Teastaíonn infheistíocht leantach a dhéanamh i dtionscadail siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí chun tacú le taisteal áitiúil agus/nó chun nascacht a sholáthar do shaoránaigh ar mian leo tabhairt faoi raon leathan gníomhaíochtaí laethúla.

## Dúshláin an athraithe aeráide

Aithnítear gurb é an t-athrú aeráide an dúshlán is mó atá roimh an domhan. Ar aon dul le huaillmhianta an Aontais Eorpaigh, thug Éire gealltanas go mbainfeadh sí laghdú 51% amach in astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa faoin mbliain 2030 i gcomparáid le leibhéil na bliana 2018.  Ós rud é gur féidir thart ar

[3] www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/air-emissions/Irelands-Provisional-Greenhouse-Gas-Emissions-report-1990-2020_finalv2.pdf

[4] http://dx.doi.org/10.1016/j.trpro.2017.07.021

[5] www.oecd.org/environment/transport-strategies-for-net-zero-systems-by-design-0a20f779-en.htm

18% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann a chur síos don iompar , ní mór don earnáil ról lárnach a imirt in iarrachtaí na hÉireann dícharbónú a dhéanamh.  Bhí an t-iompar de bhóthar freagrach as 94% d'astaíochtaí iompair sa bhliain 2020 agus tá sé freagrach go díreach as lear truailleán aeir a dhéanann difear diúltach do shláinte an duine agus don chomhshaol araon.  Is féidir leis an iompar na leibhéil torainn, an líon imbhuailtí agus an plódú a mhéadú, rud ar féidir leis cáilíocht na beatha a laghdú, taisteal gníomhach a dhíspreagadh, agus a fhágáil go gcailleann an tsochaí na céadta milliúin euro in aghaidh na bliana as am neamhtháirgiúil.


Tá úsáid an chairr phríobháidigh ar an modh ceannasach iompair fós, agus é freagrach as thart ar 54% d'astaíochtaí ó iompar de bhóthar sa bhliain 2020. Tháinig méadú 13% ar astaíochtaí ón earnáil iompair idir an bhliain 2012 agus an bhliain 2019. Bhí astaíochtaí ó iompar de bhóthar taobh thiar d'fhormhór an fháis sin. Is gnách go dtagann fás nó meath ar an earnáil iompair de réir mar a thagann fás nó meath ar an ngeilleagar.  Ós rud é gur tháinig fás ar gheilleagar na hÉireann le blianta beaga anuas, tháinig méadú ar úsáid iompair agus ar astaíochtaí freisin, agus is gá dúinn deireadh a chur leis an nasc idir an fás geilleagrach agus úsáid mhéadaithe carranna.

Maidir lenár gcur chuige beartais i leith earnáil iompair níos inbhuanaithe a bhaint amach, tá sé bunaithe ar an bprionsabal 'Seachain, Aistrigh agus Feabhsaigh' agus ar bhearta a chur chun feidhme chun na gcríoch seo a leanas:

- **Seachain:** An líon turas agus achar na dturas a laghdú..
- **Aistrigh:** Aistriú chuig modhanna iompair atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, lena n-áirítear siúl, rothaíocht nó úsáid a bhaint as iompar poiblí.
- **Feabhsaigh:** Teicneolaíochtaí éifeachtúla breosla agus feithicle a chur chun cinn.


Beidh orainn dlús a chur leis an gcur chuige sin má táimid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an athraithe aeráide agus chun ár spriocanna uaillmhianacha a chomhlíonadh.  Tá an dúshlán chomh mór sin nach mbeimid in ann ár sprioc um astaíochtaí a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030 a bhaint amach ach amháin trí athrú ó bhonn a dhéanamh ar chineál an iompair. Chun cabhrú lenár sprioc dhúshlánach a chomhlíonadh, beidh sé riachtanach soláthar an bhonneagair taistil ghníomhaigh a mhéadú, acmhainn an iompair phoiblí agus seirbhísí iompair phoiblí a mhéadú – lena n-áirítear aistriú chuig flíteanna astaíochtaí ísle agus nialasacha – agus bearta athraithe iompraíochta agus bearta bainistíochta éilimh a chur chun feidhme.

**Fíor 2:** *Staitisticí aeráide agus spriocanna aeráide*




[6] www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/air-emissions/Irelands-Provisional-Greenhouse-Gas-Emissions-report-1990-2020_finalv2.pdf

**Fior 3:** *An Prionsabal 'Seachain, Aistrigh agus Feabhsaigh'*




## Treochtaí daonra

Tá sé réamh-mheasta go mbeidh daonra na hÉireann cothrom le 5.7 milliún duine faoin mbliain 2040, ar méadú é ón daonra sa bhliain 2021, a measadh a bheith cothrom le cúig mhilliún duine. Tá gá réamh-mheasta ann le 550,000 teach sa bhreis agus le geilleagar a thacóidh le thart ar 660,000 post sa bhreis. Leagtar spriocanna amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála chun déileáil leis an bhfás daonra sin ar fud ár dtrí réigiún – Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre; Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair; agus Réigiún an Deiscirt – agus ar fud ár gcúig chathair, mar atá Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge.

Aithnítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála go dteastóidh infheistíocht shuntasach sa taisteal gníomhach agus san iompar poiblí araon má táthar chun na spriocanna sin a bhaint amach. Anuas ar thacú le fás Bhaile Átha Cliath amach anseo, socraítear spriocanna uaillmhianacha fáis sa Chreat Náisiúnta Pleanála do Chathair Chorcaí, do Chathair na Gaillimhe, do Chathair Luimnigh agus do Chathair Phort Láirge chun a chinntiú go bhfásfaidh na ceithre chathair sin ar luas atá dhá oiread níos gasta ná an luas ar a bhfásfaidh Baile Átha Cliath. Is féidir le soghluaisteacht inbhuanaithe fheabhsaithe sna cathracha a bheith ina príomhchumasóir fáis agus tacú le cáilíocht beatha níos fearr do chách, anuas ar thacú le tithíocht a sholáthar trí chur chuige um fhorbairt atá dírithe ar an iompar.

### Cad is forbairt atá dírithe ar an iompar ann? [7]

Is é is forbairt atá dírithe ar an iompar ann ná cineál forbartha uirbí a bhfuil mar aidhm leis uasmhéadú a dhéanamh ar an soláthar tithíochta, fostaíochta, seirbhísí poiblí agus spás fóillíochta i ndlúthchóngar do sheirbhísí iompair atá ar ardchaighdeán agus a sholáthraítear ar bhonn minic. Is cineál forbartha é atá níos áisiúla d'úsáideoirí iompair phoiblí, do rothaithe agus do choisithe agus tá sé mar aidhm leis turais de charr a thiontú ina dturais d'iompar poiblí agus d'iompar gníomhach. Is é an toradh a bhíonn air sin ná go gcuirtear feabhas ar an tsoghluaisteacht agus ar dhálaí comhshaoil agus go soláthraítear forbairt uirbeach atá níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe.

[7] www.nesc.ie/work-programme/land-use-land-value-urban-development/transport-oriented-development/

Gan na cúig chathair a áireamh, socraítear sprioc sa Chreat Náisiúnta Pleanála gur sna lárionaid réigiúnacha (Baile Átha Luain, Droichead Átha, Dún Dealgan, Leitir Ceanainn agus Sligeach), sna bailte, sna sráidbhailte agus sna limistéir thuaithe a bhainfear 50% den fhás inbhuanaithe amach. Cónaíonn thart ar 37%[8] de dhaonra na hÉireann i limistéir thuaithe a imríonn ról lárnach inár bhféiniúlacht náisiúnta a shainiú agus i dtacú lenár ngeilleagar agus lenár gcomhshaoil ardchaighdeáin. Dar leis an bPhríomh-Oifig Staidrimh, is lonnaíocht tuaithe í lonnaíocht ina gcónaíonn níos lú ná 1,500 duine. Aithnítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála an tionchar dearfach is féidir le roghanna feabhsaithe agus nasctha soghluaisteachta inbhuanaithe a bheith acu ar phobail tuaithe, go háirithe do dhaoine scothaosta atá ina gcónaí i limistéir iargúlta.

Anuas ar dheireadh a chur leis an nasc idir an fás geilleagrach agus úsáid an chairr, is gá dúinn deireadh a chur leis an nasc idir astaíochtaí méadaithe iompair agus an t-éileamh taistil ónár ndaonra méadaitheach. Má táimid chun ár spriocanna athraithe aeráide a chomhlíonadh, beidh orainn ár n-astaíochtaí iompair a laghdú ar ráta a bheidh níos airde ná an méadú san éileamh taistil.


Tá againn freisin daonra atá ilchineálach agus ag dul in aois. I dteannta tacú le spriocanna fáis an Chreata Náisiúnta Pleanála, is gá dúinn a chinntiú go bhfreastalóidh roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe ar riachtanais na n-earnálacha uile dár sochaí agus go mbeidh siad ar fáil do gach duine, beag beann ar chumas, ar aois, ar eitneacht, ar inscne, ar ioncam agus ar ghnéasacht.

## Treochtaí iompair

Is ann do roinnt foinsí sonraí ina sainaithnítear treochtaí iompair amhail conas agus cén uair a thaistealaíonn daoine, cén fáth a dtaistealaíonn daoine, achar na dturas, fad ama na dturas agus difríochtaí geografacha. Baintear leas astu sin chun eolas a dhéanamh don bheartas iompair agus is bonnlíne iad le haghaidh faireachán a dhéanamh ar an aistriú modha iompair agus ar an úsáid atá á baint as soghluaisteacht inbhuanaithe.

Déantar an Suirbhé Náisiúnta Taistil[9] de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh gach trí bliana. Féachtar ann ar na turais uile a thógann daoine os cionn 18 mbliana d'aois agus tugtar léargas cuimsitheach ann ar ár riachtanais taistil, in ionad an díriú a leagan ar thurais chomaitéireachta amháin. Is díol suntais go léirítear sa Suirbhé Náisiúnta Taistil gurbh amhlaidh, fiú sular tháinig paindéim COVID-19 chun cinn, go raibh comaitéireacht chun na hoibre freagrach as níos lú ná 25% de thurais. I gcomhthéacs ár ndúshláin aeráide, dá bhrí sin, tá sé soiléir gur gá dúinn díriú ar na dóigheanna is fearr ar féidir freastal ar riachtanais taistil na saoránach ar fud an lae agus ar raon leathan cúiseanna. D'fhéadfadh go bhfágfadh an bhéim athraithe sin go dteastódh modhanna nua le haghaidh féachaint ar conas agus cén uair a sholáthraímid seirbhísí iompair phoiblí agus ar cén áit a soláthraímid iad. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach n-áirítear leis an Suirbhé Náisiúnta Taistil na turais uile a thógann an pobal daltaí agus mac léinn ina iomláine toisc nach ndéantar suirbhé ach amháin ar dhaoine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine. Áirítear turais chompánaigh leis, áfach, ar turais iad ar féidir go mbeidh turais chun duine a thionlacan chuig ionad oideachais nó é nó í a bhailiú uaidh i gceist leo.

**Fíor 4:** *Na fáthanna a dtaistealaímid*




- Obair 24%
- Oideachas 3%
- Siopadóireacht 21%
- Le hithe nó le hól 4%
- Cuairt a thabhairt ar bhaill teaghlaigh/chairde 10%
- Siamsaíocht/fóillíocht/spórt 9%
- Gnó pearsanta 5%
- Turas mar chompánach/choimhdire 20%
- Eile 4%

Tá na figiúirí slánaithe go dtí an céatadán is gaire
*Foinse: Suirbhé Náisiúnta Taistil 2019 ón bPríomh-Oifig Staidrimh*


8 www.cso.ie/en/census/census2016reports/
9 www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-nts/nationaltravelsurvey2019/

Tá úsáid an chairr phríobháidigh ar an modh taistil is coitianta fós, agus é freagrach as 74% de na turais uile. I gcomparáid leis sin, tógtar 14% de thurais de shiúl na gcos, tógtar 2% díobh de rothar agus tógtar 7% díobh de bhus agus d'iarnród. Tá difríochtaí geografacha ann sna figiúirí náisiúnta sin, áit a bhfuil difríochtaí soiléire le fáil idir limistéir uirbeacha agus limistéir thuaithe sa líon turas a thógtar de thaisteal gníomhach, de bhus agus d'iarnród. Ní nach ionadh, tá úsáid an chairr phríobháidigh níos neamhchoitianta i limistéir uirbeacha agus is airde ná an meán náisiúnta atá an líon turas a thógtar de shiúl na gcos, de rothar, de bhus agus d'iarnród sna limistéir sin. De bharr ár bpatrúin lonnaíochta scaipthe, is airde ná an meán náisiúnta atá úsáid an chairr phríobháidigh i limistéir thuaithe, agus tógtar faoi líon i bhfad níos ísle turas de thaisteal gníomhach, de bhus agus d'iarnród sna limistéir sin.

Sa bhliain 2019, ba de charr príobháideach a tógadh geall le 57% de thurais a bhí níos lú ná dhá chiliméadar ar fad. Bhí turais de shiúl na gcos nó de rothar freagrach as thart ar 40% díobh thar an achar céanna. Is léiriú é sin ar an dúshlán atá i gceist le hiompraíocht taistil a athrú agus le daoine a spreagadh le turais a thógáil de thaisteal gníomhach agus d'iompar poiblí in ionad iad a thógáil de charr príobháideach, go háirithe i gcás turas gearr. Aithnímid gurb amhlaidh, i gcás roinnt limistéar tuaithe iargúlta agus i gcás roinnt turas fada, nach rogha inmharthana i ngach cás é turais a thógáil de thaisteal gníomhach agus d'iompar poiblí. Chuige sin, áirítear leis an bPlean Gnímh don Aeráid 2021 bearta a bhfuil mar aidhm leo an glacadh le feithiclí leictreacha agus le feithiclí astaíochtaí ísle a chur chun cinn i gcás gur gá turais a thógáil de charr.

Chun léargas níos cuimsithí a ghnóthú ar threochtaí iompair, tá sé úsáideach freisin an Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh10 atá déanta ag an Údarás Náisiúnta Iompair gach cúig bliana go dtí seo a chur san áireamh. Leis an Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh, tugtar sonraí chun tacú le freagrachtaí reachtúla an Údaráis Náisiúnta Iompair maidir le pleanáil straitéiseach iompair ar mhaithe le sonraí taistil a sholáthar le haghaidh a shamhlacha réigiúnacha iompair a athrú chun dáta agus le haghaidh uirlisí breise samhaltaithe iompair a fhorbairt. Bhí na fionnachtana ón Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh don bhliain 2017 ag teacht le roinnt de na príomhfhionnachtana ó Shuirbhé Náisiúnta Taistil na Príomh-Oifige Staidrimh don bhliain 2019, lena n-áirítear go n-úsáideann daoine in Éirinn

**Fíor 5:** *Conas a thaistealaímid*




Tá na figiúirí slánaithe go dtí an céatadán is gaire
*Áirítear leis an gcatagóir 'Leoraí/gluaisrothar/feithicil eile' leoraithe, veaineanna, gluaisrothair agus modhanna eile iompair, lena n-áirítear feithiclí soghluaisteachta leictreacha pearsanta amhail scútair leictreacha, cláir scátála leictreacha, feithiclí Segway, cláir fholuaineacha agus aonrothaigh leictreacha.
*Foinse: Suirbhé Náisiúnta Taistil 2019 ón bPríomh-Oifig Staidrimh*

[10] www.nationaltransport.ie/wp-content/uploads/2020/09/National_Household_Travel_Survey_2017_Report_-_December_2018.pdf

an carr le haghaidh seacht gcinn as gach deich dturas a thógann siad. Bhí cosúlacht ann sna difríochtaí geografacha freisin, áit a raibh an carr príobháideach freagrach as 62% de thurais sna cathracha réigiúnacha, mar atá Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge, i gcomparáid le hé a bheith freagrach as breis agus 80% de thurais i limistéir thuaithe.

Bhí difríocht ann sna suirbhéanna ó thaobh an lín turas de shiúl na gcos agus de rothar de. Léiríodh sa Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh go raibh turais de shiúl na gcos agus de rothar freagrach as 18% agus 3% faoi seach de thurais, i gcomparáid le 14% agus 1.5% faoi seach sa Suirbhé Náisiúnta Taistil. Léiríodh céatadán i bhfad níos airde de thurais oideachais (23%) sa Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh don bhliain 2017, i gcomparáid leis an bhfigiúr 3% sa Suirbhé Náisiúnta Taistil. Eascraíonn sé sin as daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois a eisiamh ón Suirbhé Náisiúnta Taistil agus as an gcéatadán ard de thurais chompánaigh (20%), a bhfuil leanbh a thionlacan chuig ionad oideachais nó amach as i gceist le han-chuid díobh.

Forbróidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh bliantúil nua, ag déanamh forbairt dó ar an taithí atá gnóthaithe aige tríd an suirbhé cúig bliana reatha, chun an dul chun cinn a thomhas i gcomparáid le spriocanna an Bheartais seo.

## Na ceachtanna a foghlaimíodh

Rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta Athbhreithniú Feidhmíochta Comhshaoil[11] ar Éirinn sa bhliain 2021 chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh againn ar ár gcuspóirí comhshaoil agus forbartha inbhuanaithe a bhaint amach agus chun moltaí beartais a dhéanamh chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht. D'iarr an Roinn Iompair ar an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta caibidil ar leith ar shoghluaisteacht inbhuanaithe a chur ar áireamh chun dearcadh idirnáisiúnta a sholáthar agus chun cabhrú leis an athbhreithniú ar an mbeartas soghluaisteachta inbhuanaithe go ginearálta. Thángthas ar an gconclúid san athbhreithniú ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta go bhfuil brúnna méadaitheacha comhshaoil ag gabháil le patrúin soghluaisteachta agus le treochtaí soghluaisteachta in Éirinn. Moladh ann go ndéanfaí rialacháin phleanála a fhorfheidhmiú ar shlí níos fearr chun a chinntiú go gcuirfear lonnaíochtaí a bhfuil rochtain réidh acu ar naisc iompair chun cinn i ngach forbairt agus go n-áireofar leo gréasán bealaí sábháilte siúil agus rothaíochta. Measadh san athbhreithniú freisin go bhfuil dreasachtaí níos fearr ag teastáil chun an t-éileamh taistil a bhainistiú.

Measúnaíodh san athbhreithniú ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta an dóigh a raibh Taisteal Níos Cliste: Todhchaí Iompair Inbhuanaithe á chur chun feidhme. Foilsíodh an doiciméad beartais sin sa bhliain 2009 agus leagtar amach ann an beartas náisiúnta maidir leis an iompar thar an tréimhse ón mbliain 2009 go dtí an bhliain 2020. Áiríodh 49 ngníomh le Taisteal Níos Cliste agus sainaithníodh ann roinnt príomhspriocanna chun dlús a chur leis an aistriú modha iompair ó úsáid an chairr phríobháidigh chuig modhanna níos inbhuanaithe. Bhí sé mar uaillmhian uileghabhálach leis an mbeartas an sciar iomlán de na turais chomaitéireachta ar fad atá ag an gcomaitéireacht de charr a laghdú ó 65% go 45%. Mar sin féin, léirítear i sonraí Daonáirimh go ndeachaigh an sciar de thurais de charr thar 65% sna deich mbliana atá imithe thart. I meastóireacht ar stádas na 49 ngníomh in Taisteal Níos Cliste, rud a rinneadh mar chuid d'fhorbairt an Bheartais nua seo, catagóiríodh gach gníomh trí úsáid a bhaint as stádas Dearg, Ómra nó Glas chun a stádas cur chun feidhme a chur in iúl. Ba é an bhrí le Dearg ná go ndearnadh beagán dul chun cinn nó nach ndearnadh aon dul chun cinn substainteach; ba é an bhrí le hÓmra ná go ndearnadh roinnt dul chun cinn substainteach; agus ba é an bhrí le Glas ná go ndearnadh dul chun cinn substainteach nó go bhfuil an gníomh á chur chun feidhme. Sa mheastóireacht, sainaithníodh 13 cinn de ghníomhartha/de pháirtghníomhartha a bheith Glas, sainaithníodh 30 ceann díobh a bheith Ómra agus sainaithníodh sé cinn díobh a bheith Dearg.

Tráth a foilsíodh Taisteal Níos Cliste sa bhliain 2009, bhí Éire ag dul faoi ghéarchéim gheilleagrach agus airgeadais. Mar thoradh air sin, laghdaíodh an cistiú d'infheistíocht chaipitil ábhartha i mbonneagar soghluaisteachta inbhuanaithe faoi 60%, beagnach, idir an bhliain 2009 agus an bhliain 2013. Is cinnte go ndearna sé sin difear don soláthar sna luathchéimeanna den bheartas. Méadaíodh an cistiú sa bhliain 2014. Mar sin féin, níor tugadh méaduithe marthanacha ó bhliain go bliain ar ais go dtí gur foilsíodh an Plean Forbartha Náisiúnta sa bhliain 2018.

Thángthas ar an gconclúid san athbhreithniú ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta gur tháinig an teip an t-aistriú modha iompair a

[11] www.oecd.org/ireland/oecd-environmental-performance-reviews-ireland-2021-9ef10b4f-en.htm

beartaíodh in Taisteal Níos Cliste a bhaint amach chun cinn toisc nach raibh aon struchtúr éifeachtach cur chun feidhme ann. Measadh ann freisin nár cuireadh i bhfeidhm na gníomhartha a theastaíonn chun na spriocanna a bhaint amach agus nach raibh aon chomhordú ar bun le ranna ábhartha rialtais chun an beartas a chur chun feidhme. Leagadh béim san athbhreithniú ar a thábhachtaí atá sé go nglacfaí plean soiléir cur chun feidhme lena ngabhfaidh spriocanna idirmheánacha agus deiridh, buiséid agus freagrachtaí, agus ar ghá lena chinntiú go gcuirfidh gach comhlacht rialtais an beartas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun aon spriocanna comhaontaithe beartais a bhaint amach. D'imir saineolas an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta agus moltaí an athbhreithnithe ról tábhachtach i bhforbairt an Bheartais seo maidir le hidirdhealú a dhéanamh idir na spriocanna ardleibhéil atá leagtha amach sa chreat beartais agus an díriú níos idirmheánaí a bunaíodh trí fhorbairt an phlean gníomhaíochta (cur chun feidhme) lena sholáthar faoin mbliain 2025. Tá tréimhsí ama an Bheartais agus an phlean gníomhaíochta atá ag gabháil leis ag teacht le tréimhsí ama an Phlean Forbartha Náisiúnta chun bonn láidir airgeadais a thabhairt le ceangaltais a chomhlíonadh. Sannadh feidhmeanna úinéireachta agus tacaíochta go soiléir do ranna ábhartha agus do chomhlachtaí ábhartha freisin, agus bunófar Grúpa Ceannaireachta chun a chinntiú go gcuirfear an Beartas i bhfeidhm go comhsheasmhach agus chun an soláthar a fhormhaoirsiú.

## Conas a forbraíodh an Beartas


Tá dlúthnasc ag an mbeartas maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe le réimsí eile beartais, lena n-áirítear an t-oideachas, an comhshaol, an tsláinte, an infheistíocht, an phleanáil agus an cuimsiú sóisialta, agus glacadh cur chuige comhoibríoch i leith fhorbairt an Bheartais.

Cuireadh fóram comhchéime ar siúl sa bhliain 2018, ar lena linn a bhí geallsealbhóirí in ann tuairimí a mhalartú ar shaincheisteanna éagsúla atá ábhartha don earnáil soghluaisteachta inbhuanaithe, lena n-áirítear dúshláin fhéideartha agus tosaíochtaí atá ag teacht salach ar a chéile agus ar dóigh dóibh teacht chun cinn sa todhchaí. Agus an plé sin á úsáid aici mar bhonn eolais, d'fhorbair an Roinn Iompair tacar cuimsitheach páipéar cúlra inar cumhdaíodh téamaí éagsúla. Foilsíodh na páipéir sin ansin mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí a seoladh ag deireadh na bliana 2019. Cuireadh ócáid bhreise idirchaidrimh le geallsealbhóirí ar siúl ag an am sin, mar aon le hidirchaidreamh a dhéanamh leis na comhaltaí de na trí thionól réigiúnacha.

Fuarthas breis agus 250 aighneacht ó dhaoine agus eagraíochtaí san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus san earnáil neamhbhrabúis mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí. Pléadh raon leathan téamaí sna haighneachtaí sin.

Ag teacht sna sála ar athbhreithniú ar na haighneachtaí a fuarthas, foilsíodh tuarascáil ar an gcomhairliúchán poiblí ar shuíomh Gréasáin na Roinne Iompair agus rinneadh tuilleadh idirchaidrimh dhéthaobhaigh le ranna eile rialtais, le comhlachtaí Stáit, le grúpaí tathanta, le grúpaí gnó, le hionadaithe do dhaoine faoi mhíchumas agus le daoine den lucht léinn. Rinne an t-idirchaidreamh fairsing sin le geallsealbhóirí difear mór d'fhorbairt an chreata Beartais agus an phlean gníomhaíochta.

**Fíor 6:** *Miondealú ar aighneachtaí chuig an gcomhairliúchán poiblí de réir téama*





CAIBIDIL

2

# Ailíniú le beartais atá ann cheana

# Réamhrá

***De bharr an phríomhróil atá aige i gcuspóirí athraithe aeráide a chomhlíonadh agus i dtacú le soláthar tithíochta agus de bharr na dtairbhí geilleagracha, sláinte agus sóisialta a ghabhann leis, ní féidir an beartas maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe a bhreithniú ina aonar. Forbraíodh an Beartas seo ar shlí go mbeadh sé ailínithe le beartais agus creataí eile ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta agus go gcomhlánódh sé iad.***

## Idirnáisiúnta




### *Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe*

Sa bhliain 2015, ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe Clár Oibre 2030 d'Fhorbairt Inbhuanaithe. Is é atá i gceist leis ná plean gníomhaíochta do dhaoine, don phláinéad agus don rathúnas agus tá feidhm aige maidir le tíortha forbartha agus le tíortha i mbéal forbartha araon. Is ar na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe agus ar an 169 bhfosprioc a ghabhann leo a leagtar díriú Chlár Oibre 2030. Is ceangailte le chéile atá gach ceann de na spriocanna agus tugtar aghaidh leo ar dhúshláin chomhshaoil, gheilleagracha agus shóisialta.


Tá ailíniú ann idir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus spriocanna ardleibhéil an Bheartais seo i réimsí amhail Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 3: Dea-Shláinte agus Dea-Fholláine; Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 7: Fuinneamh Inacmhainne Glan; Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 9: An Tionsclaíocht, an Nuálaíocht agus an Bonneagar; Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 11: Cathracha Inbhuanaithe agus Pobail Inbhuanaithe; Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12: Tomhaltas Freagrach agus Táirgeadh Freagrach; agus Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 13: Gníomhú ar son na hAeráide.

### *Comhaontú Pháras*




Glacadh Comhaontú Pháras i mí na Nollag 2015. Leagtar creat domhanda amach ann chun athrú aeráide contúirteach a sheachaint trí théamh domhanda a theorannú go leibhéal i bhfad níos ísle ná 2°C agus iarracht a dhéanamh é a theorannú go 1.5°C. Aidhm eile atá leis is ea cur le cumas na dtíortha chun déileáil le tionchair an athraithe aeráide agus tacaíocht a thabhairt dóibh ina gcuid oibre ina leith. Shínigh Éire Comhaontú Pháras sa bhliain 2016. Chun spriocanna an chomhaontaithe a bhaint amach, teastóidh dianchlár dícharbónaithe ar fud tíortha, lena n-áirítear san earnáil iompair, agus í ar cheann de na cúiseanna is mó le hastaíochtaí carbóin. Tacaíonn an Beartas seo le spriocanna an Chomhaontaithe trí bhearta a bhfuil mar aidhm leo an flít iompair phoiblí a dhícharbónú agus aistriú modha iompair chuig modhanna inbhuanaithe taistil a spreagadh.

### *An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta – Dearcadh na folláine*




D'fhorbair an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta próiseas ar a dtugtar 'dearcadh na folláine' chun cabhrú le rialtais an t-athrú ó bhonn a theastaíonn chun spriocanna idirnáisiúnta aeráide a bhaint amach a dhéanamh, agus feabhas á chur ar na mórthorthaí folláine ag an am céanna. Sa tuarascáil dar teideal 'Transport Strategies for Net-Zero Systems by Design' a d'fhoilsigh an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta sa bhliain 2021, cuirtear an próiseas folláine i bhfeidhm maidir leis an earnáil iompair. Leis sin, cuirtear leis an tuarascáil dar teideal 'Accelerating Climate Action' a foilsíodh sa bhliain 2019 agus tugtar spreagadh do thíortha an gníomhú ar son na haeráide a dhíriú ar chórais a sholáthar atá deartha chun folláine a fheabhsú, agus iad ag úsáid níos lú fuinnimh agus níos lú ábhar agus ag táirgeadh níos lú astaíochtaí. Sainaithnítear sa tuarascáil trí dhinimic atá taobh thiar den spleáchas ar charranna agus d'astaíochtaí arda: éileamh spreagtha, sraoilleáil uirbeach, agus creimeadh modhanna iompair ghníomhaigh agus chomhroinnte. Tugtar moltaí beartais sa tuarascáil freisin ar mhaithe leis an dinimic sin a aisiompú agus le hastaíochtaí a laghdú. Áirítear leo sin athdhearadh sráideanna agus bainistíocht fheabhsaithe spásanna poiblí; pleanáil spáis atá dírithe ar ghaireacht a chruthú; agus beartais a bhfuil mar aidhm leo soghluaisteacht chomhroinnte a phríomhshruthú.

Cuirfear dearcadh na folláine i bhfeidhm maidir leis an earnáil iompair paisinéirí in Éirinn mar chuid de thionscadal atá le déanamh ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta sa bhliain 2022 don Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide. Is é atá sa Chomhairle ná comhlacht comhairleach neamhspleách a bhfuil de ról aige eolas a dhéanamh do fhreagairt na hÉireann don athrú aeráide agus an fhreagairt sin a mhúnlú, mar aon le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an Rialtas ar a spriocanna aeráide a bhaint amach. Sa tionscadal a dtabharfaidh an Eagraíocht um Chomhar

agus Forbairt Eacnamaíochta faoi, breithneofar limistéir uirbeacha agus limistéir thuaithe araon, agus aird ar leith á tabhairt ar na breithniúcháin cheartais aeráide i limistéir thuaithe.

## Eorpach

### *An Comhaontú Glas don Eoraip agus Straitéis an Aontais Eorpaigh um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste*




D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú Glas don Eoraip sa bhliain 2019 agus is treochlár é le haghaidh geilleagar an Aontais Eorpaigh a dhéanamh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Leagtar amach ann na gníomhartha agus na spriocanna a theastaíonn chun an chéad mhór-roinn aeráidneodrach riamh a dhéanamh den Eoraip faoin mbliain 2050. Mar chéim idirmheánach i dtreo neodracht aeráide a bhaint amach, d'ardaigh an tAontas Eorpach a uaillmhian aeráide don bhliain 2030 chuig astaíochtaí a laghdú faoi 55% ar a laghad faoin mbliain 2030, rud ar a dtugtar an pacáiste 'Oiriúnach do 55'. Tá an tAontas Eorpach ag obair ar an reachtaíocht uaidh a bhaineann leis an aeráid, leis an bhfuinneamh agus leis an iompar a athbhreithniú faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55' chun na dlíthe reatha a ailíniú leis na huaillmhianta do na blianta 2030 agus 2050.

Sheol an Coimisiún Eorpach an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste uaidh ina dhiaidh sin sa bhliain 2020. Tá sé mar aidhm leis an Straitéis an tAontas Eorpach a chur ar an gconair i dtreo córas soghluaisteachta inbhuanaithe, cliste agus athléimní a chruthú agus soláthar a dhéanamh ar na hathruithe ó bhonn a theastaíonn chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach. Tá an straitéis bunaithe ar thrí phríomhchuspóir – córas iompair na hEorpa a dhéanamh inbhuanaithe, cliste agus athléimneach. Leagtar béim inti ar an tábhacht a bhaineann le soghluaisteacht a chur ar fáil ar phraghas réasúnta do chách, gur gá go gcoinneofar nasc ar bun le réigiúin tuaithe agus le réigiúin iargúlta, agus gur gá don iompar Eorpach dea-dhálaí sóisialta a thairiscint dá chuid oibrithe agus poist tharraingteacha a sholáthar. Aithnítear sa straitéis gurb amhlaidh, chun an cuspóir inbhuanaitheachta a chomhlíonadh agus chun an t-athrú córasach a theastaíonn faoi Chomhaontú Glas an Aontais Eorpaigh a bhaint amach, gur gá na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Gach modh iompair a dhéanamh níos inbhuanaithe.
- Roghanna inbhuanaithe eile a chur ar fáil go forleathan i gcóras iompair ilmhódaigh.
- Na dreasachtaí cearta a chur i bhfeidhm chun an t-aistriú a bhrú chun cinn.

Leagtar amach sa straitéis plean gníomhaíochta ceithre bliana atá bunaithe ar 10 bpríomhréimse shuaitheanta le haghaidh gníomhaíochta. Is ailínithe le roinnt de na réimsí suaitheanta atá fís, prionsabail agus spriocanna an Bheartais seo. Áirítear leo sin go háirithe Réimse Suaitheanta 3: Soghluaisteacht idiruirbeach agus uirbeach a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos sláintiúla; Réimse Suaitheanta 6: Soghluaisteacht ilmhódach atá nasctha agus uathoibrithe a bhaint amach; Réimse Suaitheanta 7: Nuálaíocht, sonraí agus intleacht shaorga le haghaidh soghluaisteacht níos cliste; Réimse Suaitheanta 9: An tsoghluaisteacht a dhéanamh ina rud cothrom agus cóir do chách; agus Réimse Suaitheanta 10: Sábháilteacht agus slándáil an iompair a bhreisiú. Moltar sa straitéis go gcuirfeadh gach cathair mhór agus mheánmhéide pleananna um shoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe i bhfeidhm faoin mbliain 2030 chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amhail an plódú, truailliú aeir/torainn, an t-athrú aeráide, imbhuailtí ar bhóithre, páirceáil ar an tsráid, agus comhtháthú seirbhísí nua soghluaisteachta.


### *An Creat Eorpach um Shoghluaisteacht Uirbeach*




Sheol an Coimisiún Eorpach an Creat Eorpach um Shoghluaisteacht Uirbeach sa bhliain 2021 agus leagtar treoir amach ann maidir le conas is féidir le cathracha a n-astaíochtaí a laghdú agus an tsoghluaisteacht a fheabhsú, lena n-áirítear trí phleananna um shoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe. Dírítear go príomha ann ar an iompar poiblí, ar an siúl agus ar an rothaíocht. Breithnítear sa togra freisin réitigh astaíochtaí nialasacha le haghaidh flíteanna uirbeacha, lena n-áirítear tacsaithe agus seirbhísí fógartha síbe, an

míle deiridh de sheachadtaí uirbeacha, moil ilmhódacha a thógáil agus a nua-aoisiú, réitigh dhigiteacha nua agus seirbhísí digiteacha nua.


## Náisiúnta




### *An Creat Náisiúnta Pleanála*


Sa Chreat Náisiúnta Pleanála, leagtar amach beartas maidir le pleanáil spáis thar an tréimhse go dtí an bhliain 2040 chun freastal ar athruithe déimeagrafacha réamh-mheasta na hÉireann ar shlí inbhuanaithe chothromaithe. Sainaithnítear ann deich dToradh Straitéiseacha Náisiúnta atá bunaithe ar na téamaí uileghabhálacha seo: folláine, comhionannas, agus deis. Tá an tsoghluaisteacht inbhuanaithe ar cheann de na príomhthosca lena gcumasaítear baint amach roinnt de na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta sin, go háirithe i dtaca le Toradh Straitéiseach Náisiúnta 1: Dlúthfhás; Toradh Straitéiseach Náisiúnta 2: Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe; Toradh Straitéiseach Náisiúnta 3: Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe; Toradh Straitéiseach Náisiúnta 4: Soghluaisteacht Inbhuanaithe; agus Toradh Straitéiseach Náisiúnta 8: Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá Athléimneach ó thaobh Aeráide de.

Aithnítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála go dtacófar le cuspóirí foriomlána an chreata má sholáthraítear córas dea-fheidhmiúil comhtháite iompair phoiblí, rud lena mbreiseofaí iomaíochas, lena gcothófaí dul chun cinn geilleagrach agus lena gcumasófaí roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe do shaoránaigh. Áirítear leis roinnt Cuspóirí Beartais Náisiúnta sonracha maidir leis an tsoghluaisteacht inbhuanaithe, lena n-áirítear úsáid talún agus pleanáil spáis a chomhtháthú chun tacú leis an iompar poiblí agus leis an bhforbairt atá dírithe ar an iompar, an siúl agus an rothaíocht a chur chun cinn mar mhodhanna iompair atá níos fabhraí ná an carr príobháideach, agus tús áite a thabhairt don inrochtaineacht siúil agus rothaíochta ar fhorbairtí atá ann cheana agus ar fhorbairtí beartaithe araon.




### *An Plean Forbartha Náisiúnta*

Tugtar breac-chuntas sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 ar phlean infheistíochta caipitil €165 billiún le haghaidh na ndeich mbliana seo, agus aird ar leith á tabhairt ar réitigh thosaíochta chun tithíocht, uaillmhianta aeráide, iompar, cúram sláinte, fás post agus athnuachan gheilleagrach a neartú. Leis an bPlean Forbartha Náisiúnta, leithdháilfear €35 billiún ar an iompar thar na deich mbliana. Leis sin, beifear in ann raon bonneagair taistil ghníomhaigh, bus agus iarnróid a fhorbairt thar na blianta atá romhainn chun cabhrú leis an aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe agus chun ár spriocanna aeráide a chomhlíonadh. Rud eile a dhéanfar leis an bPlean Forbartha Náisiúnta is ea leanúint leis an ngréasán bóithre atá ann cheana a chosaint agus a chothabháil chun a chinntiú go mbeidh gach úsáideoir bóithre in ann taisteal go sábháilte agus go héifeachtúil ar fud na tíre, agus déanfar infheistíocht spriocdhírithe leis i mbóithre nua chun soláthar a dhéanamh do nascacht réigiúnach agus do dhlúthfhás uirbeach





### *An Plean Gnímh don Aeráid 2021*

Sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021, leagtar bealach amach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar a laghdú chun comhlíonadh a dhéanamh ar ár ngealltanais go laghdófaí astaíochtaí faoi 51% faoin mbliain 2030. Is ionann é sin agus sprioc go laghdófaí astaíochtaí san earnáil iompair faoi sheacht milliún tona CO2. Cuimsítear sa phlean bearta agus gníomhartha atá i bhfad níos uaillmhianaí ná mar a cuimsíodh sa phlean roimhe a foilsíodh sa bhliain 2019, ag léiriú an athraithe ó bhonn atá tagtha ar na huaillmhianta aeráide sa tír seo agus ar fud an domhain. Sa phlean, a athrófar chun dáta gach bliain, aithnítear gurb amhlaidh, má táthar chun astaíochtaí iompair a laghdú, gur gá an fháil ar shoghluaisteacht inbhuanaithe a leathnú ar mhaithe le rogha mhalartach fhónta ar ghnáthúsáid laethúil an chairr phríobháidigh a sholáthar. Chun déanamh amhlaidh, beidh sé riachtanach infheistíocht leantach bhreisithe a dhéanamh inár mbonneagar siúil, rothaíochta agus poiblí agus inár seirbhísí ina leith ar fud na tíre ar scála nach bhfacthas riamh. Socraítear ann spriocmhéadrachtaí iompair atá cothrom le 500,000 turas taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí sa bhreis in aghaidh an lae a sholáthar agus le laghdú 10% a sholáthar sa líon ciliméadar a bhítear ag tiomáint i gcarranna faoi thiomáint breoslaí iontaise faoin mbliain 2030. Athbhreithneofar an Plean Gnímh don Aeráid tuilleadh sa bhliain 2022, agus aird á tabhairt ar bhuiséid charbóin agus ar uasteorainneacha gaolmhara earnála. Coigeartófar na spriocanna gaolmhara sa Bheartas seo a luaithe a shocrófar na spriocanna astaíochtaí earnála don iompar.

Is ann do bhreis agus 70 gníomh sa chaibidil iompair den Phlean Gnímh don Aeráid. Áirítear leo sin feabhsuithe suntasacha a sholáthar ar an mbonneagar iompair

phoiblí, ar an mbonneagar taistil ghníomhaigh agus ar an mbonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha agus forbairt a dhéanamh ar straitéisí lena mbrúfar athrú iompraíochta amach ó thurais thraidisiúnta chairr phríobháidigh atá faoi thiomáint breoslaí iontaise chuig roghanna soghluaisteachta níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe. Léirítear na gníomhartha sin i ngníomhartha atá ar áireamh sa Bheartas seo agus comhlánaítear iad leo.


## *Tithíocht do Chách - Plean Tithíochta Nua d'Éirinn*




Is é Tithíocht do Chách plean tithíochta an Rialtais go dtí an bhliain 2030. Tá sé mar aidhm leis feabhas a chur ar chóras tithíochta na hÉireann agus níos mó tithe de gach cineál a sholáthar do dhaoine a bhfuil riachtanais dhifriúla tithíochta acu. Meastar go dteastóidh ó Éirinn go soláthrófar 33,000 teach nua ar an meán gach bliain ón mbliain 2021 go dtí an bhliain 2030. Cuireann bonneagar soghluaisteachta inbhuanaithe agus seirbhísí soghluaisteachta inbhuanaithe go mór le tithe nua a sholáthar agus, trí phleanáil úsáide talún a ailíniú le forbairt atá dírithe ar an iompar, is féidir leo tacú le forbairtí mórscála tithíochta a sholáthar i bpríomhláithreacha straitéiseacha.

Chun comhlíonadh a dhéanamh ar an dá chuspóir de chuid an Chreata Náisiúnta Pleanála um dhul i ngleic leis an athrú aeráide agus um fhás níos dlúithe a sholáthar, aithnítear in Tithíocht do Chách go bhfuil gá ann le forbairtí mórscála inár gcathracha, go háirithe in áiteanna atá gar do nóid iompair phoiblí agus inar féidir leis an siúl agus an rothaíocht a bheith ar an gcineál ceannasach soghluaisteachta laistigh de lár ár mbailte.


## *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann*




Is é Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann 2021-2025 an beartas náisiúnta forbartha tuaithe. Aithnítear ann gur cheart rochtain a bheith ag daoine a chónaíonn i limistéir uirbeacha ar sheirbhísí poiblí dea-chaighdeáin lena gcuirfear ar a gcumas leanúint lena saol a mhaireachtáil go hinbhuanaithe i bpobail tuaithe agus lena gcabhrófar leo dea-cháilíocht beatha a choinneáil ar bun.

Bíonn seirbhísí iompair ríthábhachtach do dhaoine a chónaíonn agus a oibríonn i gceantair thuaithe na hÉireann. Cuirfidh feabhsú agus tuilleadh comhtháthaithe ar sheirbhísí iompair phoiblí tuaithe ar chumas daoine leanúint ar aghaidh ag maireachtáil sna limistéir thuaithe agus rochtain a bheith acu ar ghníomhaíochtaí oibre, oideachais agus sóisialta, agus beidh tairbhí geilleagracha agus sóisialta do phobail ag gabháil le saoráidí taistil ghníomhaigh a fhorbairt.

## *Tús Áite do Lár Bailte*




Foilsíodh 'Tús Áite do Lár Bailte - Cur Chuige Beartais do Bhailte na hÉireann' sa bhliain 2022 agus déantar forbairt agus comhlánú leis ar raon leathan beartas rialtais. Soláthraítear leis creat leathan comhoibríoch chun go mbeidh an rialtas láir, údaráis áitiúla, geallsealbhóirí earnála poiblí agus earnála príobháidí, agus pobail go háirithe, in ann sláinte lár bailte a chur san áireamh mar chuid dhílis dá bpróisis chinnteoireachta. Is é an toradh a bheidh air sin ná go mbeifear in ann cur chuige comhordaithe a ghlacadh ar fud an rialtais i leith chomhlíonadh na ngealltanas maidir le hathnuachan lár bailte in Éirinn ar bhealach a bheidh bunaithe ar an mórchreat beartais agus a thacóidh leis. Príomhthoisc lena gcumasaítear athghiniúint lár bailte is ea roghanna iontaofa réadúla soghluaisteachta inbhuanaithe a sholáthar do shaoránaigh chun roghanna soghluaisteachta níos fearr a chumasú.

## *An Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030*




Rud atá mar bhonn agus thaca ag an Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 is ea sprioc fhadtéarmach na hÉireann go ndéanfaí Fís Nialais (gan aon bhásanna ná gortuithe tromchúiseacha a bheith ann ar na bóithre) a bhaint amach faoin mbliain 2050. Glacadh Fís Nialais go foirmiúil i gClár an Rialtais sa bhliain 2020 agus tá sí mar bhonn agus thaca ag Creat Beartais an Aontais Eorpaigh um Shábháilteacht ar Bhóithre (2021-2030) agus ag an doiciméad ó na Náisiúin Aontaithe dar teideal 'Decade of Action for Road Safety' (2021-2030), atá ar an dara doiciméad dá leithéid. Chun a chinntiú go mbainfear an sprioc fhadtéarmach sin amach, socraítear sprioc sa Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre go laghdófaí básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar na bóithre faoi 50% faoin mbliain 2030.

Sainaithníodh seacht réimse idirghabhála tosaíochta do Chóras Sábháilte. Áirítear leo sin modhanna taistil sábháilte agus sláintiúla chun úsáideoirí bóithre a spreagadh le tabhairt faoi iompar poiblí nó faoi thaisteal gníomhach agus chun iad a chosaint le linn

dóibh déanamh amhlaidh. Is é atá i gceist leis sin modhanna iompair phoiblí níos sábháilte a chur chun cinn agus timpeallachtaí sábháilte bóithre a chur chun cinn agus a sholáthar le haghaidh modhanna gníomhacha atá sláintiúil ar shlí eile. Áirítear leo sin siúl agus rothaíocht a dhéanamh in áiteanna inar mó an riosca go bhfaighidh na húsáideoirí sin bás nó go bhfulaingeoidh siad gortú tromchúiseach ná mar atá an riosca céanna d'úsáideoirí bóithre atá cosanta laistigh d'fheithiclí. Tá gníomhartha na straitéise faoi mhodhanna taistil sábháilte agus sláintiúla ag teacht leis na gníomhartha sa Bheartas seo a bhfuil mar aidhm leo an córas soghluaisteachta inbhuanaithe atá ann cheana a chothabháil agus a fheabhsú, agus spás sábháilte á sholáthar do gach úsáideoir bóithre ag an am céanna. Comhlánaítear fís, prionsabail agus spriocanna an Bheartais seo le roinnt gníomhartha faoi réimsí idirghabhála tosaíochta eile freisin.


### *Éire Shláintiúil: Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013-2025*




Seoladh an creat Éire Shláintiúil sa bhliain 2013 mar chreat straitéiseach le haghaidh sláinte agus folláine mhuintir na tíre a fheabhsú. Tá an creat bunaithe ar fhianaise idirnáisiúnta lena léirítear go mbeidh cur chuige uile-rialtais agus tacaíocht ó phobail áitiúla agus ón tsochaí ar fad ag teastáil chun athrú dearfach a chruthú i sláinte agus folláine an daonra. Sa chreat Éire Shláintiúil, leagtar ceithre sprioc lárnacha amach agus tugtar breac-chuntas ar ghníomhartha faoi shé réimse théamacha.

Foilsíodh Plean Gníomhaíochta Straitéiseach Éire Shláintiúil 2021-2025 sa bhliain 2021 chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh ar an gcreat bunaidh agus chun treochlár mionsonraithe a sholáthar le haghaidh na mblianta atá fágtha den chreat. Cuimsítear sa phlean 56 ghníomh ar fud na sé théama, a chuirfear chun feidhme trí chur chuige trasrialtais a úsáid.

### *An Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil d'Éirinn*





Foilsíodh an Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil d'Éirinn sa bhliain 2016, ag teacht sna sála ar ghealltanas a tugadh sa chreat Éire Shláintiúil. Is é príomhsprioc an phlean ná an líon daoine a bhíonn ag déanamh aclaíocht rialta a mhéadú faoi 1% sa bhliain thar dheich mbliana trí ghnáthchuid den saol laethúil a dhéanamh den aclaíocht agus trí níos mó deiseanna le bheith gníomhach a thabhairt do dhaoine. Tá sé mar aidhm leis an bplean a chinntiú nach gcuirfear aon ghrúpa faoi mhíbhuntáiste agus aithnítear ann go mbeidh idirghabhálacha spriocdhírithe ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar bhaic ar rannpháirtíocht agus chun iad a shárú.

Aithnítear sa phlean an gá le beartais agus cur chun feidhme clár a idirnascadh sa ghníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn ar fud réimsí amhail an tsláinte, an t-oideachas, an spórt, an ghníomhaíocht fhisiciúil áineasa, an t-iompar agus an comhshaol. Cuimsítear ann 60 gníomh in ocht réimse.


Tá baint ag an gcreat Éire Shláintiúil agus ag an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil leis an taisteal gníomhach a fhorbairt agus a chur chun cinn agus le fís, prionsabail agus spriocanna an Bheartais seo a chur ar aghaidh agus imríonn siad ról ríthábhachtach san obair sin.

### *An Straitéis d'Fhorbairt na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha Amach Anseo*



Foilsíodh an Straitéis d'Fhorbairt na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha Amach Anseo sa bhliain 2018 agus leagtar amach inti conas ba cheart glasbhealaí náisiúnta agus réigiúnacha in Éirinn a phleanáil agus a thógáil sna deich mbliana ina dhiaidh sin. Cé go leagtar an díriú ar thaitneamhachtaí turasóireachta agus fóillíochta, d'fhéadfadh glasbhealaí taisteal gníomhach a chumasú laistigh de phobail áitiúla agus soláthrófar bealaí leithscartha sábháilte chuig scoileanna agus chuig áiteanna oibre le han-chuid de na bealaí a chisteofar faoin straitéis.

### *An Creat Folláine*





Is é is an Creat Folláine ann ná gealltanas a tugadh i gClár an Rialtais go gcruthófaí sraith táscairí chun tacú le comhthéacs níos leithne don déanamh beartas. Is tionscnamh trasrialtais é a bhfuil mar aidhm leis cur chuige ilghnéitheach a sholáthar i leith tuiscint a

ghnóthú ar cad atá i gceist le cáilíocht beatha níos fearr agus, ar an tslí sin, déanamh beartas níos ceangailte a sholáthar. Tríd an dul chun cinn a bhreithniú agus a thomhas maidir le torthaí geilleagracha, sochaíocha, comhshaoil agus sláinte, tá sé mar aidhm leis tuairim uilíoch a thabhairt ar cé acu atá nithe ag dul i bhfeabhas nó in olcas, ar ár bhfeidhmíocht choibhneasta, ar cé acu atá nó nach bhfuil sé cothrom ar fud na gcohórt difriúil, agus ar cé acu a bheidh nó nach mbeidh sé inbhuanaithe as seo amach.

Cheadaigh an Rialtas an chéad tuarascáil ar fhorbairt an chreata i mí an Mheithimh 2021. Áirítear léi Creat Folláine tosaigh agus uirlis tacaíochta tomhas dar teideal an Deais Folláine. Feabhsófar an uirlis sin le himeacht ama. Tá sé beartaithe go gcomhtháthófar an Creat Folláine ar fud dhéanamh beartas an Rialtais. Tá dlúthcheangal ann idir fís fhoriomlán agus gnéithe an chreata agus fís, prionsabail agus spriocanna an Bheartais seo.

## *An Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn*




Is é an Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn an straitéis earnála fhadtéarmach le haghaidh infheistíocht in iompar ar tír agus tagann sé in ionad an Chreata Infheistíochta Straitéisigh d'Iompar Talún a foilsíodh sa bhliain 2015. Tá sé mar chuspóir leis an treo ardleibhéil agus na paraiméadair a bhunú le haghaidh infheistíocht amach anseo agus a chinntiú go mbeidh an infheistíocht ag teacht le beartas an Rialtais. Is é atá sa Chreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn ná uirlis ardleibhéil ar féidir le hurraitheoirí tionscadail í a úsáid chun tionscadail iompair caipitil a ailíniú leis an gCreat Náisiúnta Pleanála. Treorófar infheistíocht iompair leis chun tacú le soláthar an Chreata Náisiúnta Pleanála, chun an Plean Gnímh don Aeráid a chumasú agus chun dea-thorthaí sóisialta, comhshaoil agus geilleagracha a chur chun cinn ar fud na hÉireann.

Leis an gcreat, bunaítear ceithre thosaíocht infheistíochta straitéisí ardleibhéil, is iad sin: Dícharbónú; Cosaint agus Athnuachan; Soghluaisteacht Daoine agus Earraí i gCeantair Uirbeacha; agus Nascacht Réigiúnach agus Tuaithe Fheabhsaithe. Ní gá rogha a dhéanamh idir na tosaíochtaí sin. Teastaíonn infheistíocht i ngach ceann de na réimsí sin chun tacú le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála agus an Phlean Gnímh don Aeráid a bhaint amach. Léirítear sna tosaíochtaí na príomhchuspóirí de chuid infheistíocht iompair ar cheart tionscadail nua a ailíniú leo.

Leis an gCreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn, bunaítear próiseas chun cabhrú lena dhéanamh amach cad é an réiteach is fearr ar riachtanas sainaitheanta nó ar fhadhb shainaitheanta trí ordlathais modhanna agus idirghabhálacha. Moltar sa chreat go n-úsáidfí modhanna taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí in ionad aon réiteach a bhíonn ag brath ar an earnáil phoiblí. Chun an leas is fearr a bhaint as na sócmhainní atá ann cheana, ba cheart breithniú a dhéanamh ar an gcéad dul síos, más féidir, ar an ngréasán iompair ar tír atá ann cheana a chosaint agus a athnuachan. Ina dhiaidh sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar luach an ghréasáin a uasmhéadú trína úsáid a bharrfheabhsú. Breithneofar infheistíocht bonneagair ansin má mheastar an dá chatagóir sin a bheith míchuí le haghaidh na faidhbe sainaitheanta, agus breithneofar uasghráduithe ar an mbonneagar atá ann cheana sula mbreithneofar bonneagar nua ar fad a sholáthar.



CAIBIDIL

3

# Ár bhFís

# Réamhrá

***Sa Bheartas seo, leagtar creat straitéiseach amach le haghaidh soghluaisteacht inbhuanaithe – taisteal gníomhach agus iompar poiblí – in Éirinn go dtí an bhliain 2030. Dírítear go príomha ann ar fhreastal ar riachtanais laethúla taistil ar shlí níos inbhuanaithe. Tá sé beartaithe againn é sin a dhéanamh trína chinntiú go mbeidh modhanna inbhuanaithe ar an rogha is tarraingtí.***

## Fís

Is í seo ár bhfís don tsoghluaisteacht inbhuanaithe in Éirinn sa bhliain 2030:



**Daoine agus áiteanna a nascadh le soghluaisteacht inbhuanaithe atá sábháilte, glas, inrochtana agus éifeachtúil.**

Treoraítear an Beartas le trí eochairphrionsabal a bhfuil 10 sprioc ardleibhéil mar bhonn agus thaca acu.

## Prionsabail agus Spriocanna

| PRIONSABAIL | SPRIOCANNA |
|---|---|
| Soghluaisteacht Shábháilte agus Ghlas | 1. Sábháilteacht soghluaisteachta a fheabhsú.<br>2. Iompar poiblí a dhícharbónú.<br>3. An fháil ar shoghluaisteacht inbhuanaithe i limistéir cheannchathartha a mhéadú.<br>4. An fháil ar shoghluaisteacht inbhuanaithe i limistéir réigiúnacha agus thuaithe a mhéadú.<br>5. Daoine a spreagadh le soghluaisteacht inbhuanaithe a roghnú in ionad an chairr phríobháidigh. |
| Soghluaisteacht atá Dírithe ar an Duine | 6. Cur chuige uilethurais a ghlacadh i leith na soghluaisteachta, agus rochtain chuimsitheach do chách á cur chun cinn.<br>7. Bonneagar a dhearadh de réir Prionsabail Deartha Uilíoch agus shamhail an Ordlathais Úsáideoirí Bóithre.<br>8. Soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn trí thaighde agus trí idirchaidreamh le saoránaigh. |
| Soghluaisteacht atá Comhtháite ar Shlí Níos Fearr | 9. Pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú lena chéile ar shlí níos fearr ar gach leibhéal.<br>10. Soghluaisteacht chliste agus chomhtháite a chur chun cinn trí theicneolaíochtaí nuálacha agus trí rialáil chuí a fhorbairt. |

## Spriocanna

Tá ár spriocanna uileghabhálacha ag teacht leis na spriocmhéadrachtaí iompair sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021, mar atá 500,000 turas taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí sa bhreis in aghaidh an lae a sholáthar agus laghdú 10% a sholáthar sa líon ciliméadar a bhítear ag tiomáint i gcarranna faoi thiomáint breoslaí iontaise faoin mbliain 2030. Meastar gurb é an toradh a bheidh air sin go laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 1.4 $MtCO_2eq$ faoin mbliain 2030. Maidir leis an bpróiseas le haghaidh buiséid charbóin agus uasteorainneacha gaolmhara astaíochtaí earnála a shocrú faoin Acht Aeráide, rud atá ar bun faoi láthair, is féidir go ndéanfaidh sé difear do na spriocanna don chaibidil iompair sa chéad leagan eile den Phlean Gnímh don Aeráid 2022. Beidh sé riachtanach na hathruithe sin a chur san áireamh mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar spriocanna agus ar tháscairí don Bheartas seo.

Is é atá sna prionsabail, sna spriocanna agus sna gníomhartha atá leagtha amach sa Bheartas seo ná creat iomlánaíoch chun baint amach na spriocanna dúshlánacha sin a chumasú. Chun an dul chun cinn a thomhas, forbróidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh bliantúil nua, ag déanamh forbairt dó ar an taithí atá gnóthaithe aige tríd an suirbhé reatha cúig bliana. Foilseofar an Suirbhé nua gach bliain. Leis an suirbhé bliantúil sin, cuirfear ar ár gcumas an dul chun cinn atá á dhéanamh ar ár spriocanna a rianú, tionchar na bpatrún taistil tar éis phaindéim COVID-19 a anailísiú agus foinse sonraí atá saibhir agus cothrom le dáta a sholáthar le haghaidh thaighde iompair na hÉireann. Cuirfear an chéad cheann de na suirbhéanna sin ar fáil sna míonna tosaigh den bhliain 2023 agus foilseofar an t-eolas is deireanaí gach bliain ina dhiaidh sin. Tabharfar dearcadh fianaisebhunaithe ann i leith an dul chun cinn ar ár spriocanna don bhliain 2030.

## Cur chun feidhme, faireachán agus athbhreithniú

Is ag gabháil leis an mBeartas atá plean gníomhaíochta go dtí an bhliain 2025. Cuimsítear ansin raon cuimsitheach beart nua leathnaithe a bhaineann le gach ceann de na deich sprioc ardleibhéil. Cuirfear ar aghaidh iad sin le gníomhartha comhlántacha ó bheartais agus straitéisí náisiúnta ábhartha eile, a úsáidfear chun tacú le spriocanna an Bheartais a chomhlíonadh. Athbhreithneofar an plean gníomhaíochta sa bhliain 2025 chun an dóigh a bhfuilimid ag comhlíonadh ár spriocanna a mheas. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas ár machnamh a dhéanamh, gníomhartha a athrú chun dáta agus gníomhartha nua a chur leis nuair is gá le haghaidh na gcúig bliana a bheidh fágtha go dtí an bhliain 2030.

Ag foghlaim dúinn ón taithí a gnóthaíodh san am atá thart, agus mar a mhol An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, is é roinn ainmnithe rialtais, gníomhaireacht ainmnithe Stáit nó comhlacht ainmnithe eile a bheidh i gceannas ar chur chun feidhme gach gnímh. Sainaithneofar geallsealbhóirí tacaíochta agus sannfar amlínte agus aschuir i leith gach gnímh. Ina theannta sin, tá clár infheistíochta ilbhliantúil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 mar bhonn agus thaca ag an mBeartas chun ardán le haghaidh soláthair a chruthú. Tá amlíne an Bheartais ailínithe le hamlíne an Phlean Forbartha Náisiúnta, ina leagtar amach na huasteorainneacha caipitil go dtí an bhliain 2030 mar aon le huasteorainneacha caipitil agus tosaíochtaí infheistíochta na roinne, a bheidh i bhfeidhm ar feadh téarma rollach cúig bliana.

*Chun an dul chun cinn a thomhas, forbróidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh bliantúil nua, ag déanamh forbairt dó ar an taithí atá gnóthaithe aige tríd an suirbhé reatha cúig bliana. Foilseofar an Suirbhé nua gach bliain.*

Cuirfear an Beartas chun feidhme i gcomhar le ranna eile rialtais, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le Bonneagar Iompair Éireann, leis na tionóil réigiúnacha, le húdaráis áitiúla agus le geallsealbhóirí eile. Bunófar Grúpa Ceannaireachta chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Bheartais agus ar sholáthar an phlean gníomhaíochta, lena n-áirítear an t-athbhreithniú lár téarma ar an bplean gníomhaíochta sa bhliain 2025. Déanfaidh an Roinn Iompair cathaoirleacht ar an ngrúpa, a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe do na príomh-gheallsealbhóirí a mbeidh baint acu le cur chun feidhme na ngníomhartha a stiúradh agus a chur ar aghaidh.

Tabharfaidh an Grúpa Ceannaireachta tuairisc don

Aire Iompair ar bhonn ráithiúil, agus déanfaidh an Coiste Comh-Aireachta um Chomhshaol agus Athrú Aeráide formhaoirseacht ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chur chun feidhme an Bheartais. Gheobhaidh an Coiste Comh-Aireachta tacaíocht ó Ghrúpa Oifigeach Sinsearach a bheidh comhdhéanta de Státseirbhísigh ó phríomhranna rialtais. Foilseoidh an Grúpa Ceannaireachta tuarascáil bhliantúil ina mbainfidh sé úsáid as na sonraí ón Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh bliantúil nua chun an dul chun cinn a léiriú i gcomparáid leis na spriocanna, ina léireoidh sé an dul chun cinn ar chur chun feidhme i gcomparáid leis na gníomhartha sa phlean gníomhaíochta agus ina dtabharfaidh sé tuairisc ar na saincheisteanna seo a leanas, i measc nithe eile:

- An líon ciliméadar de bhonneagar taistil ghníomhaigh arna bhforbairt gach bliain.
- An líon ciliméadar de lánaí bus/de thosaíocht bus arna bhforbairt gach bliain.
- An líon feithiclí/carráistí astaíochtaí nialasacha/ísle sa fhlít iompair phoiblí.
- An líon stáisiún traenach a bhfuil lán-inrochtaineacht ardáin acu.
- An leibhéal sástachta foriomlán leis an iompar poiblí.
- An líon turas arna dtógáil ar iompar poiblí gach bliain.

Táimid tiomanta d'fheabhas a chur ar an dóigh a ndéantar sonraí faoi shoghluaisteacht inbhuanaithe a thaifeadadh agus a sholáthar. I gcás réimsí áirithe, amhail an inrochtaineacht iompair, an inacmhainneacht iompair, an tsoghluaisteacht chomhtháite agus an bonneagar taistil ghníomhaigh, fágann bearnaí sna foinsí sonraí atá ann cheana nach bhfuilimid in ann táscairí tuairiscithe atá láidir go leor a shainaithint ag an am seo chun an dul chun cinn a thomhas sna réimsí sin. Féachfaidh an Grúpa Ceannaireachta le táscairí oiriúnacha a bhunú sna réimsí sin lena gcur ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil.

Bunófar Fóram Náisiúnta Soghluaisteachta Inbhuanaithe chun ardán a sholáthar le haghaidh mór-idirchaidreamh comhoibríoch le geallsealbhóirí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla maidir le cur chun feidhme an Bheartais. Is leagtha amach faoi Sprioc 8 atá tuilleadh faisnéise faoi ról an fhóraim seo agus an Ghrúpa Ceannaireachta.

## Cistiú

Cisteofar cur chun feidhme an Bheartais trí na leithdháiltí caiteachais caipitil a sholáthraítear leis an bPlean Forbartha Náisiúnta agus trí na leithdháiltí caiteachais reatha a sholáthraítear tríd an bpróiseas buiséid bhliantúil.

Thar an tréimhse ón mbliain 2021 go dtí an bhliain 2030, leithdháileadh thart ar €35 billiún i gcistiú caipitil ar an gcóras iompair. Ina theannta sin, leithdháileadh €538 milliún sa bhreis le Buiséad 2022 chun tacú le seirbhísí iompair phoiblí sa bhliain 2022 ina haonar.

Maidir le caiteachas reatha, rinne an Roinn Iompair, ag obair di i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, NewERA a fhostú chun athbhreithniú a dhéanamh ar chlár na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí um iompar poiblí. Is é an toradh a bheidh air sin ná go mbunófar meastachán comhaontaithe ar an gcroíchistiú a bheidh ag teastáil chun an raon seirbhísí atá ann cheana a sholáthar agus go réamh-mheasfar, sa dara céim den anailís, na costais a thiocfaidh chun cinn os cionn an chroíchistithe sin chun soláthar a dhéanamh ar na seirbhísí iompair phoiblí a mheastar a bheidh riachtanach chun spriocanna an Bheartais seo a chomhlíonadh.

Cuirfear roinnt luamhán beartais nach mbaineann leis an Státchiste i bhfeidhm freisin. Áireofar leo sin bearta rialála agus bearta bainistíochta éilimh.




CAIBIDIL

4

# Prionsabal 1: Soghluaisteacht Shábháilte agus Ghlas

# Réamhrá

***Is gá gur sábháilte agus inrochtana do gach úsáideoir a bhíonn soghluaisteacht inbhuanaithe. Tacóimid leis an ngealltanas go ndéanfaí Fís Nialais (gan aon bhásanna ná gortuithe tromchúiseacha a bheith ann ar na bóithre) a bhaint amach ar ár mbóithre faoin mbliain 2050 trína chinntiú go leanfaidh na gréasáin siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí atá ann cheana agus atá nua leis na caighdeáin sábháilteachta is airde a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, cothófar úsáid shábháilte bóithre i measc gach úsáideora bóithre trí bhearta oideachais, oiliúna agus forfheidhmiúcháin a sholáthar.***

Is tosca tábhachtacha sábháilteachta iad na dóigheanna a ndeartar an bonneagar siúil agus rothaíochta agus na limistéir atá i gcomharsanacht seirbhísí iompair phoiblí. Is féidir le bonneagar atá dea-dheartha, dea-chothabháilte, cuí-shoilsithe, leanúnach agus comhtháite ar shlí níos fearr cabhrú le daoine a mhothú go bhfuil siad sábháilte agus iad a spreagadh na modhanna taistil sin a roghnú in ionad an chairr phríobháidigh. Leanfaimid freisin le tacú le bearta a bhfuil mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sábháilteachta le linn taisteal ar iompar poiblí.

Má dhéantar roghanna siúil agus rothaíochta a leathnú chun úsáid mhéadaithe modhanna taistil ghníomhaigh a chur chun cinn, is féidir tacú lenár spriocanna aeráide um astaíochtaí a laghdú agus is féidir leibhéil aclaíochta agus sláinte an phobail a fheabhsú agus an plódú agus úsáid an chairr phríobháidigh a laghdú. Tairbhe ar leith a bheidh ag baint le turais ghearra de charr a aistriú ina dturais de mhodhanna gníomhacha is ea go laghdófar truailliú aeir, rud a méadaíonn turais ghearra de charr é go díréireach de bharr 'éifeacht an fhuarthosaithe'[12].

Ag an am céanna, is é an toradh a bheidh ar acmhainn an iompair phoiblí agus seirbhísí iompair phoiblí a mhéadú agus ar ár bhflíteanna iompair phoiblí a aistriú ina bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha ná go gcuirfear ar chumas daoine an t-aistriú a dhéanamh chuig modhanna níos inbhuanaithe taistil agus an spleáchas ar an gcarr a laghdú. Ní aonfhoirmeach ar fud na tíre atá riachtanais iompair agus aithnímid go mbeidh sé riachtanach teacht ar réitigh shaincheaptha le haghaidh limistéir uirbeacha agus limistéir thuaithe araon.

Tá gá ann leis an ngluaiseacht iompair i limistéir cheannchathartha agus i lárionaid uirbeacha eile a athchothromú amach ón gcarr príobháideach agus i dtreo modhanna taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí. Chun déanamh amhlaidh, beidh sé riachtanach níos mó den spás bóthair/sráide atá ar fáil a leithdháileadh ar an tsoghluaisteacht inbhuanaithe. De bhreis air sin, beidh sé riachtanach na soilse tráchta ag acomhail a athchothromú chun an siúl, an rothaíocht agus an t-iompar poiblí a éascú ar shlí níos fearr. Ba cheart a bheith i gceist leis an gcuspóir uileghabhálach i lárionaid uirbeacha an díriú a leagan tuilleadh ar ghluaiseacht daoine in ionad ghluaiseacht an chairr phríobháidigh.

Ní bhainfear aistriú modha iompair amach mura mbainistítear an t-éileamh ar iompar go héifeachtach agus cuirfimid bearta i bhfeidhm chun tacú leis sin. Tá sé mar aidhm leis an mBeartas seo a chinntiú gurb iad roghanna taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí na roghanna is fearr lena oiread daoine agus is féidir.

Forbraíodh cúig sprioc ardleibhéil chun cabhrú linn an prionsabal sin a chomhlíonadh.

## Soghluaisteacht Shábháilte agus Ghlas

### Spriocanna

1. Sábháilteacht soghluaisteachta a fheabhsú.
2. Iompar poiblí a dhícharbónú.
3. An fháil ar shoghluaisteacht inbhuanaithe i limistéir cheannchathartha a mhéadú.
4. An fháil ar shoghluaisteacht inbhuanaithe i limistéir réigiúnacha agus thuaithe a mhéadú.
5. Daoine a spreagadh le soghluaisteacht inbhuanaithe a roghnú in ionad an chairr phríobháidigh.

[12] Sna nóiméid tosaigh tar éis inneall cairr a thosú, is amhlaidh, más íseal atá teochtaí an bhloic innill agus an fhuartháin, go mbeidh dóchán neamhiomlán mar chúis le hastaíochtaí atá níos airde ná mar atá siad ag gnáth-theochtaí oibriúcháin.




# Sábháilteacht

## SPRIOC 1 — Sábháilteacht soghluaisteachta a fheabhsú

Tá sé mar aidhm le Sprioc 1 sábháilteacht na roghanna soghluaisteachta uile a fheabhsú, lena n-áirítear an taisteal gníomhach, na bóithre agus an t-iarnród, agus tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus slándáil na ndaoine sin atá ag obair ar shoghluaisteacht inbhuanaithe nó atá ag taisteal de shoghluaisteacht inbhuanaithe.

Leanfaimid le hiarracht a dhéanamh rioscaí a íoslaghdú trí rialáil agus trí chomhoibriú lenár gcomhlachtaí Stáit, lena n-áirítear an Coimisiún um Rialáil Iarnróid, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Bonneagar Iompair Éireann, mar aon leis na hoibritheoirí iompair phoiblí.

Tá feabhas as cuimse tagtha ar fheidhmíocht na hÉireann maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus rangaíodh an tír a bheith ar an dara Ballstát Aontais Eorpaigh is sábháilte sa bhliain 2019. Mar sin féin, cailleadh beatha 147 nduine ar na bóithre agus gortaíodh 1,111 duine go tromchúiseach orthu sa bhliain 2020 agus is gá dúinn tuilleadh a dhéanamh chun gach úsáideoir bóithre a chosaint agus leanúint lenár gcuid oibre i dtreo ár ngealltanas Fís Nialais a bhaint amach.

Tá coisithe agus rothaithe níos soghonta ar na bóithre ná mar atá gluaisteánaithe. Sa Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030, tugtar tús áite do shábháilteacht na n-úsáideoirí is soghonta chun a chinntiú go gcosnófar an ceart atá acu chun taisteal de bhóthar go sábháilte. Is é atá i sábháilteacht na ndaoine a bhíonn ag siúl agus ag rothaíocht ná toisc phríomha is gá a bhreithniú go cúramach le linn gach scéim iompair agus seirbhís iompair a dhearadh, agus le linn an bonneagar atá ann cheana a iarfheistiú, más gá.

Forbraíodh an Clár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil mar fhreagairt d'fhadhbanna leanúnacha sábháilteachta agus plódaithe os comhair scoileanna agus ar bhealaí chuig scoileanna. Soláthrófar bonneagar níos sábháilte siúil agus rothaíochta laistigh de phobail faoin gclár chun go mbeidh sé níos fusa do leanaí, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí taisteal chuig an scoil go sábháilte gach lá de shiúl na gcos, de rothar agus de scútar.

[13] www.rsa.ie/about/safety-strategy-2021-2030

## **Cás-Staidéar |** Bealaí Sábháilte chuig an Scoil

Seoladh an Clár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil sa bhliain 2021 agus tá sé deartha chun an oiread daltaí agus is féidir i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a spreagadh le siúl agus rothaíocht a dhéanamh agus le dul ar a scútar. Tá trí aidhm ag an gclár:

1. Dlús a chur leis an soláthar bonneagair siúil/scútar agus rothaíochta ar bhealaí rochtana tábhachtacha chuig scoileanna.
2. An limistéar os comhair scoileanna a chóireáil chun feabhas a chur ar rochtain ar thailte scoile.
3. Cur leis an líon spásanna páirceála rothar atá ar fáil ag scoileanna.

Tá an clár ina thionscnamh de chuid na Roinne Iompair, le tacaíocht ón Roinn Oideachais. Oibríonn Clár Scoileanna Glasa an Taisce é i gcomhpháirt leis an Údarás agus leis na húdaráis áitiúla.

Tá sé mar aidhm le Treoir Deartha an Chláir um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil treoir theicniúil a sholáthar maidir le prionsabail deartha agus le breithniúcháin deartha chun cur ar chumas na n-údarás áitiúil, ag obair dóibh i gcomhar le Clár na Scoileanna Glasa, bealaí chuig scoileanna agus timpeallachtaí os comhair scoileanna atá níos sábháilte, níos socra agus níos tarraingtí a chruthú. Aidhm eile atá leis an treoir is ea tacar coincheap agus smaointe deartha a thabhairt do dhearthóirí, i dteannta samplaí fasaigh de scéimeanna a bhfuil ag éirí leo an rochtain inbhuanaithe ar scoileanna a bhreisiú.

Roghnaíodh 170 scoil san iomlán lena gcur ar áireamh i mbabhta a haon den Chlár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil. Maidir leis na scoileanna a roghnaíodh, measúnaíodh iad i gcomparáid le critéir éagsúla, lena n-áirítear an cineál scoile, láthair na scoile agus tiomantas na scoile don taisteal inbhuanaithe. Maidir le scoileanna a rinne iarratas ar an gclár agus nár roghnaíodh, ní gá dóibh athiarratas a dhéanamh toisc go dtiocfaidh siad isteach sa chlár ar bhonn rollach.



Saincheist thábhachtach sábháilteachta is ea cómhalartú fónta idir an taisteal gníomhach agus an t-iompar poiblí. Is féidir leis an bpleanáil úsáide talún ról tábhachtach a imirt ina leith sin trína chinntiú go gcomhtháthófar roghanna sábháilte áisiúla eile ar an gcarr isteach i ndearadh na bpobal áitiúil agus trí thosaíocht a thabhairt d'inrochtaineacht siúil agus rothaíochta ar fhorbairtí atá ann cheana agus ar fhorbairtí beartaithe araon. Is gá dúinn freisin cineálacha níos nuaí soghluaisteachta amhail scútair leictreacha a bhreithniú agus féachaint le teacht ar chothromaíocht idir an glacadh leis na cineálacha soghluaisteachta sin a spreagadh le linn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sábháilteachta úsáideora agus ar shaincheisteanna sábháilteachta poiblí ag an am céanna.

Leanfar le sábháilteacht ár ngréasáin iarnróid agus ár seirbhísí iarnróid a chothabháil faoin gConradh Ilbhliantúil Bainisteora Bonneagair, rud atá ina cheangal dlí. Cumhdaítear leis an gclár reatha um Chonradh Ilbhliantúil Bainisteora Bonneagair an tréimhse ón mbliain 2020 go dtí an bhliain 2024 agus comhaontófar clár nua don tréimhse ón mbliain 2025 go dtí an bhliain 2030. Is féidir leis an gcistiú faoin gclár iontaofacht agus poncúlacht na seirbhísí a mhéadú, agaí turais a laghdú agus sábháilteacht leantach na seirbhísí iarnróid a chinntiú. Tabharfaidh an tIonad Náisiúnta um Rialú Traenach córas lán-chomhtháite bainistíochta tráchta isteach chun an chomharthaíocht ar an ngréasán iarnróid a rialú. Anuas air sin, tabharfar córas nua cosanta traenacha isteach ar fud an ghréasáin ar fad.

Tá infheistíocht shuntasach leanúnach á déanamh sa ghréasán bóithre atá ann cheana a chothabháil de réir caighdeán láidir sábháilte. Leanfaidh sé sin lena chinntiú go ndéanfar na córais fhairsinge bhótharbhunaithe iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh atá ann cheana a chothabháil de réir ardchaighdeáin chun go mbeidh siad mar bhonn agus thaca ag leibhéil leantacha seirbhíse, inrochtaineachta agus nascachta atá sábháilte agus ar ardchaighdeán do gach úsáideoir. Is féidir le hinfheistíocht iarfheistiú an ghréasáin bóithre a chumasú freisin chun go mbeifear in ann tuilleadh úsáide a bhaint as iompar inbhuanaithe, mar shampla trí lánaí bus agus raonta rothar a sholáthar. I dteannta na hinfheistíochta sin, déanfar feachtais oideachais phoiblí agus feasachta poiblí, mar aon le hidirghabhálacha forfheidhmiúcháin, a chur chun feidhme chun daoine a spreagadh le hiompraíochtaí dearfacha a ghlacadh ar mhaithe leis na bóithre a chomhroinnt go sábháilte.

Cé go gcuirtear formhór mór na dturas iompair phoiblí i gcrích gan sábháilteacht ná slándáil paisinéirí nó ball foirne a chur i mbaol, is féidir le teagmhais iompraíochta frithshóisialta ag stáisiúin agus ag stadanna agus ar bhord iompair phoiblí daoine a chur ó thaisteal d'iompar poiblí. Chuir na hoibritheoirí iompair phoiblí roinnt beart chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní sábháilteachta ar iompar poiblí. Áirítear leo sin foireann slándála, TCI, córais foláirimh téacs, prótacail bhreisithe náisiúnta agus áitiúla, agus teagmháil leis an nGarda Síochána. Chun na bearta sin a chomhlánú agus chun sábháilteacht leantach ar iompar poiblí a chinntiú, tabharfaimid iniúchadh bliantúil ar shábháilteacht agus slándáil ar iompar poiblí isteach chun faisnéis a bhailiú faoi na treochtaí i dteagmhais iompraíochta frithshóisialta a bhaineann le hiompar poiblí agus déanfaimid suirbhé ar dhearcthaí i leith sábháilteachta agus i leith slándáil phearsanta. Cuirfear tuilleadh beart sábháilteachta chun feidhme nuair is cuí. Ina theannta sin, leanfar le feachtais a sheoladh ar gach modh iompair phoiblí chun a chur i gcuimhne do dhaoine gur cheart dóibh múinteacht agus béasaíocht a thaispeáint do dhaoine eile. Áireofar leo sin feachtais frithchiníochais, an Cárta JAM (cárta lena gcumasaítear do dhaoine a bhfuil deacracht foghlama acu, a bhfuil uathachas orthu nó a bhfuil bac cumarsáide orthu a chur in iúl do dhaoine eile ar shlí dhiscréideach éasca nach dteastaíonn ach pas beag ama bhreise uathu), feachtais LADTI+ agus feachtais um Meas ar Bhaill Foirne.




# Dícharbónú

## SPRIOC 2
## Iompar poiblí a dhícharbónú

Tá sé mar aidhm le Sprioc 2 astaíochtaí a laghdú tríd an bhflít busanna, iarnróid agus beagfheithiclí seirbhíse poiblí ar fud na tíre a aistriú ina bhfeithiclí astaíochtaí ísle/nialasacha, ar aon dul leis an teicneolaíocht atá ar fáil. Tá na gníomhartha faoin sprioc seo ag teacht leis na gníomhartha sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021 chun astaíochtaí san earnáil soghluaisteachta inbhuanaithe a laghdú.


Sa bhliain 2019, gheallamar go gcuirfimis deireadh le busanna faoi thiomáint díosail amháin a cheannach le haghaidh ár bhflíteanna fóirdheonaithe busanna uirbeacha. Maidir lenár bhflíteanna fóirdheonaithe busanna sna cúig chathair agus leis na flíteanna bus baile, réigiúnacha agus Naisc Áitiúil, tá siad ag tosú ar an aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha trí na flíteanna atá ann cheana a athnuachan ar bhonn leanúnach agus trí na flíteanna a leathnú. Chomh maith leis sin, forbrófar straitéis chun go mbeifear in ann seirbhísí tráchtála agus fóirdheonaithe fad-achair bus a dhícharbónú.

Maidir leis an iarnród, táimid ag díriú go príomha ar an leictriú a mhéadú. Faoin gclár DART+ i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath[14], ceannófar flít leictreach agus ceallra-leictreach chun seirbhísí DART a leathnú chuig Droichead Átha sa tuaisceart, chuig Maigh Nuad agus Bealach na Páirce M3 san iarthar agus chuig Collchoill san iardheisceart agus chun seirbhísí chuig na Clocha Liatha san oirdheisceart a mhéadú. Is é an toradh a bheidh air sin ná go méadófar fad an ghréasáin iarnróid a bhfuil seirbhísí leictrithe aige ó 50 km go 150 km faoin mbliain 2030.

Maidir leis an scóip chun seirbhísí iarnróid fho-uirbigh sna cathracha eile a leictriú, tá sí á breithniú i gcomhthéacs a straitéisí iompair limistéir cheannchathartha faoi seach. Beartaítear i Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí gréasán leictrithe iarnróid fho-uirbigh i gCorcaigh, agus tacóidh Clár Iarnróid Comaitéireachta Limistéar Chorcaí leis an leictriú amach anseo sin. Tá an chéad chéim den chlár á cistiú trí Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais Eorpaigh agus is é an toradh a bheidh uirthi ná go dtabharfar aghaidh ar an scrogall tráchta iarnróid atá ann cheana i lár na cathrach, go gcuirfear comharthaí nua leis an gconair ar fad ó Mhala go Mainistir na Corann/an Cóbh agus go dtabharfar iarnród dúbailte isteach i gcuid den chonair idir an Gleanntán agus Mainistir na Corann. Le linn an dara céim den chlár, tógfar stáisiúin bhreise agus soláthrófar flít breise. Tá sé beartaithe freisin tabhairt faoi fheabhsuithe ar an iarnród comaitéireachta i Luimneach agus i nGaillimh agus leagfar mionsonraí faoi sholáthar na bpleananna sin amach ina straitéisí iompair limistéir cheannchathartha faoi seach, atá le foilsiú i gcás Luimnigh agus atá le hathbhreithniú i gcás na Gaillimhe.

[14] Cumhdaítear Contae Bhaile Átha Cliath, Contae Chill Dara, Contae na Mí agus Contae Chill Mhantáin le Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath.

**Fíor 7:** *Amlínte agus an neaslíon busanna le haghaidh na gcúig chathair*




Tá an taisteal iarnróid idirchathrach agus idir-réigiúnaigh freagrach as céatadán i bhfad níos lú den líon bliantúil iomlán turas paisinéirí ná mar atá turais iarnróid fho-uirbigh agus luaitear i Straitéis an Aontais Eorpaigh um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste nach inmharthana i ngach cás a bheidh leictriú an iarnróid. San Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid uile-oileáin, breithneofar an fhéidearthacht a bhaineann le nascacht idiruirbeach agus idir-réigiúnach a bhreisiú sna blianta móra atá le teacht, lena n-áirítear dícharbónú an ghréasáin amach anseo. Idir an dá linn, is é an toradh a bheidh ar infheistíocht mhéadaithe sa ghréasán idiruirbeach agus réigiúnach ná go laghdófar agaí turais, go mbreiseofar iontaofacht agus go gcoinneofar sábháilteacht ar bun ar fud an chórais.

Is cuid thábhachtach den earnáil iompair phoiblí í an earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí. Is féidir le haistriú an fhlít beagfheithiclí seirbhíse poiblí chuig feithiclí astaíochtaí ísle/nialasacha rannchuidiú le laghdú suntasach a bhaint amach in astaíochtaí iompair, agus tá an Scéim Deontais um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí Leictreacha ag tacú leis an aistriú sin le blianta beaga anuas. Maidir le dícharbónú an fhlít tacsaithe agus fruilcharranna, tá sé ábhartha go háirithe dár gcuid bailte agus cathracha de bharr an ardlín mílte a thaistealaítear sna feithiclí sin, de bharr chineál stoptha-dúiseachta a gcuid oibre, agus de bharr an fhorlámhais atá ag breoslaí iontaise laistigh den earnáil. Chomh maith leis sin, tá éifeacht láidir ceannaireachta ag gabháil leis an nglacadh le feithiclí leictreacha san earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí a mhéadú toisc go dtabharfar blaiseadh de roghanna astaíochtaí ísle/nialasacha do níos mó daoine. Forbrófar straitéis chun go mbeifear in ann an earnáil a dhícharbónú tuilleadh.

## An fháil ar shoghluaisteacht inbhuanaithe a mhéadú

Chun an spleáchas ar an gcarr a laghdú, beidh sé riachtanach feabhas a chur ar an mbonneagar taistil ghníomhaigh i limistéir uirbeacha agus i limistéir thuaithe araon agus seirbhísí iompair phoiblí ar fud na tíre a fheabhsú agus a leathnú. Tríd an infheistíocht i mbonneagar siúil agus rothaíochta a mhéadú, soláthrófar gréasán sábháilte nasctha dóibh sin ar mian leo taisteal de mhodhanna gníomhacha.

Is é an toradh a bheidh ar thionscadail iompair phoiblí amhail an clár BusConnects agus an clár 'Éire a Nascadh' a chur chun feidhme agus ar sheirbhísí iarnróid agus bonneagar iarnróid a leathnú ná go gcuirfear go mór le hacmhainn agus raon ár ngréasáin iompair phoiblí agus go gcinnteofar go mbeifear in ann méaduithe amach anseo san éileamh taistil a éascú trí iompar poiblí ardacmhainne atá níos glaise a sholáthar. Aithnímid freisin a luachmhaire atá an córas soghluaisteachta inbhuanaithe atá ann cheana agus a thábhachtaí atá sé go ndéanfar é a chosaint agus a chothabháil chun a chinntiú go mbeidh sé athléimneach i leith thionchair an athraithe aeráide agus i leith úsáidí agus patrúin taistil a bhíonn ag athrú.




## SPRIOC 3

## An fháil ar shoghluaisteacht inbhuanaithe i limistéir cheannchathartha a mhéadú

Tá sé mar aidhm le Sprioc 3 acmhainn na soghluaisteachta inbhuanaithe, agus an fháil uirthi, a mhéadú inár gcúig chathair (Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge). Déanfar é sin tríd an mbonneagar siúil, rothaíochta, bus agus iarnróid a fheabhsú, trí chómhalartú iompair a fheabhsú agus trí sheirbhísí iompair phoiblí a leathnú. Bainfidh ríthábhacht le seirbhísí taistil ghníomhaigh agus bonneagair bus a bhunathrú chun feabhais sna cúig chathair uile má táthar chun baint amach a dhéanamh ar an sprioc go soláthrófaí 500,000 turas taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí sa bhreis in aghaidh an lae agus go soláthrófaí laghdú 10% sa líon ciliméadar a bhítear ag tiomáint i gcarranna faoi thiomáint breoslaí iontaise faoin mbliain 2030.

Soláthrófar bonneagar suntasach breise siúil agus rothaíochta ar fud na tíre faoin mbliain 2025, lena n-áirítear sna cúig chathair, faoi chlár náisiúnta nua um bonneagar taistil ghníomhaigh.

Forbrófar pleananna um shaoráidí do choisithe a bhreisiú le haghaidh gach ceann de na cúig limistéar cheannchathartha. Leagfar tograí amach iontu sin le haghaidh gluaiseacht coisithe a bhreisiú agus an ríocht phoiblí a fheabhsú, lena n-áirítear an fhéidearthacht a bhaineann le feabhsuithe a bhaint amach tríd an mbonneagar atá ann cheana a iarfheistiú agus trí bhonneagar nua a sholáthar araon. Ba cheart ceanglais eile soghluaisteachta inbhuanaithe agus riachtanais na n-úsáideoirí uile, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, a chur san áireamh sna pleananna.

Is féidir le scéimeanna comhroinnte rothar an spleáchas ar an gcarr príobháideach le haghaidh turais ghearra a laghdú, turais ilmhódacha a éascú trí naisc 'an chéad mhíle' agus 'an mhíle deiridh' chuig an iompar poiblí a sholáthar, agus pointe iontrála ísealchostais a thairiscint do rothaithe nua. Leathnófar scéimeanna comhroinnte rothar poiblí sna cathracha agus áireofar leo rothair leictreacha a sholáthar i roinnt scéimeanna chun clúdach na dturas a mhéadú.

Tá méaduithe tagtha le blianta beaga anuas ar úsáid an iompair phoiblí. Tógadh breis agus 290 milliún turas paisinéara ar sheirbhísí fóirdheonaithe bus sa bhliain 2019[15]. Sular tháinig paindéim COVID-19 aníos, d'fhág na méaduithe sin go raibh roinnt bealaí iompair phoiblí ag oibriú de réir a lánacmhainne, rud a chruthaigh

[15] www.nationaltransport.ie/wp-content/uploads/2021/12/PSO-Bus-and-Rail-Statistics-Bulletin-for-2019.pdf

plódú le linn buaic-amanna. Cé nach bhfuil sé soiléir cén tionchar fadtéarmach a bheidh ag COVID-19 ar an éileamh taistil, is é a bhí sna fadhbanna acmhainne a bhí ag tarlú roimh an bpaindéim agus san fhíric gur de charr príobháideach a tógadh 62% de thurais i limistéir uirbeacha sa bhliain 2019 ná léiriú gur gá ár ngréasán iompair phoiblí agus ár seirbhísí iompair phoiblí a leathnú go mór. Is taca bunriachtanach don gheilleagar oíche freisin é an t-iompar poiblí agus tá sé tábhachtach go mbeadh roghanna iompair phoiblí ar fáil san oíche agus ar feadh 24 huaire in aghaidh an lae chun freastal ar na riachtanais taistil a bhíonn ag comaitéirí a thaistealaíonn go mall san oíche agus go luath ar maidin agus chun tacú le geilleagar oíche ár gcuid cathracha agus limistéar uirbeach eile.

Is é an córas bus a iompraíonn an líon is mó paisinéirí go mór fada ar fud an chórais iompair phoiblí agus tá sé ríthábhachtach feabhsuithe a dhéanamh air chun inrochtaineacht daoine a fheabhsú agus chun aistriú modha iompair a mhéadú. Is príomhthosaíocht iad seirbhísí feabhsaithe leathnaithe bus agus bonneagar feabhsaithe leathnaithe bus agus, sna cúig limistéar cheannchathartha uile, soláthrófar na feabhsuithe agus na leathnuithe sin trí chláir BusConnects. Tá cláir BusConnects comhdhéanta de roinnt gnéithe difriúla, lena n-áirítear athdhearadh gréasáin seirbhísí bus agus forbairt a dhéanamh ar bhonneagar croíchonairí bus, lena n-áirítear saoráidí leithscartha rothaíochta, ar na bealaí is gnóthaí chun turais a dhéanamh níos gasta, níos sothuartha agus níos iontaofa. Cuirfidh



BusConnects feabhas ar acmhainn agus acmhainneacht an chórais iompair phoiblí trí na flíteanna bus a mhéadú, trí fheithiclí astaíochtaí ísle a chur in ionad na bhflíteanna bus agus trí chóras nua um Thicéadú na Chéad Ghlúine Eile agus um íocaíochtaí gan airgead tirim a thabhairt isteach. Is é an toradh a bheidh ar tharraingteacht na gcóras bus sna cathracha a mhéadú ná go spreagfar aistriú modha iompair amach ó úsáid an chairr phríobháidigh, rud a bheidh mar chúis le laghdú sa phlódú agus sna costais ghaolmhara sna mór-lárionaid uirbeacha. Soláthrófar lánaí tosaíochta bus ar roinnt bealaí gathacha náisiúnta chuig an M50 freisin chun aghaidh a thabhairt ar an bplódú.

Sna cúig limistéar cheannchathartha, is ann do roinnt deiseanna le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ról an iarnróid mar chuid de chóras comhtháite iompair phoiblí. Toradh eile atá ar infheistíocht a dhéanamh in iompar poiblí ardacmhainne, amhail an t-iarnród, is ea go soláthraítear deis le tailte a dhíghlasáil le haghaidh soláthar mórscála tithíochta agus le forbairt atá dírithe ar an iompar a chumasú i bpríomhláithreacha straitéiseacha i ngach ceann de na cúig limistéar cheannchathartha. Ar fud Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath, déanfaidh an Clár DART+ fad na seirbhísí leictrithe a mhéadú faoi thrí ar deireadh thiar. Tá creat soláthair deich mbliana nua i bhfeidhm cheana féin le haghaidh flít nua agus tá an tógáil le tosú ar DART+ Thiar ar dtús, roimh dhul ar aghaidh chuig na tionscadail eile laistigh den chlár foriomlán, mar atá DART+ Thiar Theas, DART+ an Chósta Thuaidh agus DART+ an Chósta Theas. Tá Clár Iarnróid Comaitéireachta Limistéar Chorcaí ar bun cheana féin, rud lena soláthrófar seirbhísí leictrithe ar iarnród fo-uirbeach Chorcaí ar deireadh thiar agus lena gcumasófar forbairt atá dírithe ar an iompar ag roinnt suíomhanna tábhachtacha ar fud an limistéir cheannchathartha. I Luimneach, tá dea-dhul chun cinn déanta ar phleananna maidir leis na saoráidí ag Stáisiún Cholbaird agus sna tailte timpeall an stáisiúin a fhorbairt le haghaidh forbairt chónaithe, agus tá tograí á bhforbairt le haghaidh gréasán iarnróid comaitéireachta na cathrach a leathnú. I nGaillimh, cuirfear tús ar ball le hoibreacha ar Stáisiún an Cheanntaigh agus Stáisiún Órán Mór a athfhorbairt, ar dhá stáisiún iad a thacaíonn le forbairt chónaithe a sholáthar ina gcúlchríoch dhíreach, agus tá tograí eile á bhforbairt maidir leis an gConair ó Bhaile Átha an Rí go Gaillimh go ginearálta. Ag an deireadh ar fad, is amhlaidh i bPort Láirge go bhfuil dea-dhul chun cinn déanta ar phleananna a bhfuil mar aidhm leo an stáisiún traenach atá ann cheana a athlonnú chuig láthair nua ar na Céanna Thuaidh mar chuid de mhórthionscadal athghiniúna uirbí.

Le linn thréimhse feidhme an Bheartais seo, cuirfear tús le MetroLink i mBaile Átha Cliath a thógáil. A luaithe a chuirfear i gcrích é, soláthróidh sé seirbhís iompair phoiblí a bheidh inbhuanaithe, sábháilte, éifeachtúil, comhtháite agus inrochtana idir Sord, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath.

*Cuirfidh BusConnects feabhas ar acmhainn agus acmhainneacht an chórais iompair phoiblí trí na flíteanna bus a mhéadú, trí fheithiclí astaíochtaí ísle a chur in ionad na bhflíteanna bus agus trí chóras nua um Thicéadú na Chéad Ghlúine Eile agus um íocaíochtaí gan airgead tirim a thabhairt isteach.*

Beidh an nasc nua sin ina phríomhdhromlach den mhórchóras comhtháite iompair phoiblí do Bhaile Átha Cliath, i dteannta an chláir BusConnects agus an chláir DART+, agus éascóidh sé forbairt a bheidh dlúth agus dírithe ar an iompar i bpríomhláithreacha. Maidir leis an iarnród éadrom, táthar ag leanúint le tionscadail eile iarnróid éadroim a dhearadh agus a fhorbairt laistigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus de Chorcaigh. Ina theannta sin, déanfar an indéantacht a bhaineann le hiarnród éadrom a sholáthar i nGaillimh a bhreithniú mar chuid den athbhreithniú ar Straitéis Iompair na Gaillimhe, a thosófar sa bhliain 2022.

Lasmuigh de na limistéir faoi fhoirgnimh inár gcathracha, is féidir le saoráidí páirceála agus taistil a sholáthar gar do naisc iompair rochtain ar chathracha a chinntiú do na daoine sin a chónaíonn lasmuigh de na mórlonnaíochtaí agus an gá atá ag daoine le taisteal de charr isteach sna cathracha a laghdú.



# SPRIOC 4

## An fháil ar shoghluaisteacht inbhuanaithe i limistéir réigiúnacha agus thuaithe a mhéadú

Tá sé mar aidhm le Sprioc 4 acmhainn na soghluaisteachta inbhuanaithe, agus an fháil uirthi, i limistéir réigiúnacha agus thuaithe a mhéadú. Déanfar é sin trí bhonneagar feabhsaithe taistil ghníomhaigh a sholáthar, trí sheirbhísí réigiúnacha bus agus iarnróid agus gréasáin áitiúla bus a leathnú, agus trí nascacht idir modhanna difriúla iompair a fheabhsú.

Forbrófar pleananna um shaoráidí do choisithe a bhreisiú freisin le haghaidh na lárionad réigiúnach fáis agus na bpríomhbhailte arna sainaithint sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus sna Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha. Is féidir le bonneagar feabhsaithe siúil agus rothaíochta i mbailte agus i sráidbhailte tacú leis an bprionsabal um Thús Áite do Lár Bailte trí rochtain a thabhairt ar sheirbhísí áitiúla tríd an taisteal gníomhach.

Forbrófar pleananna gréasáin rothaíochta le haghaidh na gcontaetha uile chun an infheistíocht i mbonneagar rothaíochta a threorú, lena n-áireofar bonneagar nua a thógáil agus bonneagar atá ann cheana a iarfheistiú, ar mhaithe le gréasán rotharbhealaí a fhorbairt le haghaidh gach contae. Ag an am céanna, sainaithneofar gréasán straitéiseach náisiúnta rothaíochta, rud lena soláthrófar príomhnaisc idiruirbeacha agus lena gcumasófar forbairt agus soláthar leantach an ghréasáin sin. Chun tionscadail bhonneagair taistil ghníomhaigh a chur i bhfeidhm i bpobail áitiúla, gheofar tacaíocht ó na hacmhainní foirne atá tiomnaithe do thionscadail taistil ghníomhaigh in údaráis áitiúla agus in Oifigí Bóithre Náisiúnta ar fud na tíre.

I bhfianaise acmhainneacht na scéimeanna comhroinnte rothar chun turais ilmhódacha a éascú agus chun tacú le húsáid mhéadaithe a bhaint as taisteal gníomhach, forbróimid samhail le haghaidh scéimeanna comhroinnte rothar sna lárionaid fáis réigiúnaigh agus sna príomhbhailte, lena n-áireofar an fhéidearthacht a bhaineann le rothair leictreacha a sholáthar.

Imríonn glasbhealaí ról tábhachtach, ní amháin maidir leis an méid a rannchuidíonn siad le geilleagar na bpobal ó thaobh turasóireacht agus gníomhaíocht fóillíochta a mhealladh de ach freisin maidir leis an acmhainneacht atá acu chun taisteal gníomhach a chumasú laistigh de phobail áitiúla mar chuid den mhórghréasán rothaíochta laistigh de lonnaíochtaí. Tá tús áite á thabhairt do thuilleadh nascachta idir glasbhealaí agus lár cathracha, bailte agus sráidbhailte.

Ar fud limistéir réigiúnacha agus thuaithe na hÉireann, tá an bus ina chuid dhílis den chóras iompair phoiblí. Faoi mar atá amhlaidh i gcás na gcúig limistéar cheannchathartha, is príomhthosaíocht beartais í seirbhísí bus agus bonneagar bus a fheabhsú agus a leathnú. Thar thréimhse feidhme an Bheartais seo, leanfar le seirbhísí bus a bhreisiú agus a leathnú i mbailte ar fud na tíre chun pobail áitiúla a nascadh ar shlí níos fearr agus chun aistriú modha iompair a chumasú. I limistéir thuaithe na hÉireann, is é an toradh a bheidh ar an gclár ‘Éire a Nascadh’ ón Údarás Náisiúnta Iompair a sholáthar sna blianta atá romhainn ná go gcuirfear feabhas as cuimse ar sheirbhísí bus. Tabharfar isteach seirbhísí áitiúla a bheidh breisithe agus leathnaithe, rud lena soláthrófar naisc níos fearr idir sráidbhailte agus bailte. Is é an toradh a bheidh ar an gclár ná go leathnófar seirbhísí iompair tuaithe Naisc Áitiúil agus go dtabharfar tús áite do thionscadail iompair phoiblí lena mbreiseofar an nascacht réigiúnach agus tuaithe. Imríonn na hoifigí Naisc Áitiúil ról tábhachtach i gcomhtháthú a leabú laistigh den phleanáil seirbhísí iompair trí chomhordú

a dhéanamh ar na ceanglais a bhaineann le rochtain ar dheiseanna fostaíochta, sláinte, sóisialta agus oideachais. Comhtháthófar bealaí áitiúla le seirbhísí breisithe réigiúnacha agus idiruirbeacha bus agus iarnróid chun nascadh chuig cathracha agus chuig lárionaid réigiúnacha. Is é a bheidh i gceist le 'Éire a Nascadh' ná athbhreithniú a dhéanamh ar amchláir na seirbhísí bus agus iarnróid agus iad a chomhtháthú chun a chinntiú go mbeidh comhtháthú níos fearr ann idir modhanna iompair agus seirbhísí iompair agus laistigh díobh araon. Chun tacú le seirbhísí breisithe a sholáthar faoin gclár 'Éire a Nascadh', déanfaimid na flíteanna busanna ar sheirbhísí réigiúnacha agus tuaithe bus ar fud na tíre a athnuachan agus a mhéadú agus forbróimid clár breisithe stadanna bus, lena n-áireofar scáthláin a sholáthar, nuair is cuí, le haghaidh seirbhísí réigiúnacha agus tuaithe.

San Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid, scrúdófar gach gné den iarnród idiruirbeach agus idir-réigiúnach ar oileán na hÉireann agus breithneofar conas nascacht iarnróid réigiúnaigh a fheabhsú. Scrúdófar ann freisin an fhéidearthacht a bhaineann le hiarnród ardluais/le hiarnród níos gasta a thabhairt isteach ar chonairí éagsúla agus an cumas atá ag an iarnród chun iarthuaisceart an oileáin a nascadh chuig an gcuid eile den oileán ar shlí níos fearr.

## **Cás-Staidéar** | Éire a Nascadh

Is é atá sa chlár 'Éire a Nascadh' ná plean cúig bliana ar fhorbair an tÚdarás Náisiúnta Iompair é chun nascacht iompair phoiblí a mhéadú do dhaoine a chónaíonn lasmuigh dár gcuid cathracha agus bailte móra. Tá sé mar aidhm leis an t-iompar poiblí do phobail tuaithe a dhéanamh níos úsáidí do níos mó daoine trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Feabhas a chur ar na seirbhísí atá ann cheana.
- Seirbhísí nua a chur leis.
- Feabhas a chur ar an ngréasán Iompair reatha atá Freagrúil don Éileamh, a fhreastalaíonn ar riachtanais iompair na ndaoine a chónaíonn in áiteanna iargúlta.

Chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar cé na háiteanna a dteastaíonn feabhsuithe iontu, rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair measúnú cuimsitheach, de réir contae, ar an ngréasán reatha seirbhísí rialta iompair phoiblí atá ag oibriú ar fud na tíre. Leis sin, sainaithníodh na réimsí seo a leanas le haghaidh feabhais:

- Aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá ann sa ghréasán, áit nach bhfuil dhá cheann as gach cúig shráidbhaile nasctha chuig an mbaile mór in aice leo.
- Feabhas a chur ar an nascacht idir áiteanna, ós rud é go bhfuil roinnt ceantar dea-nasctha agus nach bhfuiltear ag freastal ar cheantair eile.
- A chinntiú go bhfreastalaíonn an t-iompar poiblí ar fheidhmeanna éagsúla agus go bhfuil níos mó i gceist leis ná díriú ar roghanna a sholáthar le haghaidh taisteal chun na hoibre nó an oideachais.
- Amchláir a chomhtháthú lena chéile ar shlí níos fearr chun an t-iompar poiblí a dhéanamh níos úsáidí agus chun naisc idir roghanna difriúla iompair phoiblí a dhéanamh níos fusa.

Ag obair dóibh ar shlí chomhoibríoch, is iad an tÚdarás Náisiúnta Iompair, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí eile Stáit, an earnáil bus tráchtála, oibritheoirí seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Nasc Áitiúil a chuirfidh an clár 'Éire a Nascadh' chun feidhme. Ag teacht sna sála ar aiseolas arna fháil trí chomhairliúchán poiblí, cuirfidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair tús le pleanáil mhionsonraithe agus cur chun feidhme céimnithe a dhéanamh ar an gclár 'Éire a Nascadh' ón mbliain 2022 i leith.



# Athrú iompraíochta agus bainistíocht éilimh

SPRIOC 5

## Daoine a spreagadh le soghluaisteacht inbhuanaithe a roghnú in ionad an chairr phríobháidigh

Tá sé mar aidhm le Sprioc 5 aistriú modha iompair a spreagadh chuig roghanna níos inbhuanaithe do gach duine, beag beann ar aois, trí bhearta athraithe iompraíochta agus trí bhearta bainistíochta éilimh.

Is féidir leis na roghanna taistil a dhéanann daoine a bheith ag brath ar shaincheisteanna pearsanta amhail aois, inscne agus ioncam. Is féidir leo a bheith ag brath freisin ar na háiteanna ina gcónaíonn agus ina n-oibríonn daoine, ar an bhfáil ar iompar, ar chaoithiúlacht agus ar an timpeallacht thógtha. Taistealaíonn daoine ar raon leathan cúiseanna – le haghaidh oibre, oideachais, siopadóireachta agus fóillíochta, mar shampla. Tá sé mar aidhm leis an mBeartas seo soláthar a dhéanamh ar na tacaí, an infheistíocht, an bonneagar agus an fhaisnéis a theastaíonn chun go mbeidh sé éasca, praiticiúil agus tarraingteach do dhaoine taisteal de shoghluaisteacht inbhuanaithe. Is é an toradh a bheidh ar iompraíocht taistil daoine a athrú chuig roghanna níos inbhuanaithe ná go ndéanfar difear ollmhór dár gcomhshaol agus dár gcuid sláinte agus folláine.

Príomhdhúshlán is ea daoine a spreagadh lena n-iompraíocht taistil a athrú, maidir leis an éileamh taistil a laghdú agus maidir leis na dóigheanna a dtaistealaíonn siad araon. Ní leor roghanna inmharthana eile ar an gcarr príobháideach a chruthú. Chun nósanna a athrú, is gá dúinn dreasachtaí a thabhairt do dhaoine úsáid a bhaint as taisteal gníomhach agus as iompar poiblí. Is gá dúinn freisin bearta a thabhairt isteach chun gluaiseachtaí cairr phríobháidigh a dhéanamh níos neamhtharraingtí in áiteanna ina bhfuil roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe le fáil.

Is bunriachtanas é bainistíocht éilimh chun sciar níos mó de mhodhanna inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun timpeallachtaí uirbeacha atá níos fearr le cónaí iontu a chruthú. Ina theannta sin, tá bainistíocht éilimh ar cheann de na príomhghníomhartha iompair sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021 a bhfuil mar aidhm leo an líon ciliméadar a bhítear ag tiomáint i gcarranna innill dócháin inmheánaigh a laghdú faoi 10% ar a laghad faoin mbliain 2030. Choimisiúnaigh an Roinn Iompair an Staidéar Bainistíochta Éilimh ar na Cúig Chathair sa bhliain 2019. Bhí sé mar aidhm leis a shainaithint cé na nithe a bhrúnn éileamh iompair chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar dhóigheanna ar féidir aistriú níos mó a spreagadh chuig cineálacha níos inbhuanaithe agus níos sláintiúla taistil sna lárionaid uirbeacha is mó in Éirinn, mar atá Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge. Forbraíodh an staidéar in dhá chéim. I gCéim 1, scrúdaíodh na gnéithe cáilíochtúla de bhearta gearrliostaithe bainistíochta éilimh agus forbraíodh sraith foirne uirlisí atá áisiúil don úsáideoir chun cur ar chumas geallsealbhóirí, amhail údaráis áitiúla, bearta cuí bainistíochta éilimh a shainaithint go mear le haghaidh a limistéir. I gCéim 2, rinneadh cainníochtú agus tuar ar an tionchar a bheadh ag bearta áirithe agus rinneadh sraith moltaí fianaisebhunaithe bainistíochta éilimh le haghaidh gach cathrach (agus iad rangaithe de réir a n-éifeachtachta), mar aon le treochlár náisiúnta le haghaidh soláthair. Beidh na fionnachtana agus na moltaí ón staidéar mar bhonn eolais faoi chur chun feidhme na mbeart beartais bainistíochta éilimh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil sna blianta atá le teacht.

Mar chuid den staidéar, rinneadh raon leathan beart a shainaithint agus a mheasúnú maidir leis an tionchar a bheadh acu ar astaíochtaí a laghdú, ar dhul i ngleic leis an bplódú, ar cháilíocht an aeir a fheabhsú, agus ar thimpeallacht uirbeach fhoriomlán na gcúig chathair a fheabhsú. Áirítear leo sin bearta amhail spás bóthair a ath-leithdháileadh amach ó charranna chun tús áite a thabhairt do thaisteal de shiúl na gcos, de rothar agus d'iompar poiblí; roghanna níos sábháilte siúil agus rothaíochta a sholáthar; an líon áiteanna páirceála do charranna a laghdú; agus coincheap na comharsanachta 15 nóiméad a thabhairt isteach, áit ar féidir freastal ar na riachtanais laethúla taistil uile atá ag pobal cathrach trí thuras gearr de shiúl na gcos, de rothar nó d'iompar poiblí. Déanfaidh an Roinn Iompair idirchaidreamh leis na tionóil réigiúnacha agus le húdaráis áitiúla chun teacht ar chonair le haghaidh bearta bainistíochta éilimh a chur chun feidhme sna blianta atá le teacht, agus aird á tabhairt ar mholtaí an Staidéir Bainistíochta Éilimh ar na Cúig Chathair. Bunófar Aonad Bainistíochta Éilimh

nua laistigh den Roinn Iompair chun an obair sin a chur i gcrích. Is é an chéad chéim ná go bhforbróidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair scéim bainistíochta éilimh do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath.

Maidir le cláir reatha um athrú iompraíochta, lena n-áirítear Clár Taistil na Scoileanna Glasa agus Clár na nÁiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus na gCampas Taistil Níos Cliste, leanfaidh siad ar aghaidh agus tacóidh siad le scéimeanna tiomnaithe bonneagair taistil ghníomhaigh amhail an Clár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil agus tuilleadh saoráidí páirceála rothar a sholáthar. Leathnófar oiliúint rothaíochta ar fud na tíre faoin gclár oiliúna Cycle Right do scoileanna chun leanaí agus daoine óga a spreagadh le patrúin taistil níos inbhuanaithe a ghlacadh. Scrúdóimid freisin an fhéidearthacht a bhaineann le tuilleadh dreasachtaí a sholáthar chun méadú in úsáid an taistil ghníomhaigh a chur chun cinn, agus aird á tabhairt ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta sa réimse sin.

Ag obair dó i gcomhpháirt le Sustrans, ar carthanas iompair inbhuanaithe é, d’fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair an suirbhé ‘Bike Life’[16] sa bhliain 2020, an chéad suirbhé riamh do Limistéar Ceannchathartha Bhaile Átha Cliath. Bhí sé mar aidhm leis an suirbhé caighdeánaithe teacht ar dhearcadh a bheadh ionadaíoch do chónaitheoirí Limistéar Ceannchathartha Bhaile Átha Cliath i leith na nithe seo: forleithne agus minicíocht na rothaíochta; na cúiseanna le rothaíocht a dhéanamh; na tuairimí ar na saoráidí rothaíochta ina limistéar/ar a mbealaí; na baic ar rothaíocht a dhéanamh (dóibh sin nach ndéanann rothaíocht); agus athruithe féideartha lena dtabharfaí spreagadh do dhaoine nach rothaithe iad rothaíocht a dhéanamh ar bhonn níos minice. Rinneadh suirbhé eile do Limistéar Ceannchathartha Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2021. Áiríodh leis measúnú ar an siúl sa limistéar agus athraíodh a ainm chuige seo: an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta. Tugann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta tuairisc gach dhá bhliain agus, sna blianta atá romhainn, leathnófar an suirbhé chuig limistéir cheannchathartha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge.

Chun na bearta sin a threisiú, teastóidh mórfheachtas éifeachtach sna meáin a bheidh bunaithe ar thaighde agus ar fhaisnéis do thomhaltóirí chun an pobal i gcoitinne a spreagadh leis an aistriú a dhéanamh chuig modhanna inbhuanaithe, bíodh taisteal de shiúl na gcos, de rothar agus/nó d’iompar poiblí i gceist leo. Beidh sé riachtanach i bhfeachtas den sórt sin aitheantas a thabhairt don raon leathan cohórt atá ann laistigh den phobal a bhíonn ag taisteal, dá n-imthosca ar leith agus dá riachtanais iompair ar leith. Beidh sé sin ina chuid de thionscnamh idirchaidrimh leis an bpobal i gcoitinne mar thaca leis an mBeartas.

[16] www.nationaltransport.ie/bike-life-2019-dublin-metropolitan-area/






CAIBIDIL

5

# Prionsabal 2: Soghluaisteacht atá Dírithe ar an Duine

# Réamhrá

***Ba cheart roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe a bheith ar fáil do gach duine. Tacóimid le cur chuige atá dírithe ar an duine agus atá ceartabhunaithe i leith an Beartas seo a sholáthar ar mhaithe le rochtain a éascú ar an oideachas, ar chúram sláinte, ar an obair agus ar an saol cultúrtha agus poiblí. Is féidir le soghluaisteacht inbhuanaithe a bhfuil rochtain uilíoch uirthi agus atá inacmhainne agus iontaofa difear mór a dhéanamh do cháilíocht na beatha agus an iompair phoiblí agus, go háirithe, is féidir léi cur go mór le haonrú sóisialta a laghdú agus le daoine a chumasú dul thart ina saol laethúil.***

Ba cheart roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe a bheith ar fáil do gach duine. Tacóimid le cur chuige atá dírithe ar an duine agus atá ceartabhunaithe i leith an Beartas seo a sholáthar ar mhaithe le rochtain a éascú ar an oideachas, ar chúram sláinte, ar an obair agus ar an saol cultúrtha agus poiblí. Is féidir le soghluaisteacht inbhuanaithe a bhfuil rochtain uilíoch uirthi agus atá inacmhainne agus iontaofa difear mór a dhéanamh do cháilíocht na beatha agus an iompair phoiblí agus, go háirithe, is féidir léi cur go mór le haonrú sóisialta a laghdú agus le daoine a chumasú dul thart ina saol laethúil.

Faoin mBeartas seo, leanfaimid lenár gcórais siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí a dhéanamh níos inrochtana i gcónaí do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu agus do dhaoine scothaosta, agus cur chuige deartha uilíoch chomhtháite á úsáid againn. Má dhírímid ar na riachtanais atá ag ár n-úsáideoirí is soghonta, is féidir linn roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe a fheabhsú do gach duine. Cuirfear díriú comhionannais i bhfeidhm i leith tionscadail soghluaisteachta inbhuanaithe a phleanáil, a dhearadh agus a oibriú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail sábháilteacht, rochtain, iontaofacht agus áisiúlacht agus compord.

Beidh iarracht ar thaobh an duine aonair agus iarracht chomhchoiteann araon ag teastáil chun an t-aistriú riachtanach a dhéanamh i dtreo soghluaisteacht inbhuanaithe. Beidh sé riachtanach idirchaidreamh a dhéanamh leis an bpobal agus le geallsealbhóirí má táthar chun prionsabail agus spriocanna an Bheartais seo a bhaint amach. Déanfaimid tuilleadh idirchaidrimh leis an bpobal maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe agus leanfaimid le hobair i gcomhar le geallsealbhóirí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil de réir mar a chuirtear an Beartas chun feidhme.

Forbraíodh trí sprioc ardleibhéil chun cabhrú linn an prionsabal sin a chomhlíonadh.

### Soghluaisteacht atá Dírithe ar an Duine

**Spriocanna**

**6. Cur chuige uilethurais a ghlacadh i leith na soghluaisteachta, agus rochtain chuimsitheach do chách á cur chun cinn.**

**7. Bonneagar a dhearadh de réir Prionsabail Deartha Uilíoch agus shamhail an Ordlathais Úsáideoirí Bóithre,**

**8. Soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn trí thaighde agus trí idirchaidreamh le saoránaigh.**




## An dearcadh idirnáisiúnta | Soghluaisteacht atá dírithe ar an duine

Sa tuarascáil dar teideal Transport Strategies for Net-Zero Systems by Design ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, moltar go ndéanfaí aistriú sa bheartas iompair chun an spleáchas ar an gcarr a aisiompú agus chun astaíochtaí a laghdú, agus feabhas á chur ar fholláine ag an am céanna. Is é atá i gceist leis sin: (i) bogadh ar shiúl ó dhíriú ar shoghluaisteacht agus i dtreo díriú ar inrochtaineacht; agus (ii) bogadh ar shiúl ó fheabhas a chur ar fheidhmíocht feithiclí i gcórais atá spleách ar an gcarr agus i dtreo feidhmiú na gcóras a bhunathrú chun feabhais (i.e., meon sistéamach) ionas gur féidir le daoine áiteanna a rochtain go héasca gan aon ghá le hachair fhada a thaisteal chun freastal ar gach riachtanas laethúil.

Sainaithnítear inti na beartais seo a leanas a bhfuil an acmhainneacht acu an spleáchas ar an gcarr a aisiompú:

- **Sráideanna a athdhearadh agus an spás poiblí a bhainistiú ar shlí níos fearr** chun treocht an éilimh spreagtha a aisiompú (i.e., an méadú ar úinéireacht agus úsáid feithiclí) trí spás poiblí agus infheistíocht phoiblí a ath-leithdháileadh ar mhodhanna ísealcharbóin agus ar mhodhanna atá éifeachtúil ó thaobh spáis de agus trí úsáid spáis a chothromú idir an t-iompar agus úsáidí eile. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin ná 'trácht a chur as amharc' agus modhanna inbhuanaithe a dhéanamh ina ngné lárnach den dóigh a ngluaiseann daoine gach lá. Breithnítear sa tuarascáil an dearadh reatha ar shráideanna cathrach, áit a dtugtar spás bóthair iomarcach méadaitheach do charranna agus a gcothaítear spleáchas ar an gcarr dá bharr sin.
- **Pleanáil spáis a bhfuil mar aidhm léi daoine a thabhairt níos gaire d'áiteanna** ar mhaithe le sraoilleáil uirbeach a aisiompú. Tugtar aird sa tuarascáil ar an acmhainneacht atá ag coincheap na cathrach 15 nóiméad chun cinntí pleanála a threorú agus a chomhordú ionas nach mbeidh ar dhaoine achair fhada a thaisteal a thuilleadh chun freastal ar a riachtanais laethúla agus ionas go mbeidh siad in ann a lán áiteanna a shroicheadh de shiúl na gcos nó de rothar laistigh de 15 nóiméad.
- **Beartais a bhfuil mar aidhm leo soghluaisteacht chomhroinnte a phríomhshruthú** ar mhaithe le dlús a chur le forbairt gréasán iompair inbhuanaithe. Meastar sa tuarascáil gur gá gréasáin iompair phoiblí a neartú chun gaiste coitianta a sheachaint, is é sin: iompar poiblí ísealchostais, ísealioncaim agus ísealcháilíochta. Ar aon dul leis sin, sainaithnítear sa tuarascáil gur gá tacú le rothair chomhroinnte agus micrea-shoghluaisteacht a phríomhshruthú agus le seirbhísí micri-iompair ar éileamh a leathnú chun na modhanna sin a dhéanamh ina roghanna áisiúla do thurais laethúla.






# Cur chuige uilethurais

## SPRIOC 6

## Cur chuige uilethurais a ghlacadh i leith na soghluaisteachta, agus rochtain chuimsitheach do chách á cur chun cinn

Tá sé mar aidhm le Sprioc 6 tacú le cur chuige uilethurais a ghlacadh idir turas a phleanáil agus an ceann scríbe deiridh a bhaint amach agus soghluaisteacht inbhuanaithe a dhéanamh inrochtana agus inacmhainne do gach duine. Tacaítear le cur chuige uilethurais faoi Sprioc 7 agus faoi Sprioc 10 freisin trí chur chuige deartha uilíoch a chur chun feidhme i leith bonneagar nua agus bonneagar iarfheistithe a dhearadh, trí chloí leis an Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha agus trí shoghluaisteacht chomhtháite a chur chun cinn trí theicneolaíochtaí nuálacha a úsáid.

Ceann de na príomhthosaíochtaí is ea 'Rochtain do Chách' a chumasú trí bhonneagar agus seirbhísí soghluaisteachta inbhuanaithe a sholáthar atá inrochtana do gach úsáideoir, go háirithe daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu agus daoine scothaosta. Tá an coincheap sin bunaithe ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ar an Acht um Míchumas, 2005, agus ar straitéisí náisiúnta, lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas agus an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Leanfaimid lenár ngréasáin siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí a dhéanamh níos inrochtana i gcónaí trína chinntiú go mbeidh bonneagar agus seirbhísí nua inrochtana ón tús agus trí sheansaoráidí a iarfheistiú chun iad a dhéanamh inrochtana. Rinneadh cuid mhór oibre cheana féin le blianta beaga anuas ar stáisiúin bus agus traenach a iarfheistiú chun inrochtaineacht bhreisithe a sholáthar do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu. Mar sin féin, tá tuilleadh oibre ag teastáil fós chun a chinntiú go mbeidh na stáisiúin uile lán-inrochtana. Leanfar le feabhas a chur ar inrochtaineacht an ghréasáin bus do gach úsáideoir trí infheistíocht a dhéanamh i stadanna bus, lena n-áirítear uasghráduithe ar chuaillí agus ar an bhfaisnéis a sholáthraítear ag stadanna. Tá tábhacht ag baint le gnéithe eile maidir le cur chuige uilethurais a chothú, lena n-áirítear na nithe seo a leanas: tranglam a bhaint de chosáin; trasrianta leacaithe a sholáthar d'úsáideoirí cathaoir rothaí; cosáin agus raonta rothar leanúnacha a sholáthar feadh acomhail taobh-bhóithre agus bealaí isteach réadmhaoine; saoráidí rothaíochta níos leithne a sholáthar chun freastal ar rothaithe faoi mhíchumas; deireadh a chur le rialuithe rochtana (geataí

aonfhir) lena dtoirmisctear úsáideoirí cathaoir rothaí agus rothair neamhthraidisiúnta; trasrianta inchloiste coisithe a sholáthar; agus faisnéis a sholáthar i bhformáidí inrochtana.

Comhlánófar feabhsuithe bonneagair trí leanúint le tionscnaimh oibríochtúla a bhfuil mar aidhm leo seirbhísí iompair phoiblí a dhéanamh níos inrochtana. Áirítear leis na tionscnaimh sin an Scéim Cúnaimh Taistil, Cárta Just a Minute (JAM), oiliúint do bhaill foirne i bhfeasacht ar mhíchumas, agus grúpaí úsáideoirí iompair phoiblí faoi mhíchumas.

Mar chuid den chlár BusConnects sna cathracha, simpleofar táillí ar mhaithe le cómhalartú réidh a éascú. Déanfar amhlaidh trí struchtúir choiteanna táillí ambhunaithe a thabhairt isteach ar fud na modhanna uile. Cuireadh an méid sin chun feidhme i réigiún Bhaile Átha Cliath cheana féin nuair a tugadh an táille 90 nóiméad isteach. Tríd an táille sin a íoc, is féidir le duine roinnt turas a thógáil ar mheascán de sheirbhísí bus, iarnróid agus iarnróid éadroim gan aon chostas eile, fad a thosóidh an chéim dheiridh den turas laistigh de 90 nóiméad ó thús na chéad chéime.

Ina theannta sin, tabharfar Cárta Taistil Aosaigh Óig isteach ar dtús chun aosaigh óga idir 19 mbliana d'aois agus 23 bliana d'aois a chumasú leas a bhaint as lascaine 50% ar gach seirbhís fhóirdheonaithe iompair phoiblí, lena n-áirítear seirbhísí cathrach, seirbhísí idirchathrach agus seirbhísí tuaithe. Is dóigh go gcuirfear é sin chun feidhme trí ardán Chárta Leap a úsáid. Eiseofar Cárta pearsantaithe Aosaigh Óig chuig gach duine atá incháilithe agus rachaidh an cárta in éag tráth a bhainfidh an sealbhóir cárta 24 bliana amach. Déanfar breithniú ar mhic léinn aibí atá i mbun staidéar lánaimseartha a chur ar áireamh sa chlár. Beidh an táille 50% cothrom leis an leathchuid de luach na táille caighdeánaí singil aosaigh ar fhormhór na ngréasán. I gcás oibritheoirí áirithe, is féidir go mbainfear an lascaine amach trí na huasteorainneacha laethúla agus seachtainiúla a shocrú ag 50% den uasteorainn chaighdeánach.

Déanfar straitéis nua táillí a fhorbairt agus a chur chun feidhme freisin chun córas cothromasach táillí a chinntiú ar gach seirbhís fhóirdheonaithe is infheidhme. Beidh sé mar aidhm leis an struchtúr níos cothromasaí a chinntiú gur bunaithe ar fhad a bheidh na táillí do gach seirbhís neamhuirbeach iompair phoiblí agus tacú ag an am céanna leis na hardtáillí a ghearrtar i leith seirbhísí gasta agus mearsheirbhísí. Chun freastal ar an ngá le struchtúir shimplí a chur i bhfeidhm chun taisteal idirmhódach agus bordáil/tuirlingt ghasta a chothú, ní bheidh táillí ceannchathartha bunaithe ar fhad amháin.



## **Cás-Staidéar |** An Scéim Cúnaimh Taistil

Tugadh an Scéim Cúnaimh Taistil isteach sa bhliain 2007. Tá sí á cistiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus á bainistiú ag Bus Átha Cliath. Is Scéim saor in aisce í, atá ar fáil do gach duine os cionn 18 mbliana d'aois. Tríd an scéim, féadfaidh daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu agus daoine scothaosta leas a bhaint as cúnamh agus comhairle phraiticiúil maidir le conas taisteal go neamhspleách ar sheirbhísí bus, DART agus Luas laistigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Tá sé mar aidhm leis an scéim cabhrú le rannpháirtithe tuilleadh muiníne a ghnóthú as an iompar poiblí a úsáid, cibé acu a bhíonn siad ag taisteal chuig agallaimh phoist, chuig coinní ospidéil nó chuig ócáidí sóisialta.

Le cabhair ó chúntóir taistil, tarraingítear plean taistil saincheaptha suas chun freastal ar na riachtanais atá ag gach custaiméir aonair. Tugann na cúntóirí taistil cúnamh d'úsáideoirí thar roinnt laethanta. Faigheann úsáideoirí cúnamh ar an turas amach agus ar an turas fillidh araon, toisc nach ionann iad i gcónaí. Baineann na cúntóirí taistil triail as na turais freisin, agus iad ag glacadh modhanna chun cineálacha difriúla míchumais a léiriú (mar shampla, spéaclaí dubhlionsa a úsáid).

Soláthraíodh cúnamh taistil breis agus 1,200 uair faoin Scéim Cúnaimh Taistil sa bhliain 2019, agus custaiméirí a dteastaíonn cúnamh uathu ag gnóthú na muiníne chun taisteal go neamhspleách ar fud an iompair phoiblí i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath dá bharr sin. D'fhreastail cúntóirí taistil ar 31 chruinniú le grúpaí freisin chun labhairt faoin tslí is sábháilte chun taisteal ar an iompar poiblí.

Leathnófar an Scéim Cúnaimh Taistil chuig cathracha lasmuigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath anois.



# Dearadh bonneagair

SPRIOC 7

## Bonneagar a dhearadh de réir Prionsabail Deartha Uilíoch agus de réir shamhail an Ordlathais Úsáideoirí Bóithre.

Tá sé mar aidhm le Sprioc 7 tacú le tréscaoilteacht mhéadaithe chun a chinntiú go n-úsáidfear prionsabal an deartha uilíoch agus samhail an Ordlathais Úsáideoirí Bóithre chun eolas a dhéanamh do na cinntí infheistíochta a dhéanfar sa todhchaí chun neamh-chomhionannais a laghdú, chun tacú le cur chuige uilethurais agus chun tús áite a thabhairt do shoghluaisteacht inbhuanaithe.

Ba cheart do shoghluaisteacht inbhuanaithe freastal ar gach earnáil den tsochaí, agus níor cheart an rochtain atá ag daoine ar dheiseanna le post a fháil, le hoideachas a fháil nó le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eile a chur i gcontúirt de bharr dhearadh an bhonneagair siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí nó de bharr feithiclí.

Táimid tiomanta do chur chuige deartha uilíoch a chur chun feidhme i leith bonneagar siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí a dhearadh agus i leith seanbhonneagar a iarfheistiú. De réir an tsainmhínithe ón Údarás Náisiúnta Míchumais, is é atá i gceist le dearadh uilíoch ná timpeallacht a dhearadh agus a chomhshuíomh chun gur féidir le gach duine í a rochtain, a thuiscint agus a úsáid a mhéid is féidir, beag beann ar a n-aois, a méid, a gcumas ná a míchumas.

Sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha, féachtar le sráideanna dea-dheartha a chur i gcroílár pobal inbhuanaithe agus tacaítear leis an mbeartas rialtais i leith cúrsaí comhshaoil, pleanála agus iompair. Comhthionscnamh idir an Roinn Iompair agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta is ea an Lámhleabhar Deartha, ina gcuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige ildisciplíneach a ghlacadh i leith dearadh sráideanna chun a chinntiú go nglacfar cur chuige iomlánaíoch. Tugtar sa Lámhleabhar Deartha na bearta praiticiúla a theastaíonn chun na nithe seo a leanas a bhaint amach:


- Sráideanna ardnasctha lena gcumasaítear do dhaoine siúl agus rothaíocht a dhéanamh chuig príomhchinn scríbe ar shlí dhíreach sho-aimsithe.
- Timpeallacht sráideanna atá sábháilte agus compordach do choisithe agus rothaithe de gach aois.
- Sráideanna lena rannchuidítear le pobail tharraingteacha bheoga a chruthú.
- Sráideanna lena moillítear trácht trí raon beart deartha lena méadaítear an fheasacht atá ag tiománaithe ar a dtimpeallacht.

Eisíodh treoir nuashonraithe faoin Lámhleabhar Deartha sa bhliain 2020 tar éis cistiú méadaithe a thabhairt d'údaráis áitiúla chun feabhas a chur ar an mbonneagar siúil agus rothaíochta ar fud na tíre mar fhreagairt do phaindéim COVID-19. Cuireadh in iúl sa treoir sin gur cheart do dhearthóirí a chinntiú go mbeidh bonneagar den sórt sin ag teacht le prionsabal an deartha uilíoch.

Nuashonrófar an Lámhleabhar Deartha chun aird a thabhairt ar na hathruithe a rinneadh le blianta beaga anuas agus cuirfear oiliúint ar dhearthóirí agus ar bhainisteoirí tionscadal i ndearaí sábháilte éifeachtacha a sholáthar. Leanfaimid le cur chuige comhpháirteach a chothú idir an Roinn Iompair agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun a chinntiú go



**Fíor 8:** *Samhail an Ordlathais Úsáideoirí Bóithre*




gcuirfear an Lámhleabhar Deartha chun feidhme ar shlí níos forleithne agus níos comhsheasmhaí nuair a bheidh bonneagar nua agus bonneagar iarfheistithe araon á ndearadh.

Tá an Lámhleabhar Deartha i bhfách le samhail an Ordlathais Úsáideoirí Bóithre, ar samhail í atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus ina dtugtar 'tús áite do choisithe' ar mhaithe le patrúin taistil níos inbhuanaithe agus sráideanna níos sábháilte a spreagadh. Aithnítear sa tsamhail sin gurb amhlaidh, trí thús áite a thabhairt do choisithe in obair deartha, gur féidir an líon turas gearr a thógtar de charr a laghdú agus an t-iompar poiblí a dhéanamh níos inrochtana. Aithnítear sa Lámhleabhar Deartha gur le saincheist an chothromais shóisialta freisin a bhaineann an gá le tuilleadh pobal insiúlta a chruthú, toisc gur ag na daoine is boichte agus is soghonta sa tsochaí – leanaí, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas ina measc – a bhíonn an rochtain is lú ar charranna.

Tar éis coisithe, is do rothaithe a thugtar tús áite i samhail an Ordlathais Úsáideoirí Bóithre. Tugtar faoi deara sa Lámhleabhar Deartha go bhfuil acmhainneacht ag rothair chun áit mótarfheithiclí a ghlacadh mar mhodh malartach iompair do thurais ghearr-raoin agus do thurais mheánraoin agus, i gcásanna áirithe, do thurais fadraoin. I gcás turas taistil ghníomhaigh, tá fianaise ann gur féidir achair níos faide fós a thaisteal de rothair leictreacha, a bhíonn ag gnóthú sciar méadaitheach den mhargadh .

Táthar ag baint leas as an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta ón Údarás Náisiúnta Iompair chun dearadh an bhonneagair rothaíochta a threorú ón mbliain 2011 i leith. Foilseofar lámhleabhar nuashonraithe chun aird a thabhairt ar na hathruithe a rinneadh ar chaighdeáin deartha agus chun an treoir atá sa Lámhleabhar Deartha a chomhlánú. Déanfar breithniú ann freisin ar shaincheisteanna amhail riachtanais slándála pearsanta, rud a bhfuil tábhacht ar leith leis i gcás an bhonneagair easbhóthair. Toisc thábhachtach eile atá le breithniú agus an bonneagar rothaíochta á dhearadh is ea modhanna soghluaisteachta pearsanta atá ag teacht chun cinn. Tá fás tagtha le blianta beaga anuas ar an úsáid a bhaintear as rothair leictreacha, rothair lasta, trírothaigh agus rothair ilsuíocháin teaghlaigh agus ar an úsáid a bhaintear as rothair láimhe agus rothair

[17] www.sciencedirect.com/science/article/pii/S0967070X21003401?via%3Dihub

oiriúnaithe lena bhfreastalaítear ar úsáideoirí a bhfuil raon fadhbanna soghluaisteachta acu. Ba cheart don bhonneagar rothaíochta, idir sheanbhonneagar agus bhonneagar nua, bheith in ann freastal ar gach úsáideoir agus ar gach cineál rothair agus níor cheart do dhearadh an bhonneagair bac a chur ar inrochtaineacht ná tuilleadh daoine a chur ó mhodhanna gníomhacha taistil a úsáid. Comhlánófar an lámhleabhar nuashonraithe trí shraith seisiún oiliúna a reáchtáil do gheallsealbhóirí ábhartha.

Tá an t-iompar poiblí suite tar éis rothaithe san ordlathas úsáideoirí bóithre agus ba cheart tús áite a thabhairt dó roimh fheithiclí inneallghluaiste eile. Trí dhearadh a dhéanamh ar bhonneagar siúil agus rothaíochta atá inrochtana agus lena nasctar roghanna bus agus roghanna iarnróid go héasca lena chéile, is féidir linn tacú le turais taistil ghníomhaigh 'an chéad mhíle' agus 'an mhíle dheiridh' a thógtar ó stadanna iompair phoiblí chuig an oideachas agus chuig áiteanna oibre agus chun críocha miondíola, fóillíochta agus áineasa. Déanfaimid treoirlínte, caighdeáin agus reachtaíocht tacaíochta atá ann cheana a athbhreithniú, a fhorbairt agus a athrú chun dáta, nuair is gá, chun gur féidir raon réiteach éagsúil a fhorbairt le haghaidh an spás bóthair a ath-leithdháileadh nó a athdhearadh chun tús áite a thabhairt do choisithe, do rothaithe agus d'úsáideoirí iompair phoiblí.

Is é an aidhm atá ann treoirlínte agus caighdeáin a nuashonrú agus a fhorbairt chun go mbeidh siad ag teacht níos gaire le breithniúcháin inbhuanaitheachta, le breithniúcháin athrú aeráide agus le breithniúcháin sábháilteachta ar bhóithre ar shlí chomhordaithe. Chun déanamh amhlaidh, beidh comhordú agus comhoibriú níos fearr ag teastáil idir an Roinn Iompair, ranna eile rialtais, gníomhaireachtaí amhail an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bonneagar Iompair Éireann, agus údaráis áitiúla. Bunaíodh grúpa comhordúcháin agus formhaoirseachta, a chuimsíonn na príomh-gheallsealbhóirí uile, chun tacú leis an obair sin. Ní hé amháin go bhféachfaidh an grúpa sin le haghaidh a thabhairt ar dhearadh an bhonneagair, ach féachfaidh sé le haghaidh a thabhairt ar chothabháil, cáilíocht agus comhsheasmhacht an bhonneagair freisin.

Tá sé tábhachtach go ndéanfaí an tOrdlathas Úsáideoirí Bóithre a ghlacadh agus a chur chun feidhme ar bhóithre agus sráideanna nua agus ar bhóithre agus sráideanna atá ann cheana araon chun a chinntiú go n-éireoidh lár sráidbhailte, bailte agus cathracha ar fud na tíre i bhfad níos dírithe ar an duine agus go laghdófar ceannas an chairr phríobháidigh iontu.

Bíonn aonaid á mbunú in údaráis áitiúla chun scéimeanna taistil ghníomhaigh a chur chun feidhme i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus leis an treoir náisiúnta maidir le dearadh. Bunófar foireann iniúchóireachta bonneagair laistigh den Údarás Náisiúnta Iompair freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a mbítear ag comhlíonadh na treorach náisiúnta maidir le dearadh, lena n-áirítear an Lámhleabhar Deartha agus an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta, agus chun measúnú a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige luach ar airgead a ghlactar le linn dearadh agus tógáil.

Tá sé tábhachtach a chinntiú freisin go mbeidh an bonn cuí scileanna i bhfeidhm le haghaidh dearadh uirbeach agus pleanáil iompair, go háirithe in údaráis áitiúla a bhfuil ról tábhachtach le himirt acu ina leith sin. Tacófar leis an obair sin trí oiliúint ghairmiúil leanúnach i bpríomhscileanna deartha a leathnú agus trí chaighdeáin náisiúnta a chur i bhfeidhm.



## Cás-Staidéar | Travelling in a Woman's Shoes

D'fhoilsigh Bonneagar Iompair Éireann tuarascáil dar teideal Travelling in a Woman's Shoes[18] sa bhliain 2020. Sa tuarascáil sin, tarraingíodh aird ar na príomhléargais agus na príomhfhionnachtana ó staidéar a rinneadh chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar phatrúin agus riachtanais taistil na mban i gcomhthéacs na hÉireann agus chun eolas a dhéanamh do bheartas agus dearadh iompair inbhuanaithe amach anseo.

Fuarthas amach sa staidéar go mbíonn mná in Éirinn an-spleách ar an gcarr agus go mbíonn mórfhreagrachtaí cúraim, ábhair imní sábháilteachta agus comhionannas rochtana ar na príomhthosca taobh thiar den spleáchas sin. Fuarthas amach ann go bhfuil fonn láidir ar mhná modhanna iompair níos inbhuanaithe a úsáid agus sainaithníodh ann na deiseanna beartais atá ar fáil chun tacú leis an aistriú modha sin.

Trí dhul i ngleic leis na bacainní atá roimh mhná maidir leis an iompar a rochtain agus a úsáid, is féidir linn freastal ar shlí níos fearr ar na riachtanais taistil atá ag na húsáideoirí uile agus a chinntiú go mbeidh soghluaisteacht inbhuanaithe sábháilte, inrochtana, iontaofa, áisiúil, compordach agus cuimsitheach do gach duine – mná, leanaí, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas ina measc. Cuirfear tuilleadh beart i bhfeidhm chun tacú le cuid mhór de na deiseanna beartais a sainaithníodh sa tuarascáil. Áirítear leo sin tionscnaimh lena dtacaítear leis na nithe seo a leanas:

- "cathair 15 nóiméad" ar féidir í a rochtain tríd an siúl agus tríd an rothaíocht
- lánaí agus ceachtanna rothaíochta sábháilte
- cumhdach níos fearr iompair phoiblí
- réitigh le haghaidh soghluaisteacht ó cheann go ceann
- faisnéis fíor-ama níos fearr
- réitigh chomhleanúnacha agus obair i gcomhpháirt
- tuairisciú éifeachtach teagmhas
- iniúchtaí sábháilteachta
- dearadh ina dtugtar aird ar raon cineálacha míchumais agus ar shaincheisteanna a bhaineann le haois agus le sláinte
- eagsúlacht agus cuimsiú trí chumarsáidí
- riachtanais iompair i gcomharsanachtaí áitiúla
- cur chuige comhtháite i leith úsáid talún
- bonneagar agus saoráidí níos fearr don siúl agus don rothaíocht
- taisteal ilmhódach



[18] www.tii.ie/technical-services/research/TII-Travelling-in-a-Womans-Shoes-Report_Issue.pdf

# Taighde agus idirchaidreamh le saoránaigh

SPRIOC 8

## Soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn trí thaighde agus trí idirchaidreamh le saoránaigh

Tá sé mar aidhm le Sprioc 8 feabhas a chur ar thaighde agus ar idirchaidreamh le saoránaigh maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe agus ar chomhoibriú le ranna eile rialtais, le gníomhaireachtaí agus le geallsealbhóirí maidir leis an mBeartas a sholáthar.

Chun an Beartas seo a sholáthar ar shlí éifeachtach thráthúil, teastóidh ceannaireacht láidir ar thaobh na Roinne Iompair agus comhoibriú feabhsaithe ar fud an rialtais, an Údaráis Náisiúnta Iompair, Bhonneagar Iompair Éireann, na dtionól réigiúnach, údaráis áitiúla agus príomh-gheallsealbhóirí eile. Mar gheall ar uaillmhian an Rialtais i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide agus ar an rannchuidiú tábhachtach is féidir le soghluaisteacht inbhuanaithe a imirt, beidh ar an mBeartas seo soláthar a éascú agus éachtaí amhail laghdú carbóin agus comhthairbhí eile a thaispeáint freisin. Rud ba thábhachtaí fós, teastóidh ón mBeartas seo tacaíocht láidir ó gheallsealbhóirí, go háirithe ó shaoránaigh. Is iad sin na daoine a bhfuil an Beartas seo dírithe go príomha orthu go fóill.

## Grúpa Ceannaireachta

Bunófar Grúpa Ceannaireachta chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Bheartais agus ar sholáthar an phlean gníomhaíochta agus chun na nithe sin a bhrú chun cinn. Beidh an grúpa faoi chathaoirleacht ag Rúnaí Cúnta laistigh den Roinn Iompair agus tabharfaidh sé tuairisc don Aire Iompair ar bhonn ráithiúil, agus éachtaí, réimsí ina bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh, baic agus gníomhartha ceartaitheacha á sainaithint aige. Leis na tuairiscí sin, comhlánófar na próisis tuairiscithe don mhór-Phlean Gnímh don Aeráid.

Cuimseoidh an Grúpa Ceannaireachta cinnteoirí sinsearacha laistigh den Roinn Iompair atá freagrach as na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: gníomhú ar son na haeráide; taisteal gníomhach; seirbhísí iompair phoiblí agus infheistíocht i seirbhísí iompair phoiblí; agus bóithre. Cuimseoidh sé ionadaithe ó ranna ábhartha eile rialtais freisin, lena n-áirítear an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Cuimseoidh an Grúpa Ceannaireachta ionadaithe sinsearacha ó na príomhghníomhaithe soláthair atá ainmnithe sa phlean gníomhaíochta ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil freisin, lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach agus na tionóil réigiúnacha.

Soláthróidh an Roinn Iompair an rúnaíocht don Ghrúpa Ceannaireachta. Bainfidh an Grúpa Ceannaireachta leas as saineolas ábhartha chun soláthar a threorú agus a chothú, lena n-áirítear bainistíocht clár, taighde agus samhaltú iompair, agus saineolas dlí.

Féachfaidh an Grúpa Ceannaireachta ar shamhlacha praiticiúla le haghaidh dlús a chur le soláthar i réimse an iompair, agus é ag cur leis na heispéiris nuálacha chomhoibríocha a bhí ann ar fud na seirbhíse poiblí le linn phaindéim COVID-19. Chomh maith leis sin, lorgóidh sé ionadaíocht chun tacú lena chuid oibre agus cuirfidh sé dearcthaí idirnáisiúnta agus disciplín athbhreithniú piaraí lena chuid oibre.

Foilseoidh an Grúpa Ceannaireachta tuarascáil bhliantúil, ina mbainfidh sé leas as na sonraí ón Suirbhé Náisiúnta Taistil Teaghlaigh, ar suirbhé bliantúil nua é, chun an dul chun cinn ar chomhlíonadh spriocanna an Bheartais a leagan amach, agus an dul chun cinn ar chur chun feidhme an Bheartais á chur i gcomparáid leis na gníomhartha atá sa phlean gníomhaíochta.

## Clár Fionnachtaí

Mar gheall ar an ngá le gníomhú go tapa chun conair a leagan amach i dtreo na spriocanna uaillmhianacha aeráide atá leagtha síos don iompar a chomhlíonadh, cuirfear de chúram ar an nGrúpa Ceannaireachta ar dtús sásra a chomhaontú chun clár mórthionscadal "fionnachtaí" a sholáthar ar an leibhéal áitiúil thar an gcéad trí bliana eile. Tá sé i gceist go soláthrófar leis na tionscadail sin teimpléad d'fhorbairt atá dírithe ar an duine, ar teimpléad é is féidir a mhacasamhlú agus a mhéadú ó scála. Spreagfar cineálacha turgnamhacha nuálacha cur chuige i gcás gur féidir na nithe sin a sholáthar agus i gcás gur féidir déanamh amhlaidh go tapa. Ba cheart do na tionscadail a thaispeáint go bhfuil acmhainn acu feabhas a chur ar cháilíocht an aeir agus laghdú carbóin agus/nó comhthairbhí eile a bhaint amach ar aon dul le spriocanna an Bheartais seo.

## Idirchaidreamh le geallsealbhóirí

Beidh tionchar ag an mBeartas seo ar raon leathan geallsealbhóirí, go háirithe an saoránach. Mar sin, teastóidh uaidh idirchaidreamh rialta éifeachtach leis na geallsealbhóirí sin chun a chinntiú go mbíonn ag éirí leis an mBeartas na spriocanna atá aige a chomhlíonadh. Tionólfar Fóram Náisiúnta Soghluaisteachta Inbhuanaithe nua ar bhonn bliantúil chun dul chun cinn a athbhreithniú.

Tabharfar cuireadh d'ionadaithe – idir sholáthraithe agus thairbhithe – ó gach cuid den earnáil iompair agus soghluaisteachta chun páirt a ghlacadh san fhóram. Áireofar leo sin ionadaithe uathu seo a leanas: soláthraithe ábhartha iompair (idir sholáthraithe poiblí agus sholáthraithe príobháideacha); ceardchumainn; údaráis áitiúla; grúpaí tathanta d'úsáideoirí iompair (mar shampla rothaithe, coisithe, daoine faoi mhíchumas, paisinéirí agus tomhaltóirí); acadóirí; leasanna comhshaoil; agus rialálaithe.

Beidh sé ríthábhachtach idirchaidreamh a dhéanamh leis an bpobal agus tacaíocht a fháil ó shaoránaigh chun an t-aistriú modha a dhéanamh agus chun ár spriocanna aeráide a chomhlíonadh. Is féidir tacú le hathrú iompraíochta trí idirchaidreamh a dhéanamh maidir leis na tairbhí a bhaineann le soghluaisteacht inbhuanaithe agus trí fheasacht a mhúscailt ar an bhfáil ar roghanna eile ar an gcarr príobháideach, go háirithe do thurais ghearra. Seolfar mórfheachtas éifeachtach sna meáin mar chuid den idirchaidreamh sin, ar lena linn a aithneofar an raon éagsúil cohórt atá ann laistigh den phobal taistil, a n-imthosca ar leith, agus na riachtanais iompair atá acu.

*Tionólfar Fóram Náisiúnta Soghluaisteachta Inbhuanaithe nua ar bhonn bliantúil chun dul chun cinn a athbhreithniú.*

## An Chomhairle Chomhairleach Údaráis Náisiúnta Iompair

Chun cur ar chumas an Údaráis Náisiúnta Iompair cur leis an ról atá aige cheana i ndáil leis an earnáil soghluaisteachta inbhuanaithe, leathnófar sainchúram an Údaráis tuilleadh, ar aon dul leis an ngealltanas atá tugtha sa Chreat Náisiúnta Pleanála chun feidhmeanna pleanála iompair an Údaráis a leathnú chun go gcuimseoidh siad na cathracha uile. Ina fhianaise sin, leasófar alt 17 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, chun comhairle chomhairleach níos leithne a bhunú ar an leibhéal náisiúnta chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an Údarás maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna. Beidh cathaoirleach neamhspleách ag an gComhairle Chomhairleach Údaráis Náisiúnta Iompair agus áireofar lena cuid comhaltaí ionadaithe ó na tionóil réigiúnacha, ón nGarda Síochána, ó cheardchumainn a n-oibríonn baill dá gcuid i réimse an iompair phoiblí, ó leasanna gnó, ó leasanna forbartha pobail, ó leasanna míchumais agus ó leasanna comhshaoil, mar aon le húsáideoirí iompair.



## **Cás-Staidéar** | Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl

Tionscnamh de chuid Spórt Éireann, le tacaíocht ón gclár Éire Shláintiúil, is ea 'Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl'. Is í Sléibhteoireacht Éireann a sholáthraíonn an tionscnamh. Bunaíodh an tionscnamh sa bhliain 2013, agus é mar chroí-aidhm leis iarrachtaí na ngníomhaireachtaí agus na n-eagraíochtaí uile ar spéis leo an siúl a chur chun cinn a thabhairt le chéile agus a éascú. Trí Straitéis nua an tionscnaimh don tréimhse 2022-2024 a chur chun feidhme agus faoin téama 'Comhshaol', tá sé mar aidhm leis an tionscnamh aghaidh a thabhairt ar thosca amhail rochtain, sábháilteacht, nascacht, soghluaisteacht, agus cáilíocht na ríochta poiblí, cosáin san áireamh. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh siúlóirí a nascadh le timpeallachtaí oiriúnacha siúil agus tathant a dhéanamh ar son feabhsuithe ar an mbonneagar coisithe agus ar bhealaí siúil áineasa.

Aithnítear sa tionscnamh go dtéann raon leathan tosca i bhfeidhm ar cé acu a roghnaíonn nó nach roghnaíonn daoine taisteal gníomhach mar mhodh iompair agus iniúchfar ann na réitigh atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna sin trí chomhairliúchán agus comhtháirgeadh le comhpháirtithe. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh cur leis an gcomhghuaillíocht áitiúil agus náisiúnta atá ar bun le pobail agus príomh-gheallsealbhóirí ar mhaithe le cuspóirí agus torthaí comhroinnte a bhaint amach.

Déanfar foirne uirlisí pobail a chomhfhorbairt chun cabhrú le ceannairí agus tathantóirí pobail siúl níos inbhuanaithe a spreagadh agus a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh sainaithint a dhéanamh ar thuilleadh áiteanna agus spásanna atá oiriúnach don siúl. I straitéis nua an tionscnaimh, cuirtear in iúl tiomantas chun ailíniú a dhéanamh ar straitéisí náisiúnta agus straitéisí áitiúla lena dtugtar tús áite don siúl agus patrúin lonnaíochta á ndearadh agus do bhonneagar inbhuanaithe a sholáthar atá sábháilte agus tarraingteach agus lena bhfreastalaítear ar úsáideoirí de gach cumas. Tionscnamh comhchosúil de chuid Spórt Éireann, an chláir Éire Shláintiúil agus Rothaíocht Éireann is ea 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht', agus táthar ag súil leis go bhfoilseofar Straitéis ina leith sin sa bhliain 2022.






## Taighde

Is gá tacú leis an mBeartas seo trí thaighde leanúnach a dhéanamh ar riachtanais ar mhaithe le heolas a dhéanamh don luach is fearr ó thaobh cistiúcháin agus infheistíochtaí de agus ar mhaithe le bonn fónta fianaise a sholáthar le haghaidh idirghabhálacha. Cé go bhfuil bonn láidir fianaise ann le haghaidh na hoibre beartais atá ann cheana, tá gá ann leis an méid sin a fhorbairt tuilleadh i réimse an taighde ar shoghluaisteacht inbhuanaithe agus ar an aeráid, á aithint go háirithe gurb ann d'acmhainn acadúil bheoga mhéadaitheach chun tacú leis sin. I measc na réimsí ríthábhachtacha le haghaidh taighde tá athrú iompraíochta san iompar, aistriú cóir san iompar, athléimneacht iompair, agus an timpeallacht thógtha.

Bíonn an Roinn Iompair agus a cuid gníomhaireachtaí ag gabháil do chláir éagsúla thaighde i réimse na soghluaisteachta inbhuanaithe agus na haeráide. Ina theannta sin, soláthraíodh cistiú méadaithe le haghaidh taighde agus bunaíodh feidhm thiomnaithe taighde aeráide laistigh den Roinn. Bíonn a cuid gníomhaireachtaí ag déanamh idirchaidreamh leis an lucht léinn agus leis an lucht tionscail freisin. Tá gá ann anois le líonra taighde iompair a fhorbairt, áit a dtabharfar le chéile na heintitis sin a bhfuil baint acu le taighde a choimisiúnú agus a dhéanamh. Beidh sé mar aidhm leis an líonra tosaíochtaí a chinneadh go straitéiseach chun tacú leis an mBeartas seo agus chun cistiú a bharrfheabhsú dá réir sin. Tacóidh an líonra leis na cláir thaighde atá ann cheana agus bainfidh sé leas as an saineolas atá ar fáil ar fud an lucht léinn agus an lucht tionscail in Éirinn agus i dtíortha eile araon.

Agus infheistíocht €35 billiún á déanamh i mbonneagar faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, tá sé tábhachtach a chinntiú trínár bpróisis bhreithmheasa tionscadal go rannchuideoidh infheistíochtaí iompair amach anseo lenár gceangaltais aeráide a chomhlíonadh agus go mbeidh siad dea-ailínithe leo. Le tacaíocht ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag déanamh athbhreithniú ar an gCód Caiteachais Phoiblí chun treisiú leis an acmhainn atá ag an Rialtas gnéithe comhshaoil a chur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta maidir le hinfheistíocht phoiblí. Féachfar san athbhreithniú sin ar na roghanna atá ar fáil chun cuntas a thabhairt ar rioscaí agus éiginnteacht aeráide agus chun tionchar comhshaoil na hinfheistíochta i mbonneagar poiblí a thomhas laistigh den phróiseas breithmheasa. Leagtar amach sa Chomhchreat Breithmheasa le haghaidh Tionscadail agus Cláir Iompair treoir maidir leis an mbonneagar iompair in Éirinn a bhreithmheas. Leis an gComhchreat Breithmheasa, cinntítear go ndéantar dianmheasúnú ar roghanna scéime agus tacaítear le breithniú cúramach a dhéanamh ar roghanna sula gceadaítear aon rogha ar leith. Nuashonrófar an Comhchreat Breithmheasa chun aird a thabhairt ar an bhfianaise agus an dul chun cinn modheolaíoch is ábhartha agus is infheidhme i réimse na soghluaisteachta inbhuanaithe.



CAIBIDIL

6

# Prionsabal 3: Soghluaisteacht atá Comhtháite ar Shlí Níos Fearr

# Réamhrá

***Tosca tábhachtacha maidir le húsáid na soghluaisteachta inbhuanaithe a mhéadú is ea an dóigh a leagaimid ár gcuid cathracha, bailte agus sráidbhailte amach agus an dóigh a nascaimid pobail lenár gcóras iompair. Ní mór pleanáil soghluaisteachta inbhuanaithe a bheith comhtháite ag gach céim de phleanáil úsáide talún – ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. Is féidir le pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair atá comhtháite lena chéile ar shlí níos fearr agus le forbairt atá dírithe ar an iompar cabhrú le gníomhú in aghaidh lonnaíochtaí scaipthe agus is féidir leo an córas iompair a eagrú ar shlí a gcabhraíonn le turais de charr a thiontú ina dturais taistil ghníomhaigh agus ina dturais iompair phoiblí. A bhuí le dlúthphobail, beidh daoine in ann taitneamhachtaí áitiúla a shroicheadh trí thuras gearr de shiúl na gcos nó de rothar. Is féidir le comharsanachtaí uirbeacha ard-dlúis atá lonnaithe feadh bealaí minice iompair phoiblí turais fhada a éascú gan aon spleáchas ar an gcarr príobháideach.***

Is iad feithiclí príobháideacha an deighleog is mó astaíochtaí den fhlít iompair. Beidh sé ríthábhachtach roghanna fiúntacha eile a sholáthar ar ghnáth-thurais de charr, go háirithe inár gcathracha, má táimid chun ár gcuspóirí aeráide a bhaint amach. Mar aon le modhanna taistil níos inbhuanaithe a chur chun cinn, is gá dúinn an líon ciliméadar a bhítear ag tiomáint i gcarranna a laghdú chun an laghdú riachtanach 51% in astaíochtaí iompair a bhaint amach. Is é atá i gceist leis sin laghdú a dhéanamh ar an ngá le taisteal agus ar an bhfad is gá do dhaoine a thaisteal trí fhorbairt a chomhdhlúthú. Beidh sé mar aidhm leis an mbeartas pleanála go fóill aghaidh a thabhairt ar ísealdlús/sraoilleáil fho-uirbeach, rud a mhéadaíonn an fad is gá do dhaoine a thaisteal agus ar féidir leis ar deireadh patrúin iompraíochta atá spleách ar an gcarr a dhaingniú. Gabhann a lán comhthairbhí leis an líon turas de charr a laghdú, lena n-áirítear sláinte a fheabhsú, plódú a laghdú agus pobail níos inrochtana agus níos beoga a chruthú

Tá an t-iompar casta de réir a chineáil, agus fadhbanna agus réitigh nua ag teacht chun cinn i gcónaí. Trí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nuálacha, ailíneofar seirbhísí soghluaisteachta inbhuanaithe chun iad a dhéanamh níos éifeachtúla, níos freagrúla agus níos so-úsáidte. Déanfar breithniú ar an dóigh is fearr chun cur chun cinn a dhéanamh ar ghlacadh scéimeanna soghluaisteachta comhroinnte agus ar chomhtháthú modhanna níos nuaí, amhail scútair leictreacha, le modhanna eile.

Forbraíodh dhá sprioc ardleibhéil chun cabhrú linn an prionsabal sin a chomhlíonadh.

## Soghluaisteacht atá Comhtháite ar Shlí Níos Fearr

### Spriocanna

**9. Pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú lena chéile ar shlí níos fearr ar gach leibhéal.**

**10. Soghluaisteacht chliste agus chomhtháite a chur chun cinn trí theicneolaíochtaí nuálacha agus trí rialáil chuí a fhorbairt.**



# Pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú lena chéile

SPRIOC 9

## Pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú lena chéile ar shlí níos fearr ar gach leibhéal

Tá sé mar aidhm le Sprioc 9 tacú le dlúthfhás agus le forbairt atá dírithe ar an iompar trí phleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair atá comhtháite lena chéile ar shlí níos fearr.

Aithnítear sa Phlean um Thithíocht do Chách gur cumasóir ríthábhachtach maidir le tithíocht nua a sholáthar is ea bonneagar iompair agus rochtain ar sheirbhísí iompair phoiblí. Trí chur chuige forbartha tithíochta atá dírithe ar an iompar a ghlacadh, beifear in ann pobail inbhuanaithe dhea-nasctha a chruthú, áit a mbeidh taisteal gníomhach indéanta agus tarraingteach do chuid mhór turas áitiúil agus a mbeidh iompar poiblí dea-chaighdeáin ar fáil chun turais fhada a éascú chuig na mór-lárionaid uirbeacha.

Chun pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair a fheabhsú tuilleadh ar mhaithe le cuspóir dlúthfháis an Chreata Náisiúnta Pleanála a bhaint amach, bunaíodh grúpa oibre chun breithniú a dhéanamh ar na deiseanna le haghaidh forbairt atá dírithe ar an iompar i mórlimistéir uirbeacha. Beidh an grúpa oibre sin faoi chomhchathaoirleacht ag an Roinn Iompair agus ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Foilseoidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Treoirlínte maidir le Dlúthlonnaíochtaí Inbhuanaithe, a ghabhfaidh ionad na dTreoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Forbairt Cónaithe Inbhuanaithe i Limistéir Uirbeacha a foilsíodh sa bhliain 2009. Cuirfear sna treoirlínte nua béim athnuaite ar dhlúthfhás, lena n-áirítear tosaíochtaí a bhaineann le forbairt láithreán athfhorbraíochta agus láithreán inlíonta, agus ar shíneadh uirbeach inbhuanaithe. Cuirfear an treoir maidir le dlús in oiriúint chun na cineálacha difriúla lonnaíochtaí agus comhthéacsanna atá ann a léiriú agus cuirfear béim athnuaite ar dhlús méadaithe úsáidí a bhaint amach i láithreacha lárnacha agus i ndlúthghaireacht do sheirbhísí iompair phoiblí ardchaighdeáin.

Cé go leagtar an straitéis náisiúnta spáis agus forbartha síos sa Chreat Náisiúnta Pleanála, tá ról lárnach le himirt ag na trí thionól réigiúnacha maidir le torthaí straitéiseacha náisiúnta an Chreata a bhaint amach ar an leibhéal réigiúnach. Gné lárnach de sin is ea na Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha





a forbraíodh do gach réigiún, agus iad ceaptha chun forbairt inbhuanaithe na réigiún sin a chur chun cinn agus chun sainaithint a dhéanamh ar bheartais agus tionscnaimh trínar féidir an beartas náisiúnta pleanála a sholáthar ar an leibhéal réigiúnach. Dá réir sin, leagtar síos sna Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha an creat le haghaidh pleananna forbartha ar leibhéal an údaráis áitiúil. De réir mar a athbhreithnítear na Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha ar aon dul leis an gcreat reachtúil ábhartha, oibreoidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair i gcomhar le gach tionól réigiúnach chun anailís a dhéanamh ar an acmhainneacht forbartha úsáide talún, bunaithe ar an rochtain ar an gcroíghréasán iompair phoiblí, mar atá beartaithe don réigiún don tréimhse ábhartha. San anailís sin, ba cheart sainaithint a dhéanamh ar na limistéir soláthar tithíochta atá suite laistigh de 1 km ó stadanna iompair phoiblí agus a bhfuil an acmhainneacht fáis is fearr acu. Déanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair moltaí do gach tionól réigiúnach maidir leis na láithreacha cuí le haghaidh forbartha sa réigiún agus maidir le haon bhearta tacaíochta a gcreideann sé gur cuí don tionól réigiúnach iad a ghlacadh sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach uaidh.

Tacófar le dlúthfhás uirbeach trí infheistíocht a dhéanamh i gcórais chomhtháite taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí ardchaighdeáin agus i saoráidí tacaíochta. Beidh an infheistíocht iompair sin bunaithe ar na straitéisí iompair limistéir cheannchathartha a forbraíodh, nó atá á bhforbairt, do na cúig chathair, ina leagtar amach an infheistíocht bheartaithe iompair sa taisteal gníomhach agus i seirbhísí bus agus iarnróid i ngach limistéar ceannchathartha thar thréimhse 20 bliain. Tá pleanáil iompair fhianaisebhunaithe phleantreoraithe den sórt sin ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus éascófar léi dlúthfhás inbhuanaithe inár gcathracha, bunaithe ar an gCreat Náisiúnta Pleanála agus ar na Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha. Forbraítear na straitéisí iompair limistéir cheannchathartha ar aon dul le treoirphrionsabail an Aontais Eorpaigh le haghaidh pleananna um shoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe.

Aithnímid go bhfuil éagsúlacht ann faoi láthair maidir leis an mbonn reachtúil ar a bhforbraítear na straitéisí iompair limistéir cheannchathartha. Tá bonn reachtúil follasach ann don straitéis iompair i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus tá ról reachtúil sonrach ag an Údarás Náisiúnta Iompair ina leith. Lasmuigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath, is ar bhonn neamhreachtúil a fhorbraíonn an tÚdarás na straitéisí iompair limistéir cheannchathartha i gcomhar leis na húdaráis áitiúla ábhartha agus le gníomhaireachtaí eile, Bonneagar Iompair Éireann ina measc. Ar aon dul leis an ngealltanas atá sa Chreat Náisiúnta Pleanála, déanfaimid na socruithe reachtúla atá i bhfeidhm

cheana féin le haghaidh pleanáil iompair i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath a leathnú chuig na cathracha uile in Éirinn chun treisiú leis na leibhéil chomhtháthaithe atá ann idir pleanáil spáis agus pleanáil iompair.


Lasmuigh de na cathracha, is é an toradh a bheidh ar na pleananna áitiúla iompair do na lárionaid réigiúnacha fáis agus do na príomhbhailte réigiúnacha ná go mbeifear in ann beartais náisiúnta agus réigiúnacha um úsáid talún agus iompar a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil. Beidh na pleananna sin bunaithe ar an treoir dar teideal Measúnacht Iompair Limistéarbhunaithe ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ó Bhonneagar Iompair Éireann.

Beidh ríthábhacht ag baint leis na straitéisí iompair limistéir cheannchathartha agus leis na pleananna áitiúla iompair maidir le comhordú a dhéanamh ar an obair a dhéanfar chun bonneagar iompair ilmhódaigh a sholáthar agus chun pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú lena chéile ar an leibhéal ceannchathartha agus ar an leibhéal áitiúil. Tacaítear iontu le coincheap na comharsanachta 10 nóiméad/15 nóiméad agus leis an gcur chuige um Thús Áite do Lár Bailte le haghaidh bailte agus sráidbhailte tuaithe a athghiniúint, a athdhaonrú agus a fhorbairt. Maidir leis sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh siopaí, deiseanna fostaíochta, seirbhísí áitiúla (amhail scoileanna agus ionaid sláinte) agus taitneamhachtaí lonnaithe go lárnach laistigh de phobail atá ann cheana nó de phobail atá beartaithe, áit a mbeidh siad so-rochtana.

Sa Chreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn, leagtar amach an creat le haghaidh infheistíocht a dhéanamh i gcóras iompair na hÉireann thar an gcéad 20 bliain eile chun tacú leis an gCreat Náisiúnta Pleanála. Tugtar i dtosaíochtaí infheistíochta an Chreata Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn breac-chuntas soiléir ar na príomhréimsí i ngréasán iompair na hÉireann ar gá infheistíocht a dhéanamh iontu chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amach anseo agus chun torthaí straitéiseacha náisiúnta an Chreata Náisiúnta Pleanála a éascú. Leagtar amach sna hordlathais mhódacha agus idirghabhála atá sainaitheanta sa Chreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn an dóigh a bhforbrófar an bonneagar riachtanach ar shlí éifeachtúil inbhuanaithe.

Mar aon lena chinntiú go n-infheisteoimid sna nithe cuí agus go mbeidh pleanáil iompair comhtháite le pleanáil úsáide talún, tá sé tábhachtach go ndéanfaí an infheistíocht iompair a sheicheamhú go cuí. Cuspóirí comhlántacha is ea gréasán iompair inbhuanaithe a fhorbairt agus dlúthfhás a sholáthar. Fágann an méid teoranta spáis uirbigh atá ar fáil go bhfuil taisteal gníomhach agus iompar poiblí ag teastáil chun dlúthfhás a sholáthar. Treisíonn na nithe sin lena chéile, áit a gcuireann na dlúis daoine níos airde de bharr

**Fíor 9:** *An t-ordlathas beartais agus an Beartas maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe*



dlúthfháis lena inmharthana a bhíonn na cineálacha modhanna iompair sin.

Cé go bhfuil dea-phleanáil iompair ag teastáil chun pleananna spáis a sholáthar, agus cé go bhfuil pleananna spáis ag teastáil chun dea-phleanáil iompair a dhéanamh, is amhlaidh, in éagmais pleanáil chúramach, gur féidir le hinfheistíochtaí lena gcabhraítear le cuspóirí áirithe a bhaint amach dochar a dhéanamh do chuspóirí eile. Is féidir le hinfheistíochtaí a bhfuil tionchar bunathraitheach acu ar nascacht idiruirbeach a bheith ina gcúis le sraoilleáil uirbeach, mar shampla. Is féidir iarmhairtí neamhbheartaithe den sórt sin a sheachaint trí phleanáil chuí agus trí chriosú cuí agus trína chinntiú go mbeidh pleanáil iompair agus pleanáil spáis 'seicheamhaithe' go cuí - is é sin le rá, a chinntiú go mbrúfar na spriocthorthaí pleanála spáis chun cinn mar thoradh ar an ord ina ndéantar infheistíochtaí. Fágann sé sin gur gá a chinntiú go mbeidh pleanáil forbartha comhordaithe agus comhtháite ar fud na hearnála iompair agus ar fud earnálacha eile. I gcomhairle leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, breithneoidh an Roinn Iompair an dóigh ar féidir treisiú sa treoir earnála uainn leis na ceanglais bhreithmheasa iompair a bhaineann le breithniúcháin spáis agus úsáide talún a mheasúnú. Is dóigh go gcuimseoidh sé sin breithniúcháin amhail seicheamhú, an fháil ar spásanna páirceála agus an dóigh a maolófar na drochthionchair a bheidh ag aon infheistíocht ar leith ar thorthaí straitéiseacha náisiúnta an Chreata Náisiúnta Pleanála.

## **Cás-Staidéar** | Tionscnamh an bhaile 10 nóiméad

Sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach ó Thionól Réigiúnach an Deiscirt agus sna Pleananna Straitéiseacha Limistéir Cheannchathartha do Chorcaigh, do Luimneach-Sionainn agus do Phort Láirge, leagtar síos fís go dtiocfaidh Réigiún an Deiscirt chun bheith ar cheann amháin de na réigiúin "is Cruthaithí", "is Nuálaí", "is Inchónaithe" agus "is Glaise" san Eoraip.

Trí Thionscadal MATCH-UP de chuid Interreg na hEorpa, rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt "Creat an Bhaile 10 Nóiméad" a fhorbairt i gcomhar le Arup chun cur chun feidhme a dhéanamh ar Bheartas Réigiúnach 176 – "Cathracha agus Bailte 10 Nóiméad" – sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach. Cuirtear soghluaisteacht thréscaoilteach chun cinn leis an gcoincheap sin, áit ar féidir le daoine gach seirbhís riachtanach a rochtain de shiúl na gcos/de rothar nó trí nasc iompair phoiblí laistigh de 10 nóiméad óna dteach. Gnóthaítear tairbhí eile amhail laghdú ar astaíochtaí agus feabhas ar shláinte, ar chomhfhorbairt áite agus ar cháilíocht na beatha ag an am céanna. Soláthraítear sa chreat modheolaíocht céim ar chéim d'údaráis áitiúla maidir le conas a gcuid cathracha agus bailte a léarscáiliú, ina dtugtar treoir maidir le ceantair a léarscáiliú, gréasáin siúil/rothaíochta a shamhaltú agus srianta agus feabhsuithe riachtanacha bonneagair a shainaithint. Is féidir le húdaráis áitiúla an creat a úsáid le haghaidh pleanáil inbhuanaithe cathracha agus bailte, agus an fhianaise eimpíreach riachtanach ann chun tacú le hiarratais ar chistiú do thionscnaimh shoghluaisteachta inbhuanaithe agus le pleananna áitiúla iompair agus straitéisí iompair limistéir cheannchathartha.




Leanann Tionól Réigiúnach an Deiscirt le buanna na gCathracha agus na mBailte 10 Nóiméad a chur in iúl, agus tacaíocht mhéadaitheach á fáil aige trí phleananna forbartha cathrach agus contae. Óstálfaidh Tionól Réigiúnach an Deiscirt ceardlanna foghlama i gcomhar leis an Roinn Iompair agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun eolas a mhéadú ar an tacaíocht beartais iompair, na huirlisí treorach – Creat na Cathrach agus an Bhaile 10 Nóiméad san áireamh – agus na sruthanna cistiúcháin a bheidh ar fáil do ghníomhartha soghluaisteachta inbhuanaithe i Réigiún an Deiscirt sa bhliain 2022.

[19] www.southernassembly.ie/eu-projects/MATCH-UP
[20] www.southernassembly.ie/regional-planning/rses-implementation/10-minute-towns

# Soghluaisteacht chliste

SPRIOC 10

## Soghluaisteacht chliste agus chomhtháite a chur chun cinn trí theicneolaíochtaí nuálacha agus trí rialáil chuí a fhorbairt

Tá sé mar aidhm le Sprioc 10 úsáid soghluaisteachta inbhuanaithe agus úsáid an chómhalartaithe idir modhanna difriúla a dhéanamh níos éasca trí infheistíocht a dhéanamh i réitigh chliste dhigiteacha. In éineacht le pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair atá comhtháite lena chéile ar shlí níos fearr, is féidir leis an dul chun cinn teicneolaíochta i réimse an iompair daoine a chumasú gluaiseacht go réidh ó mhodh amháin go ceann eile agus tacú le cur chuige uilethurais.

Is é is aidhm don chreat um rialáil soghluaisteachta inbhuanaithe uainn an paisinéir a chosaint, sábháilteacht a chinntiú agus oibriú éifeachtach seirbhísí agus gréasán soghluaisteachta inbhuanaithe a éascú. Beidh sé sin fós ina ghné thábhachtach den dóigh a ndéantar an earnáil soghluaisteachta inbhuanaithe a oibriú agus a rialáil. Tá gá ann freisin le hathrú agus le glacadh le teicneolaíochtaí nua agus leis an nuálaíocht, lena bhféadtar deiseanna a chruthú le haghaidh seirbhísí breisithe níos fearr agus a bhfuil an acmhainneacht acu tairbhí sóisialta agus tairbhí comhshaoil a bhaint amach. Ar aon dul leis na creataí reachtacha is infheidhme ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus in Éirinn, is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair an rialálaí reachtúil ar sheirbhísí iompair phoiblí agus tá freagrachtaí reachtúla breise air ar fud an Stáit i ndáil le ticéadú comhtháite, le táillí agus le bonneagar áirithe bus agus rothaíochta a sholáthar.

Cosúil lena lán cathracha idirnáisiúnta, bíonn soghluaisteacht chomhroinnte – amhail carranna comhroinnte, rothair chomhroinnte, seirbhísí fógartha síbe agus cineálacha eile micrea-shoghluaisteachta – ag dul i méid inár gcathracha. Tá samplaí rathúla de scéimeanna carranna agus rothar comhroinnte againn in Éirinn cheana féin, agus iad ar bun go príomha sna cúig chathair. Cé go bhfuil ról le himirt ag an tsoghluaisteacht chomhroinnte maidir le hathrú a






dhéanamh ar an dóigh a smaoinímid faoinár dtaisteal laethúil agus maidir leis an athrú sin a éascú, is gá rialáil chuí a bheith ann chun sábháilteacht a rathú, chun ár gcomhshaol a chosaint agus chun cosaint tomhaltóirí a chinntiú.

Tá an tóir ar chineálacha nua soghluaisteachta amhail scútair leictreacha agus rothair leictreacha ag méadú le blianta beaga anuas freisin. Mar aon le reachtaíocht a thabhairt isteach chun úsáid shábháilte scútar leictreach, cineálacha eile iompróirí cumhachtaithe pearsanta agus rothar leictreach a cheadú ar bhóithre poiblí, cuirfidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre bearta oideachasúla sonracha chun feidhme maidir le scútair agus scútair leictreacha a úsáid.

Tháinig an coincheap um Shoghluaisteacht ar Éileamh chun cinn le blianta beaga anuas mar uirlis chun aistriú modha a spreagadh trí fhaisnéis shaincheaptha agus iompar comhtháite a thairiscint d'úsáideoirí. Is minic a úsáidtear an téarma chun cur síos a dhéanamh ar aipeanna nó ardáin dhigiteacha lena dtairgtear raon roghanna iompair don úsáideoir san aon áit amháin nó ar shíntiúis lena dtugtar rochtain don úsáideoir ar an iompar trí tháille bhliantúil nó mhíosúil aonair a íoc.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag forbairt roinnt tionscadal lena réiteofar an bealach le haghaidh córas Soghluaisteachta ar Éileamh in Éirinn, lena n-áirítear Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile, Uathaimsiú Feithiclí agus aip uasghrádaithe Pleanálaí Turais Náisiúnta. Saineoidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair creat rialachais le haghaidh Soghluaisteacht ar Éileamh a chur chun feidhme agus a oibriú in Éirinn, ar creat é lena gcuimseofar na modhanna iompair uile ar fud na tíre. Agus an creat sin á fhorbairt againn, is gá dúinn a chinntiú nach méadófar plódú uirbeach mar thoradh ar aon chóras Soghluaisteachta ar Éileamh. Ba cheart do mhicrea-shoghluaisteacht agus do shoghluaisteacht chomhroinnte comhtháthú lenár gcóras iompair phoiblí agus í a chomhlánú, seachas áit an chórais a ghlacadh.

Mar thoradh ar oibritheoirí breise a bheidh ag soláthar seirbhísí iompair bus a thabhairt isteach agus mar thoradh ar an táille 90 nóiméad a thabhairt isteach i réigiún Bhaile Átha Cliath, a fhágfaidh go mbeifear in ann aistriú idir seirbhísí gan costas breise a íoc, tá gá ann le hionaid teagmhála le custaiméirí a chomhtháthú ar shlí níos fearr agus le socrú cumarsáide níos fearr a chruthú do phaisinéirí. In éagmais an chomhtháthaithe sin, is féidir go mbeidh ar chustaiméirí dul i dteagmháil le roinnt ionad teagmhála chun faisnéis a fháil agus chun fadhbanna a réiteach. Tá sé beartaithe ionad comhdhlúite teagmhála le custaiméirí a fhorbairt, ar ionad é a bheidh in ann déileáil go réidh le gach ceann de na fadhbanna a bhaineann le teagmháil le custaiméirí iompair phoiblí. Is é an toradh a bheidh air sin ná go simpleofar eispéireas an chustaiméara agus idirghníomhaíocht le custaiméirí trí phointe teagmhála aonair a sholáthar do chustaiméirí iompair phoiblí.

## **Cás-Staidéar** | Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile

Tá "Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile" ar cheann amháin de na naoi dtionscnamh atá mar chuid den chlár foriomlán BusConnects sna cúig chathair. A bhuí le córas uasghrádaithe ticéadaithe, éascófar raon éagsúil modhanna íocaíochta, lena n-áirítear fóin phóca agus cártaí dochair, agus comhlánófar struchtúr táillí níos simplí lena gcuirfear deireadh leis na pionóis a ghearrtar as roinnt turas a thógáil. A bhuí le ticéadú féinseirbhíse gan airgead tirim, laghdófar an líon idirghníomhaíochtaí am-íditheacha a dhéantar le tiománaithe agus cabhrófar le hagaí bordála a laghdú. Ní bheidh cárta ná ticéad réamhcheannaithe de dhíth ar phaisinéirí. Beidh siad in ann na meáin dá rogha a úsáid chun tapáil agus a mbealach a dhéanamh, rud a dhéanfaidh an t-iompar poiblí so-rochtana agus níos tarraingtí.

Maidir leis an trealamh ticéadaithe a sholáthrófar do BusConnects, beidh sé riachtanach go mbeifí in ann é a úsáid i ngach aon áit. Beidh an trealamh sin mar bhonn le haghaidh modhanna íocaíochta nua-aimseartha a thabhairt isteach ar fud gach modha iompair phoiblí. Éascófar ticéadú comhtháite réidh leis freisin. Le Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile, réiteofar an bealach le haghaidh Soghluaisteacht ar Éileamh a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin. Cumasóidh sé sin don Údarás Náisiúnta Iompair cuntas úsáideora aonair a thairiscint, rud ar féidir le custaiméirí é a úsáid chun teacht ar sheirbhísí iompair comhlántacha amhail comhroinnt rothar agus carranna.



Department of Transport
**gov.ie/transport**

**An Roinn Iompair**
Department of Transport